



Uimhir 23 de 1992

An tAcht Toghcháin, 1992
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 23 de 1992

AN tACHT TOGHCHÁIN, 1992

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

CUID I

GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.
4. Caiteachais.
5. Aisghairm.

CUID II

TOGHCHÓRAS AGUS CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ

6. Léiriú (*Cuid II*).
7. Toghthóirí uachtaráin a chlárú.
8. Toghthóirí Dála a chlárú.
9. Toghthóirí Eorpacha a chlárú.
10. Toghthóirí rialtais áitiúil a chlárú.
11. Forálacha ginearálta a bhaineann le clárú toghthóirí.
12. Measfar gnáthchónaí a bheith ar dhaoine áirithe sa Stát.
13. Clár na dtoghthóirí.
14. Ainmneacha a thairfeadh ar liosta na bpostvótálaithe.
15. Forlíonadh ar chlár na dtoghthóirí.

16. Liostaí toghthóirí a chur in ionad an dréachtchláir i gcás údarás clárúcháin sonraithe.
17. Liosta vótálaithe speisialta.
18. Treoracha a eisiúint.
19. Ainm toghlaigh athmheasta a thaifeadadh sa chlár.
20. Dualgais chláirúcháin.
21. Achomhairc.
22. Leasú ar alt 40 den Acht Oifigh Cúirte, 1926.
23. Leasú ar alt 1 den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.
24. Leasú ar an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986.

CUID III

CLÁRÚ PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA

25. Clár na bpáirtithe polaitíochta.
26. Leasú ar na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 agus 1984.

CUID IV

CEANTAIR VÓTAÍOCHTA AGUS ÁITEANNA VÓTAÍOCHTA

27. Léiriú (Cuid IV).
28. Ceantair vótaíochta agus áiteanna vótaíochta.
29. Socruithe sealadacha maidir le ceantair vótaíochta áirithe.

CUID V

CINN CHOMHAIRIMH

30. Cinn chomhairimh agus cinn chomhairimh chúnta, leaschinn chomhairimh agus cinn chomhairimh ghníomhacha.
31. Dualgas ginearálta an chinn comhairimh.
32. Caiteachais ceann comhairimh a íoc.

CUID VI

RÉ AGUS COMHALTAS NA DÁLA

33. An ré is faide don Dáil.
34. Éirí as comhaltas na Dála.
35. Duine a bheidh tofa do dhá thoghlach nó níos mó.
36. Atoghadh Chathaoirleach na Dála atá ag dul as oifig.

CUID VII

AN MODH TOGHCHÁIN

37. An córas toghcháin.
38. An modh vótála.

CUID VIII

AN TEASCAIRE I DTOGHCHÁN DÁLA

39. Eascairí a chur amach agus a fhreagairt.
40. Éifeacht lánscore na Dála ar eascairí áirithe.

CUID IX

DÍCHÁILIÚ DO CHOMHALTAS NA DÁLA

41. Dícháiliú do chomhaltas na Dála.
42. Scor de chomhaltas na Dála in imthosca áirithe.
43. Iarrthóirí i gcorrthoghcháin.

CUID X

AINMNIÚCHÁIN

44. Fógra toghcháin.
45. Gá le hainmniúchán.
46. Iarrthóirí a ainmniú.
47. Éarlais ó iarrthóirí.
48. Éarlais a thabhairt ar ais nó a dhiúscairt.
49. Na tráthanna chun ainmniúcháin a ghlacadh.
50. Páipéir ainmniúcháin a sheachadadh.
51. Páipéir ainmniúcháin a roghnú.
52. Rialú ar bhailíocht páipéar ainmniúcháin.
53. Ainmniúcháin a fhoilsiú.
54. Iarrthóireacht a tharraingt siar.
55. Tarraingt siar a fhoilsiú.
56. Ainmniúcháin a bhac.
57. Iarrthóirí a bheith i dteideal postais in aisce.
58. An nós imeachta i ndiaidh ainmniúcháin.

CUID XI

GNÍOMHAIRÍ IARRTHÓIRÍ

59. Gníomhairí a cheapadh.

60. Forálacha ginearálta maidir le gníomhairí.
61. Gan oifigigh a bheith ag gníomhú mar ghníomhairí d'iarrthóirí ná ag cur iarrthóireachtaí chun cinn, etc.

CUID XII

BÁS IARRTHÓRA NÓ BÁS AN CHATHAOIRLIGH AR AN DÁIL A
BHEIDH AG DUL AS OIFIG

62. Bás iarrthóra.
63. Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig d'fháil bháis.

CUID XIII

POSTVÓTÁIL

64. Vótáil leis an bpost.
65. Vótáil ag toghthóirí dá dtagraítear in *alt 12*.
66. Foirm an pháipéir ballóide agus na hadmhála.
67. Gníomhairí a bheith i láthair.
68. Postpháipéir bhallóide a eisiúint.
69. Boscaí ballóide postvótálaithe a chur ar fáil.
70. Cuirfear clúdaigh i mboscaí ballóide postvótálaithe.
71. Déileálfar le clúdaigh mar fhorchlúdaigh.
72. Nós imeachta ar chríochnú na vótaíochta.
73. Boscaí ballóide postvótálaithe a oscailt.
74. Admhálacha diúltaithe.
75. Cuirfear páipéir bhallóide i mboscaí ballóide.
76. Dualgais an chinn comhairimh i ndáil le doiciméid a bhaineann le postvótálaithe.
77. Míniú ar ghníomhaire.

CUID XIV

VÓTÁIL AG VÓTÁLAI THE SPEISIALTA

78. Léiriú (*Cuid XIV*).
79. Vótáil ag vótálaithe speisialta.
80. Oifigigh cheannais speisialta.
81. Páipéar ballóide etc. do vótálaithe speisialta.
82. Modh vótála ag vótálaithe speisialta.
83. Dualgais an oifigigh ceannais speisialta i ndáil le forchlúdaigh agus doiciméid eile.

84. Dualgais an chinn comhairimh i ndáil le doiciméid a bhaineann le vótálaithe speisialta.

CUID XV

VÓTAÍOCHT AR OILEÁIN

85. Vótaíocht roimh ré ar oileáin.
86. Vótaíocht ar oileáin; forálacha breise.

CUID XVI

SOCRUITHE LE HAGHAIDH NA VÓTAÍOCHTA

87. Fógra i dtaobh na vótaíochta.
88. Páipéir bhallóide.
89. An marc oifigiúil.
90. Boscaí ballóide.
91. Boscaí ballóide toghchán áitiúil a úsáid, etc.
92. Cártaí faisnéise vótaíochta.
93. Scoileanna agus áitribh phoiblí a úsáid.
94. Stáisiúin vótaíochta.
95. Oifigigh cheannais agus cléirigh vótaíochta.

CUID XVII

AN VÓTAÍOCHT

96. Tráthanna vótaíochta.
97. Oscailt na vótaíochta.
98. Daoine a ligean isteach i stáisiún vótaíochta.
99. Vótáil ag daoine atá ar fostú ag cinn chomhairimh.
100. Toghthóir ar a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp a údarú chun vótáil ag stáisiún vótaíochta eile.
101. An nós imeachta maidir le vótáil.
102. Páipéir bhallóide mhillte.
103. Vótáil ag toghthóirí atá dall, éagumasaithe nó neamhliteartha.
104. Pearsanaíocht líomhnaithe.
105. Duine a bhfuil pearsanaíocht déanta acu a ghabháil.
106. Ord a choimeád i stáisiún vótaíochta.
107. Vótaíocht a bhac.
108. Damáiste do stáisiún vótaíochta.
109. Boscaí ballóide nó páipéir bhallóide a scriosadh, etc.

110. Dualgais an oifigigh ceannais ar chríochnú na vótaíochta.

111. Ceart vótála.

CUID XVIII

SOCRUITHE DO CHOMHAIREAMH NA VÓTAÍ

112. Áit do chomhaireamh na vótaí.

113. Freastal le linn chomhaireamh na vótaí.

114. Réamhimeachtaí.

115. An t-am do chomhaireamh na vótaí.

116. Comhaireamh na vótaí a sheoladh.

117. Láimhsiú páipéar ballóide ag iarrthóirí nó ag gníomhairí.

CUID XIX

RIALACHA DO CHOMHAIREAMH NA VÓTAÍ

118. Léiriú (*Cuid XIX*).

119. An chéad chomhaireamh.

120. An cuóta.

121. Barrachas a aistriú.

122. Iarrthóir a eisiamh.

123. Vótaí a aistriú.

124. Na folúntais deiridh a líonadh.

125. Athchomhaireamh.

126. Toradh na vótaíochta a dhearbhú.

127. Fógra i dtaobh thorthaí an toghcháin.

128. Breith an chinn comhairimh.

CUID XX

DOICIMÉID A CHOIMEÁD, A INIÚCHADH AGUS A DHIÚSCAIRT

129. Doiciméid a choimeád agus a dhiúscairt.

130. Páipéir bhallóide a iniúchadh, etc.

131. Doiciméid áirithe eile a iniúchadh.

CUID XXI

ACHAINÍOCHA TOGHCHÁIN DÁLA

132. Toghcháin Dála a thabhairt faoi cheist.

CUID XXII

CIONTA TOGHCHÁIN

133. Cionta i ndáil le clárú toghthóirí.
134. Pearsanaíocht.
135. Breabaireacht.
136. Tionchar míchuí.
137. Sárú rúndachta.
138. Cionta a bhaineann le boscaí ballóide, páipéir bhallóide, páipéir ainmniúcháin, deimhnithe cleamhnachta polaitíochta, marcanna oifigiúla, etc.
139. Iompar mí-ordúil ag cruinniú toghcháin.
140. Ainm agus seoladh an chlóidóra agus an fhoilsitheora a fhágáil ar lar as doiciméid toghcháin Dála.
141. Iarrthóir a ainmniú nó a tharraingt siar gan toiliú uaidh.
142. Deimhniú cleamhnachta polaitíochta brionnaithe.
143. Dearbhú bréagach ar pháipéar ainmniúcháin.
144. Oifigeach do ghníomhú mar ghníomhaire d'iarrthóir nó chun iarrthóireacht a chur chun cinn.
145. Ainmniúchán nó vótaíocht a bhac.
146. Cur isteach ar pháipéir phostbhallóide nó iad a scriosadh.
147. Toghthóirí a bhac nó cur isteach a dhéanamh orthu.
148. Gníomhaire pearsanaíochta d'imeacht as stáisiúin vótaíochta gan chead.
149. Toirmeasc ar vótáil ag duine atá cláraithe mar thoghthóir nuair nach bhfuil sé i dteideal a bheith cláraithe amhlaidh.
150. Páipéir bhallóide á marcáil go neamhdhleathach ag daoine atá ag gníomhú mar chompánaigh.
151. Ráiteas bréagach i dtaobh iarrthóir do tharraingt siar nó d'fháil bháis.
152. Ráiteas míthreorach i dtaobh an phróisis vótála.
153. Láimhsiú páipéar ballóide ag iarrthóirí nó ag gníomhairí.
154. Iniúchadh neamhúdaráithe ar dhoiciméid.
155. Achainí a tharraingt siar go héillitheach.
156. Teorainn ama chun cion a ionchúiseamh.
157. Pionóis.
158. Cúiteamh i gcás go ndéantar cúiseamh áirithe go héagórach nó mura dtugtar ar aghaidh é.

159. Damáistí i leith sárú dualgais ag oifigigh, etc.
160. Deimhniú an chinn comhairimh le bheith ina fhianaise *prima facie*.

CUID XXIII

ILGHNÉITHEACH

161. Rúndacht.
162. Toirmeasc ar vóta a nochtadh.
163. Fógraí a fhoilsiú.
164. Oiriúnú nó modhnú i gcás éigeandáil nó deacracht speisialta a bheith ann.
165. Forálacha speisialta i gcás an lá vótaíochta céanna a bheith ann do dhá thoghchán nó níos mó.
166. Leasú ar Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937.
167. Leasú ar Acht Toghchán an Uachtaráin, 1937.
168. Leasú ar Acht an Reifrinn, 1942.
169. Leasú ar Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947.
170. Leasú ar an Acht Toghcháin, 1963.
171. Forléiriú ar thagairtí sna *hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992*.
172. Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.
173. Leasú ar an Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.
174. Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965.

AN CHÉAD SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR AGUS RIALACHÁIN A CHÚLGHAIRTEAR

CUID I

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

CUID II

RIALACHÁIN A CHÚLGHAIRTEAR

AN DARA SCEIDEAL

CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ

CUID I

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

CUID II

FORLÍONADH AR CHLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

CUID III

LIOSTA VÓTÁLAITHE SPEISIALTA

CUID IV

GINEARÁLTA

AN TRIÚ SCEIDEAL

ACHAINÍOCHA TOGHCHÁIN DÁLA

AN CEATHRU SCEIDEAL

FOIRMEACHA

CUID I

FOIRMEACHA AN EASCAIRE

CUID II

FOIRM AN PHÁIPÉIR BALLÓIDE



NA hAchtanna dá dTagraítear

<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	14 & 15 Vict., c. 93
<i>Election Commissioners Act</i> , 1852	15 & 16 Vict., c. 57
<i>Supreme Court of Judicature Act (Ireland)</i> , 1877	40 & 41 Vict., c. 57
<i>Parliamentary Elections and Corrupt Practices Act</i> , 1879	42 & 43 Vict., c. 75
<i>Corrupt and Illegal Practices (Prevention) Act</i> , 1883	46 & 47 Vict., c. 51
An tAcht Timpeal Toghachán, 1923	1923, Uimh. 12
An tAcht chun Droch-bhearta Toghacháin do Chosc, 1923	1923, Uimh. 38
An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926	1926, Uimh. 27
An tAcht Toghacháin (Leasú), 1933	1933, Uimh. 14
Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937	1937, Uimh. 30
Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile), 1937 go 1973	
Acht Toghachán an Uachtaráin, 1937	1937, Uimh. 32
Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991	
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
Acht an Reifrinn, 1942	1942, Uimh. 8
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947	1947, Uimh. 42
Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947 go 1972	
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Fhoireann Thithe an Oireachtais, 1959	1959, Uimh. 38
An tAcht Toghcháin, 1960	1960, Uimh. 43
An tAcht Toghcháin, 1963	1963, Uimh. 19
An tAcht Comharbais, 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1966	1966, Uimh. 1
An tAcht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967	1967, Uimh. 8
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1972	1972, Uimh. 4
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla, 1972	1972, Uimh. 12
Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986	
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1973	1973, Uimh. 3
An tAcht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973	1973, Uimh. 25
An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977	1977, Uimh. 30
Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978	1978, Uimh. 4
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1980	1980, Uimh. 40
An tAcht chun Droch-Bhearta Toghcháin a Chosc, 1982	1982, Uimh. 5
An tAcht Seirbhísi Poist agus Teileachumarsáide, 1983	1983, Uimh. 24
An tAcht um Thoghchán do Thionól na hEorpa, 1984	1984, Uimh. 6
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1985	1985, Uimh. 12
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1986	1986, Uimh. 12
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986	1986, Uimh. 35
An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1989	1989, Uimh. 8



Uimhir 23 de 1992

AN tACHT TOGHCHÁIN, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN TOGHTHÓIRÍ A CHLÁRÚ AGUS CHUN TOGHCHÁIN DO DHÁIL ÉIREANN A STIÚRADH AGUS DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ ACHTANNA TOGHCHÁN AN UACHTARÁIN, 1937 GO 1986, NA nACHTANNA UM THOGHCHÁIN DO THIONÓL NA hEORPA, 1977 GO 1986, ACHTANNA AN REIFRINN, 1942 GO 1992, ACHTANNA TOGHCHÁIN AN tSEANAID (COMHALTAÍ OLLSCOILE), 1937 GO 1973, ACHTANNA TOGHCHÁIN AN tSEANAID (ROLLA-CHOMHALTAÍ), 1947 GO 1972, NA nACHTANNA UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1963 GO 1991, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[5 *Samhain* 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Toghcháin, 1992, a ghairm den Acht seo.

*Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach feidhme.*

(2) Féadfar Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1992, a ghairm d'Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1986 agus de *Chuid II*, a mhéid a bhaineann sí le toghthóirí uachtaráin, agus de *Chuid XXIII*, a mhéid a bhaineann sí le toghcháin uachtaráin, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992, a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1986, agus de *Chuid II*, a mhéid a bhaineann sí le toghthóirí Eorpacha, agus de *Chodanna III* agus *XXIII*, a mhéid a bhaineann siad le toghcháin Eorpacha, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(4) Folóidh an comhlua “Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992” *Cuid XXIII*, a mhéid a bhaineann sí le reifrinn, agus forléireofar Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992 le chéile mar aon Acht amháin.

(5) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1992 a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1991 agus de *Chuid II*, a mhéid a bhaineann sí le toghthóirí rialtais áitiúil, agus de *Chuid XXIII*, a mhéid a bhaineann sí le toghcháin áitiúla, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(6) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas an t-alt seo, i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo.

(7) Aon ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (6)*, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo—

tá le “páipéar ballóide” an bhrí a shanntar dó le halt 88;

ciallaíonn “corrthoghchán” toghchán chun comhalta den Dáil a thoghadh chun folúntas a líonadh a tharla toisc duine do scor de bheith ina chomhalta den Dáil ar dhóigh seachas de chionn an Dáil a lánscor;

tá le “deimhniú cleamhnachta polaitíochta” an bhrí a shanntar dó le halt 46;

tá le “státseirbhíseach” agus le “státseirbhís” an bhrí chéanna, faoi seach, atá leo in Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, arna leasú le halt 17 den Acht um Fhoireann Thithe an Oireachtais, 1959;

tá le “forchlúdach” an bhrí a shanntar dó le *hailt 68* agus *81*;

ciallaíonn “Dáil” Dáil Éireann;

ciallaíonn “toghchán Dála” toghchán chun comhalta nó comhaltaí a thoghadh chun fónamh sa Dáil agus folaíonn sé corrthoghchán chomh maith le hollthoghchán;

ciallaíonn “toghthóir Dála” duine atá i dteideal vótáil i dtoghchán Dála;

tá le “Óglaigh na hÉireann” an bhrí a shanntar dó le halt 2 den Acht Cosanta, 1954;

ciallaíonn “toghchán”, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, toghchán Dála;

ciallaíonn “toghthóir”, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, toghthóir Dála;

tá le “Comhphobail Eorpacha” an bhrí chéanna atá leis in Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986;

ciallaíonn “toghchán Eorpach” toghchán sa Stát chun comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh agus ciallaíonn “toghthóir Eorpach” duine atá i dteideal vótáil i dtoghchán den sórt sin;

- ciallaíonn “Parlaimint na hEorpa” Parlaimint na gComhphobal Eorpach;
- ciallaíonn “lá eisiata” lá is Domhnach, Aoine an Chéasta nó lá a ndearbhaítear leis an Acht um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 gur lá saoire poiblí é, nó lá is lá saoire poiblí de bhua reachta nó forógra;
- ciallaíonn “olltoghchán” olltoghchán do chomhaltaí den Dáil arna dhéanamh de réir fho-alt 2° d’alt 3 d’Airteagal 16 den Bhunreacht;
- ciallaíonn “toghlímistéar áitiúil” an límistéar nó aon cheann de na límistéir (de réir mar is cuí) ar dá réir a dhéantar toghchán áitiúil;
- ciallaíonn “toghchán áitiúil” toghchán arna dhéanamh de bhun alt 81 den Acht Toghchán, 1963, nó toghchán nua de réir bhrí Chuid IV den Acht Rialtais Áitiúil, 1941;
- ciallaíonn “toghthóir rialtais áitiúil” duine atá i dteideal vótáil i dtoghchán áitiúil;
- ciallaíonn “Ballstát”, ach amháin in *alt 8*, Ballstát de na Comhphobail Eorpacha;
- ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil;
- tá le “náisiúnach Ballstáit”, ach amháin in *alt 8*, an bhrí a shanntar dó sna conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha;
- tá le “fógra toghchán” an bhrí a shanntar dó le *halt 44*;
- tá le “fógra i dtaobh na vótaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 87*;
- tá le “an marc oifigiúil” an bhrí a shanntar dó le *halt 89*;
- tá le “gníomhaire pearsanaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 60*;
- ciallaíonn “achainí” achainí arna tíolacadh don Ard-Chúirt faoin Acht seo;
- ciallaíonn “postvótálaí” duine a bhfuil a ainm taifeadta i liosta na bpostvótálaithe;
- tá le “bosca ballóide postvótálaithe” an bhrí a shanntar dó le *halt 69*;
- ciallaíonn “liosta na bpostvótálaithe” an liosta arna ullmhú de bhun alt 14;
- ciallaíonn “toghchán uachtaráin” toghchán chun duine a thoghadh chun oifig Uachtarán na hÉireann;
- tá le “toghthóir uachtaráin” an bhrí a shanntar dó le *halt 7*;
- tá le “an cuóta” an bhrí a shanntar dó le *halt 120*;
- ciallaíonn “Seanad” Seanad Éireann;
- ciallaíonn “vótálaí speisialta” duine a bhfuil a ainm ar áireamh sa liosta vótálaithe speisialta;
- ciallaíonn “liosta vótálaithe speisialta” an liosta vótálaithe arna ullmhú ag an údarás clárúcháin de bhun *alt 17*;
- tá le “na Conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” an bhrí chéanna atá leis in Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt do Chuid, d’alt, do Sceideal nó do chuid de Sceideal, is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo, nó do Sceideal nó do chuid de Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe;
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír, d’fhómhír nó do riail, is tagairt í d’fho-alt, do mhír, d’fhómhír nó do riail den fhoráil (lena n-áirítear Sceideal) ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe;
- (c) forléireofar tagairt d’aon achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin, nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo.

Rialacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe.

(2) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo (seachas rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 20*), leagfar faoi bhráid gach tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais.

4.—(1) Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(2) Déanfar na caiteachais a thabhóidh an Post de dhroim an Achta seo (is cuma an mbaineann na caiteachais sin le hiarrthóirí d’fheidhmiú an chirt chun postais in aisce a thugtar le *halt 57* nó an dtabhaítear thairis sin amhlaidh iad i ndáil le toghchán Dála) a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Aisghairm.

5.—Déantar leis seo na hachtacháin a luaitear i *gCuid I* den *Chéad Sceideal* a aisghairm, agus na rialacháin a luaitear i *gCuid II* den *Sceideal* sin a chúlghairm, a mhéid a shonraítear sa tríú colún den Sceideal sin.

CUID II

TOGHCHÓRAS AGUS CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ

Léiriú (*Cuid II*).

6.—Sa Chuid seo, agus sa Dara Sceideal—

ciallaíonn “toghlaigh”, de réir mar a éilíonn an comhthéacs, toghlach dá bhféadfar iarrthóirí a thoghadh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán Eorpach;

ciallaíonn “Dáilcheantar” toghlach dá bhféadfar iarrthóirí a thoghadh i dtoghchán Dála;

ciallaíonn “toghthóir”, ach amháin mar a n-éileoidh an comhthéacs a mhalaírt, toghthóir uachtaráin, toghthóir Dála, toghthóir Eorpach nó toghthóir rialtais áitiúil;

ciallaíonn “údarás áitiúil” comhairle contae, bardas contaebhuirge nó buirge eile, comhairle ceantair uirbigh agus coimisinéirí baile;

ciallaíonn “lia-chleachtóir” duine a bhfuil a ainm taifeadta i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí arna bhunú faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978;

ciallaíonn “ceantar vótaíochta” ceantar vótaíochta i scéim atá i bhfeidhm faoi *alt 28*;

ciallaíonn “an clár”, ach amháin mar a n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, clár na dtoghthóirí uachtaráin, Dála, Eorpacha agus rialtais áitiúil nó clár na dtoghthóirí uachtaráin nó clár na dtoghthóirí Dála nó clár na dtoghthóirí Eorpacha nó clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil agus, i gcás go n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh, folaíonn sé an forlíonadh ar an gclár, liosta na bpostvótálaithe agus an liosta vótálaithe speisialta;

ciallaíonn “limistéar clárúcháin” contae riaracháin nó contaebhuirge riaracháin;

ciallaíonn “údarás clárúcháin” comhairle contae nó bardas contaebhuirge;

ciallaíonn “an cláraitheoir contae” an cláraitheoir contae don chontae, don chontaebhuirge nó don limistéar eile atá comhtheorannach le limistéar clárúcháin nó atá ar áireamh ann nó duine a bheidh ceaptha nó ainmnithe faoi *Riail 24* den *Dara Sceideal*, chun dualgais chláraitheora contae a chomhlíonadh;

tá le “dáta cáilitheach” an bhrí a shanntar dó in *alt 11(2)*;

ciallaíonn “an dáta sonraithe”, i ndáil le haon chríoch, an dáta a shonraítear sa *Dara Sceideal* mar an dáta sonraithe chun na críche sin.

7.—(1) Beidh duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir uachtaráin i dtoghlach má tá ocht mbliana déag slán aige agus má bhí sé, ar an dáta cáilitheach—

Toghthóirí uachtaráin a chlárú.

(a) ina shaoránach d’Éirinn, agus

(b) ina ghnáthchónaí sa toglach sin.

(2) Chun críocha—

(i) *Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1992*,

(ii) *Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992*, agus

(iii) an Achta seo,

ciallaíonn “toghthóir uachtaráin” duine atá i dteideal vótáil i dtoghchán chun duine a thoghadh chun oifig Uachtarán na Éireann.

(3) In *Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1992*, ciallaíonn “toghthóir”, nuair a úsáidtear ina aonar é, duine a thuairiscítear i *bhfo-alt (1)*.

8.—(1) Beidh duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Dála i dtoghlach má tá ocht mbliana déag slán aige agus má bhí sé, ar an dáta cáilitheach—

Toghthóirí Dála a chlárú.

(a) ina shaoránach d’Éirinn, agus

(b) ina ghnáthchónaí sa toghlach sin.

(2) (a) I dteannta na ndaoine sin atá i dteideal a bheith cláraithe faoi *fho-alt (1)*, beidh duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Dála i dtoghlach más duine é a bhfuil ocht mbliana déag slán aige agus, ar an dáta cáilitheach—

(i) a chomhlíon ceanglas *fho-alt (1)(b)*, agus

(ii) a bhí—

(I) ina shaoránach Briotanach, nó

(II) ina náisiúnach de Bhallstát lenar bhain an fo-alt seo ar an dáta sin.

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le Ballstát atá, de thuras na huaire, ina ábhar do dhearbú faoi *fho-alt (3)*.

(3) Más é tuairim an Aire—

(a) go gcumasaítear, le dlí Ballstáit a bhaineann le toghadh chomhaltaí Pharlaimint Náisiúnta an Bhallstáit sin, nó le toghadh teachtaí nó ionadaithe eile sa Pharlaimint sin nó chuici, do shaoránaigh d'Éirinn vótáil i dtoghchán den sórt sin, toisc iad a bheith ina saoránaigh den sórt sin agus ina gcónaí sa Bhallstát sin, agus

(b) gurb ionann, nó gurb ionann go substaintiúil, forálacha an dlí sin lena gcumasaítear do shaoránaigh d'Éirinn a bhfuil cónaí orthu amhlaidh vótáil amhlaidh agus na forálacha lena gcumasaítear do náisiúnaigh an Bhallstáit sin vótáil amhlaidh,

féadfaidh an tAire le hordú a dhearbú gur Ballstát lena mbaineann *fo-alt (2)* an Ballstát sin.

(4) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, critéir nó nithe eile a shonrú ar a dtabharfar aird chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil duine, chun críche an ailt seo, ina náisiúnach de Bhallstát agus féadfar a fhoráil leis an ordú sin go mbainfidh forálacha an ordaithe le gach Ballstát nó le cibé Ballstát nó Ballstáit a bheidh sonraithe san ordú.

(b) Féadfar, le hordú faoin bhfo-alt seo, an míniú ar “saoránach Briotanach” i mír (a) d'*fho-alt (7)*, nó forálacha *mhír (b)* den *fho-alt sin (7)*, a leasú.

(c) San fo-alt seo—

ciallaíonn “Ballstát” Ballstát de na Comhphobail Eorpacha seachas an Stát;

ní fhorléireofar “náisiúnach de Bhallstát” mar ní a thagraíonn don Stát, ná mar ní a fholaíonn saoránach den Stát.

(5) I gcás—

(a) ordú faoi *fho-alt (4)* a bheith i bhfeidhm de thuras na huaire, agus

- (b) Ballstát lena mbaineann an t-ordú a bheith, de thuras na huaire, ina Bhallstát lena mbaineann *fo-alt (2)*,

forléireofar *clásal (II) d'fho-alt (2)(a)(ii)*, agus beidh éifeacht leis, faoi réir fhorálacha an ordaithe.

- (6) (a) Féadfaidh an tAire ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a chúlghairm nó a leasú.

- (b) I gcás go mbeartófar ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a dhéanamh, leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

- (7) (a) Faoi réir *fho-alt (4)*, san alt seo—

ciallaíonn “saoránach Briotanach” duine is saoránach Briotanach faoin Acht de chuid Pharlaimint na Breataine dá ngairtear an *British Nationality Act*, 1981;

ciallaíonn “Ballstát”, ach amháin i *bhfo-alt (4)*, Ballstát seachas an Stát nó an Ríocht Aontaithe;

ní fhorléireofar “náisiúnach de Bhallstát”, ach amháin i *bhfo-alt (4)*, mar ní a thagraíonn don Ríocht Aontaithe ná mar ní a fholáíonn saoránach Briotanach.

- (b) Maidir leis an tagairt i *mír (a)* don Acht de chuid Pharlaimint na Breataine atá luaite sa mhír sin, is tagairt í don Acht sin arna achtú ag an bParlaimint sin ar an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 1981.

9.—Beidh duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Eorpach i dtoghlach má tá ocht mbliana déag slán aige agus má bhí sé, ar an dáta cáilitheach, ina ghnáthchónaí sa toghlach sin agus go raibh sé—

Toghthóirí Eorpacha a chlárú.

- (a) ina shaoránach d'Éirinn, nó

- (b) ina náisiúnach de Bhallstát seachas an Stát.

10.—Beidh duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir rialtais áitiúil i dtoghlimistéir áitiúil má tá ocht mbliana déag slán aige agus má bhí sé, ar an dáta cáilitheach, ina ghnáthchónaí sa limistéar sin.

Toghthóirí rialtais áitiúil a chlárú.

11.—(1) (a) Ní chlárófar duine mar thoghthóir níos mó ná uair amháin in aon limistéar clárúcháin ná i níos mó ná limistéar amháin den sórt sin.

Forálacha ginearálta a bhaineann le clárú toghthóirí.

- (b) Más dealraitheach go bhféadfadh duine, *prima facie*, a bheith incháilithe lena chlárú i leith dhá áitreabh nó níos mó, is é an t-údarás clárúcháin a chinnfidh an cheist i dtaobh cé acu de na háitribh a ndéanfar é a chlárú ina leith, ach sin faoi réir aon rogha a léireoidh an duine sin.

- (c) I gcás na háitribh dá dtagraítear i mír (b) a bheith suite in dhá limistéar clárúcháin nó níos mó, déanfaidh an t-údarás clárúcháin do gach limistéar ar leith den sórt sin cibé bearta a mheas ann sé a bheith riachtanach chun a chinntiú nach gclárófar an duine i leith níos mó ná limistéar clárúcháin amháin den sórt sin.

- (d) Beidh éifeacht le forálacha *ailt 7, 8, 9* agus *10* faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo.
- (2) (a) Is é an dáta cáilitheach maidir le gach clár toghthóirí an dáta atá sonraithe chun na críche sin sa Dara Sceideal.
- (b) Chun críocha na Coda seo, áireofar gurb é is aois duine aois an duine sin ar an dáta atá sonraithe chun na críche sin sa Dara Sceideal.
- (3) Chun críocha na Coda seo—
- (a) Ní mheasfar gnáthchónaí a bheith tugtha suas ag duine má tá ar intinn aige cónaí a dhéanamh athuair laistigh d’ocht mí dhéag tar éis dó é a thabhairt suas,
- (b) aon ráiteas i scríbhinn ó dhuine á rá go bhfuil ar intinn aige cónaí a dhéanamh athuair laistigh d’ocht mí dhéag tar éis é a thabhairt suas, glacfar leis, cheal fianaise ar a mhalairt, mar ráiteas ceart.
- (4) (a) Más rud é go bhfuil toghthóir is comhalta lánaimseartha d’Óglaigh na hÉireann ina chónaí in aon bheairic nó áitreabh eile a úsáidtear chun críocha míleata agus go bhfuil áitreabh ann a mbeadh sé, murach a sheirbhís, ina ghnáthchónaí ann ar an dáta cáilitheach agus go ndéanann sé, tráth nach déanaí ná an dáta deiridh chun éilimh a dhéanamh ar chlárú, ráiteas i dtaobh an áitribh sin is déanaí a luaitear a thabhairt don údarás clárúcháin don limistéar clárúcháin ina bhfuil an t-áitreabh sin suite, glacfar leis an ráiteas, cheal fianaise ar a mhalairt, mar ráiteas ceart agus clárófar i leith an áitribh sin é.
- (b) (i) San fho-alt seo, ciallaíonn “comhalta lánaimseartha d’Óglaigh na hÉireann”—
- (I) comhalta de na Buan-Óglaigh, nó
- (II) oifigeach de na hÓglaigh Cúltaca atá ar fostú go leanúnach ar seirbhís mhíleata nó ar dualgas míleata i rith tréimhse ar lena linn atá forógra i bhfeidhm á údarú cúltaicairí a ghairm amach ar buanseirbhís, nó i rith tréimhse ar lena linn atá cúltaicairí gairthe amach ar buanseirbhís faoi alt 88 den Acht Cosanta, 1954, nó
- (III) cúltaicairí a gaireadh amach ar buanseirbhís.
- (ii) San fhomhír sin roimhe seo, tá le “na Buan-Óglaigh”, “oifigeach”, “na hÓglaigh Cúltaca” agus “cúltaicairí” na bríonna atá leo faoi seach san Acht Cosanta, 1954 agus tá le “forógra á údarú cúltaicairí a ghairm amach ar buanseirbhís” an bhrí atá le “forógra á údarú cúltaicairí a ghairm amach ar buan-tseirbhís” san Acht Cosanta, 1954.
- (5) I gcás, ar an dáta cáilitheach, go bhfuil duine á choinneáil in aon áitreabh faoi choimeád dlíthiúil, measfar, chun críocha an ailt seo, é a bheith ina ghnáthchónaí san áit ina mbeadh cónaí air murach é a bheith á choinneáil amhlaidh faoi choimeád dlíthiúil.

(6) I gcás, ar an dáta cáilitheach, go bhfuil duine ina othar nó ina iostaí in aon ospidéal nó teaghais do dhaoine a bhfuil míchumas meabhrach orthu nó in aon institiúid den tsamhail chéanna, measfar, chun críocha an ailt seo, é a bheith ina ghnáthchónaí—

- (a) i gcás gur féidir leis an údarás clárúcháin an áit ina mbeadh gnáthchónaí air a fhionnadh murach é a bheith ina othar nó ina iostaí den sórt sin — san áit sin.
- (b) i gcás nach féidir leis an údarás clárúcháin an áit a luaitear i mír (a) a fhionnadh — san áit deiridh a raibh cónaí air sular tháinig sé chun bheith ina othar nó ina iostaí den sórt sin.

12.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “údarás clárúcháin cuí” an t-údarás clárúcháin don limistéar ina bhfuil an t-áitreabh dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)* suite;

ciallaíonn “duine cáilithe” saoránach d’Éirinn a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige agus ar státseirbhíseach é agus ar comhalta de mhísean é agus atá, mar gheall ar cheanglais a chuid dualgas, ag fónamh lasmuigh den Stát de thuras na huaire;

ciallaíonn “comhalta de mhísean” duine—

- (a) a thagann faoi réim an mhínithe ar “comhaltaí an mhisiúin” atá i gCoinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta a rinneadh i Vín an t-ochtú lá déag d’Aibreán, 1961, mar atá leagtha amach sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967, nó
- (b) a thagann faoi réim an mhínithe ar “comhaltaí an phoist chonsalachta” atá i gCoinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta a rinneadh i Vín an ceathrú lá is fiche d’Aibreán, 1963 mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, nó
- (c) is comhalta de Bhuan-Mhísean ó Éirinn chuig eagraíocht idirnáisiúnta;

ciallaíonn “céile” duine is céile duine cáilithe agus is saoránach d’Éirinn agus a bhfuil 18 mbliana slán aige agus a chónaíonn leis an duine cáilithe lasmuigh den Stát.

(2) Chun críocha na Coda seo, measfar go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine a dheimhníonn don údarás clárúcháin cuí gur duine cáilithe é, agus ar chéile an duine sin, san áitreabh sa Stát ina mbeadh cónaí ar an duine cáilithe murach ceanglais a chuid dualgas.

(3) Féadfaidh duine cáilithe, tráth nach déanaí ná an dáta atá sonraithe chun na críche sin sa *Dara Sceideal*, ráiteas san fhoirm a ordóidh an tAire a chur chuig an údarás clárúcháin cuí, ar ráiteas é ina dtabharfár an fhaisnéis seo a leanas—

- (a) seoladh an áitribh sa Stát ina mbeadh cónaí air ar an dáta cáilitheach murach ceanglais a chuid dualgas, agus
- (b) sonraí i dtaobh a chéile (más ann).

Measfar gnáthchónaí a bheith ar dhaoine áirithe sa Stát.

(4) Maidir le gach ráiteas ó dhuine de bhun *alt 3*, déanfar deimhniú ó Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, ar deimhniú é a ordóidh an tAire, a chur ag gabháil leis á dheimhniú gur duine cáilithe é an duine sin.

(5) Maidir le ráiteas ó dhuine cáilithe i dtaobh an áitribh sa Stát ina mbeadh cónaí air ar an dáta cáilitheach, glacfar leis mar ráiteas ceart agus déanfar eisean agus a chéile (más ann) a chlárú i leith an áitribh sin.

(6) Aon duine a chuirfidh ráiteas chuig údarás clárúcháin de bhun *fho-alt (3)* den alt seo, déanfaidh sé aon fhaisnéis a éileoidh an t-údarás clárúcháin a sholáthar don údarás clárúcháin sin chun críocha an ailt seo agus beidh feidhm ag forálacha *alt 133(1)* maidir le héileamh ó údarás clárúcháin faoin alt seo.

Clár na dtoghthóirí.

13.—(1) Déanfar clár de réir limistéar clárúcháin, arb é a bheidh iontu contaetha riaracháin agus contaebhuirgí, a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain, is clár de dhaoine a bhí i dteideal a gcláraithe mar thoghthóirí ar an dáta cáilitheach agus, a mhéid a bhaineann sé le toghthóirí uachtaráin is é clár na dtoghthóirí uachtaráin é, a mhéid a bhaineann sé le toghthóirí Dála is é clár na dtoghthóirí Dála é, a mhéid a bhaineann sé le toghthóirí Eorpacha is é clár na dtoghthóirí Eorpacha é agus, a mhéid a bhaineann sé le daoine atá i dteideal vótáil i dtoghcháin áitiúla, is é clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil é.

(2) Tiocfaidh gach clár toghthóirí i bhfeidhm ar an dáta atá sonraithe chun na críche sin sa *Dara Sceideal* agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an lá roimh an dáta a dtiocfaidh an chéad chlár eile i bhfeidhm.

(3) Déanfar tagairt in aon achtachán láithreach (seachas an tAcht seo) do liostaí na dtoghthóirí a fhorléiriú, de réir mar is gá sa chás, mar thagairt don dréachtchlár arna ullmhú chun críocha na Coda seo, nó do liostaí na dtoghthóirí arna n-ullmhú, faoi *alt 16*, ag údarás clárúcháin is ábhar d’ordachán faoin alt sin.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)*, ciallaíonn “achtachán láithreach” achtachán a bheidh i ngníomh tráth rite an Achta seo.

Ainmneacha a thairfeadh ar liosta na bpostvótálaithe.

14.—Déanfar toghthóir a thairfeadh ar liosta na bpostvótálaithe más rud é—

(a) gur comhalta den Gharda Síochána é a dhéanann iarratas, tráth nach déanaí ná an lá deiridh chun éilimh a dhéanamh ar chlárú, ar é a thairfeadh amhlaidh, nó

(b) gur comhalta lánaimseartha d’Óglaigh na hÉireann é (arna mhíniú i *mír (b) d’fho-alt (4) d’alt 11*), nó

(c) gur duine é a meastar, de bhua *alt 12*, gnáthchónaí a bheith air in áitreabh sa Stát ar an dáta cáilitheach.

Forlíonadh ar chlár na dtoghthóirí.

15.—(1) Aon duine a bhí, ar an dáta cáilitheach i ndáil le clár toghthóirí, i dteideal a chláraithe mar thoghthóir, ach nach raibh cláraithe amhlaidh sa chlár sin, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an údarás clárúcháin ar a ainm a thairfeadh ar fhorlíonadh ar an gclár, agus cumhachtaítear leis seo don údarás clárúcháin an forlíonadh sin a ullmhú agus a fhoilsiú.

(2) Beidh feidhm ag forálacha Chuid II den *Dara Sceideal*—

- (a) maidir leis an údarás clárúcháin do dhéanamh breithniú ar iarratais faoi *fho-alt* (1) agus maidir leis an údarás clárúcháin do dhéanamh rialú ar na hiarratais sin,
- (b) maidir leis an rialú ar achomharc in aghaidh bhreith an údaráis clárúcháin, agus
- (c) maidir leis an údarás clárúcháin d’ullmhú agus d’fhoilsiú forlíonadh ar chlár na dtoghthóirí.

(3) Fionnfaidh an t-údarás clárúcháin, laistigh den tréimhse i ndiaidh fhoilsiú chlár na dtoghthóirí atá sonraithe chun na críche sin sa Dara Sceideal, an bhfuil gá le haon cheartuithe sa chlár mar gheall ar earráidí de chineál cléireachais nó clódóireachta nó mar gheall ar ainmneacha míchearta nó tuairiscí míchruinne agus, má fhionntar gur gá aon cheartuithe den sórt sin, foilseoidh an t-údarás clárúcháin liosta díobh agus measfar gur cuid de chlár na dtoghthóirí an liosta sin agus féadfaidh sé a bheith ina chuid d’aon fhorlíonadh arna ullmhú de bhun *fho-alt* (1).

(4) Measfar gur cuid de chlár na dtoghthóirí aon fhorlíonadh ar chlár na dtoghthóirí arna fhoilsiú ag an údarás clárúcháin faoi *fho-alt* (1).

(5) Aon iarratas ó dhuine ar a ainm a thaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár, arb iarratas é arna fháil ag an údarás clárúcháin an dóu lá déag nó dá éis (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta i dtoghchán nó i reifreann, ní bheidh éifeacht leis i ndáil leis an toghchán nó leis an reifreann sin.

16.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordachán, údarás clárúcháin nó údarás chlárúcháin a shonrú mar údarás nó mar údaráis a fhoilseoidh liostaí toghthóirí in ionad an dréachtchláir dá dtagraítear i *riail* 5(6) de *Chuid I* den *Dara Sceideal*.

Liostaí toghthóirí a chur in ionad an dréachtchláir i gcás údarás clárúcháin sonraithe.

(2) Is é a bheidh i liostaí na dtoghthóirí—

- (a) clár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm tráth foilsithe liostaí na dtoghthóirí (dá ngairtear Liosta A san Acht seo),
- (b) liosta de dhaoine (dá ngairtear Liosta B san Acht seo) atá, ar an dáta cáilitheach, i dteideal a gcláraithe mar thoghthóirí i leith áitreabh áirithe agus nach bhfuil a n-ainmneacha ar áireamh i Liosta A i leith na n-áitreabh sin, agus
- (c) liosta de dhaoine (dá ngairtear Liosta C san Acht seo) a bhfuil a n-ainmneacha ar Liosta A agus nach raibh, ar an dáta cáilitheach, i dteideal a gcláraithe mar thoghthóirí i leith na n-áitreabh a luaitear i liosta A.

(3) Féadfaidh an tAire ordachán faoin alt seo a thabhairt a mhinice is cuí leis.

- (4) (a) Féadfaidh an tAire ordachán faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar a fhoráil le hordachán faoin bhfo-alt seo go scoirfidh údarás clárúcháin is ábhar d’ordachán faoi *fho-alt* (1) de liostaí toghthóirí a fhoilsiú, agus go bhfoilseoidh an t-údarás clárúcháin sin dréachtchlár.

(5) I gcás ordachán faoi *fho-alt (1)* a bheith i bhfeidhm i leith údaráis clárúcháin, déanfar tagairt don dréachtchlár san Acht seo nó in aon achtachán eile a fhorléiriú mar thagairt do liostaí toghthóirí a mhéid a bhaineann sí leis an údarás clárúcháin sin.

Liosta vótálaithe speisialta.

17.—(1) Ullmhóidh an t-údarás clárúcháin liosta (dá ngairtear “liosta vótálaithe speisialta” san Acht seo) de dhaoine (dá ngairtear “vótálaithe speisialta” san Acht seo) atá i dteideal vótáil i dtoghchán Dála de réir fhorálacha Chuid XIV nó in aon toghchán eile nó reifreann eile de réir an Achta Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986, gan ainmneacha na vótálaithe speisialta a bhaint de chlár na dtoghthóirí.

(2) Taifeadfaidh an t-údarás clárúcháin sa liosta vótálaithe speisialta ainm gach toghthóra a dhéanfaidh iarratas chun é a thaifeadadh amhlaidh agus a dheimhneoidh don údarás clárúcháin—

(a) nach bhfuil ar a chumas dul chun vótáil é féin san áit vótaíochta dá cheantar vótaíochta mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas coirp a bheith air; agus

(b) gur dócha go mairfidh an tinneas coirp nó an míchumas coirp fad a leanfaidh an clár toghthóirí i bhfeidhm arb ina leith a dhéanfar an t-iarratas chun bheith taifeadta mar vótálaí speisialta.

(3) Is i cibé foirm a ordóidh an tAire a bheidh an liosta vótálaithe speisialta.

(4) Beidh feidhm ag *Cuid III* den *Dara Sceideal* maidir le hiarratas chun bheith taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta de bhun *fho-alt (2)*.

Treoracha a eisiúint.

18.—(1) Féadfaidh an tAire, aon uair is cuí leis déanamh amhlaidh, cibé treoracha i ndáil le clárú toghthóirí a mheasfaidh sé is gá nó is fóirsteanach a eisiúint chuig gach údarás clárúcháin, nó chuig aon údarás nó údarás clárúcháin, chun a chinntiú go ndéanfar toghthóirí a chlárú go rianúil agus go heifeachtúil agus go héifeachtach agus chun comhionannas sa nós imeachta ina leith sin i ngach limistéar clárúcháin a áirithiú.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, is é dualgas gach údaráis clárúcháin na treoracha go léir a thabharfaidh an tAire dó a urramú agus a chomhlíonadh.

(3) Ní cheanglófar ar aon údarás clárúcháin, ná ní údarófar dó, le treoir arna tabhairt ag an Aire faoin alt seo, aon ní a dhéanamh (trí ghníomh nó trí neamhghníomh) atá contrártha don Acht seo.

Ainm toghlaigh athmheasta a thaifeadadh sa chlár.

19.—I gcás, mar gheall ar thoghlaigh a athmheas, go bhfuil ceantar vótaíochta nó cuid de cheantar vótaíochta suite i dtoghlaigh nua, agus nach ionann achar ná ainm dó nó di agus achar nó ainm aon cheann de na toghlaigh a bhí ann díreach roimh an athmheas sin, féadfaidh an tAire a fhoráil le hordachán go ndéanfar ainm an toghlaigh nua sin a thaifeadadh maidir leis an gceantar vótaíochta, nó leis an gcuid den cheantar vótaíochta, i gclár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm tráth an athmheasa agus i ngach clár den sórt sin a thiofadh i bhfeidhm i ndiaidh an athmheasa sin.

Dualgais chlárúcháin.

20.—(1) Is é dualgas gach údaráis clárúcháin clár na dtoghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú de réir fhorálacha an *Dara Sceideal*.

(2) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, forálacha an *Dara Sceideal* a leasú aon uair agus a mhinice is cuí leis.

(3) I gcás go mbeartófar rialacháin faoin alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht de na rialacháin sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(4) (a) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar an chlódóireacht nó an t-atáirgeadh eile go léir is gá chun críocha clárúcháin ar cibé modh is cuí leis.

(b) Féadfaidh an tAire, trí shocruithe a dhéanfar le cead an Aire Airgeadais, a áirithiú go n-íocfaidh an Stát trí cheathrú den chostas iomlán a bhainfidh le hullmhú agus foilsiú chlár na dtoghthóirí agus, faoi réir an mhéid sin roimhe seo, is iad na húdaráis chlárúcháin a íocfaidh an costas.

(5) (a) D'ainneoin fhorálacha *mhír (b) d'fho-alt (4)*, i gcás, i dtuairim an Aire, go bhfuil forais réasúnacha ann chun é a dhéanamh, féadfaidh sé a chur faoi deara go n-íocfaidh údarás clárúcháin cion níos mó den chostas a bhainfidh le hullmhú agus foilsiú an chláir ná an cion dá bhforáiltear sa *mhír sin (b)*.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh an tAire, faoin bhfo-alt seo, a chur faoi deara go n-íocfaidh an t-údarás clárúcháin cion níos mó den chostas a bhainfidh le hullmhú agus foilsiú an chláir ná an cion dá bhforáiltear faoi *fho-alt (4)*, i gcás, i dtuairim an Aire—

(i) go bhfuil moill mhíchui ann maidir le foilsiú an dréachtchláir nó an chláir nó an liosta éileamh, ar moill í is inchurtha i leith an údaráis clárúcháin, nó

(ii) go bhfuil easnaimh ann sa chlár, arb easnaimh iad is inchurtha i leith an údaráis clárúcháin.

(c) I gcás go mbeartóidh an tAire a chur faoi deara, faoi bhfo-alt seo, go n-íocfaidh an t-údarás clárúcháin cion níos mó den chostas a bhaineann le hullmhú agus foilsiú an chláir ná an chion dá bhforáiltear faoi *fho-alt (4)*, cuirfidh sé faoi deara an chúis atá leis sin a thabhairt don údarás clárúcháin.

21.—(1) Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda i gcoinne aon bhreithe a tugadh ar aon éileamh nó agóid a breithníodh faoi *Chuid I* den *Dara Sceideal*, nó ar aon iarratas nó agóid a breithníodh faoi *Chuid II* den *Dara Sceideal* sin. Achomhairc.

(2) Beidh *fo-alt (1)* faoi réir an choinníll nach bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcás nár bhain éilitheoir nó agóideoir nó iarratasóir leas as deis dá bhforáiltear sa *Dara Sceideal* chun a éileamh nó a agóid nó a iarratas a chur faoi bhreith, ar an gcéad ásc, ag an údarás atá sonraithe chuige sin sa *Sceideal* sin.

(3) Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ar aon phonc dlí i gcoinne breithe ón gCúirt Chuarda ar aon achomharc den sórt sin, ach amháin faoi mar a dúradh roimhe seo, ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh i gcoinne aon bhreithe den sórt sin.

(4) Ní dochar do cheart vótála aon duine a bhfuil a ainm ar chlár na dtoghthóirí de thuras na huairé achomharc faoin alt seo a bheith ar feitheamh, agus beidh aon vóta arna thabhairt de bhun an chirt sin chomh bailí is dá mba rud é nach raibh aon achomharc den sórt sin ar feitheamh, agus ní dhéanfaidh an bhreith ina dhiaidh sin ar an achomharc aon difear dó.

(5) Déanfar fôgra faoi bhreith na Cúirte Cuarda nó na Cúirte Uachtaraí ar aon achomharc faoin alt seo a chur chuig an údarás clárúcháin ar an tslí dá bhforáiltear le rialacha cúirte agus déanfaidh an t-údarás clárúcháin cibé athruithe i gclár na dtoghthóirí a mbeidh gá leo chun éifeacht a thabhairt don bhreith.

Leasú ar alt 40 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.

22.—Leasaítear leis seo alt 40 (6) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926, arna leasú le halt 7(7) den Acht Toghcháin, 1963, trí “de bhun an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992” a chur in ionad “faoi na rialacháin a bheidh déanta de bhun alt 7 den Acht Toghcháin, 1963”.

Leasú ar alt 1 den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.

23.—Leasaítear leis seo alt 1 den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, arna leasú le halt 23 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “liosta na bpostvótálaithe”:

“ciallaíonn ‘liosta na bpostvótálaithe’ an liosta arna ullmhú de bhun alt 14 den Acht Toghcháin, 1992;”.

Leasú ar an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986

24.—(1) Leasaítear leis seo alt 1 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “liosta vótálaithe speisialta”:

“ciallaíonn ‘liosta vótálaithe speisialta’ an liosta vótálaithe arna ullmhú ag an údarás clárúcháin de bhun alt 17 den Acht Toghcháin, 1992.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 16 (1) den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986, trí “alt 12 den Acht Toghcháin, 1992” a chur in ionad “alt 15 den Acht seo”.

CUID III

CLÁRÚ PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA

Clár na bpáirtithe polaitíochta.

25.—(1) (a) An duine a bheidh de thuras na huairé i seilbh oifig Chléireach na Dála, is é is Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta chun críocha an ailt seo.

(b) I gcás go mbeidh agus fad a bheidh oifig Chléireach na Dála folamh nó nach mbeidh sealbhóir na hoifige sin in ann, toisc é a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile, a dhualgais a chomhlíonadh, gníomhóidh Leas-Chléireach na Dála mar Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta chun críocha an ailt seo.

(c) Sna fo-ailt sin ina dhiaidh seo den alt seo, ciallaíonn “an Cláraitheoir” Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta chun críocha an ailt seo nó Leas-Chléireach na Dála ag gníomhú dó mar Chláraitheoir den sórt sin (de réir mar is cuí).

(2) Féadfaidh páirtí polaitíochta iarratas a dhéanamh chuig an gCláráitheoir chun bheith cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta mar pháirtí—

- (a) atá arna eagrú sa Stát chun dul san iomaidh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán Eorpach nó i dtoghchán áitiúil, nó
- (b) atá arna eagrú i gcuid den Stát, a bheidh sonraithe san iarratas, chun dul san iomaidh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán Eorpach nó i dtoghchán áitiúil.

(3) Déanfaidh an Cláráitheoir clár (ar a dtabharfar Clár na bPáirtithe Polaitíochta) a ullmhú agus a chothabháil ina gcláróidh sé, faoi réir na bhforálacha sin ina dhiaidh seo den alt seo, aon pháirtí polaitíochta—

- (a) a dhéanfaidh iarratas chuige ar chláru, agus
- (b) atá, ina thuairim—
 - (i) ina pháirtí polaitíochta fíorcheart, agus
 - (ii) arna eagrú sa Stát nó i gcuid den Stát chun dul san iomaidh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán Eorpach nó i dtoghchán áitiúil.

(4) Déanfar na sonraí seo a leanas a thairfeadh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta maidir le páirtí polaitíochta atá cláraithe ann—

- (a) ainm an pháirtí,
- (b) seoladh cheannoifig an pháirtí,
- (c) ainm nó ainmneacha an oifigigh nó na n-oifigeach don pháirtí atá údaraithe chun deimhnithe lena bhfíordheimhnítear iarrthóireacht iarrthóirí an pháirtí i dtoghcháin a shíniú,
- (d) an cineál nó na cineálacha toghcháin a bhfuil an páirtí cláraithe ina leith mar pháirtí atá arna eagrú chun dul san iomaidh ann,
- (e) i gcás páirtí a bheith cláraithe mar pháirtí atá arna eagrú chun dul san iomaidh i dtoghchán i gcuid áirithe den Stát, tagairt don mhéid sin.

(5) I gcás go ndéanfaidh páirtí, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta mar pháirtí atá arna eagrú chun dul san iomaidh i dtoghchán Eorpach, a dheimhniú don Chláráitheoir go bhfuil comhalta den pháirtí, arb ionadaí é i bParlaimint na hEorpa, ina chomhalta de ghrúpa polaitíochta a bunaíodh de réir rialacha nós imeachta na Parlaiminte, déanfaidh an Cláráitheoir ainm an ghrúpa a thairfeadh sa Chlár i ndáil leis an bpáirtí.

(6) Ní chlárfar páirtí polaitíochta i gClár na bPáirtithe Polaitíochta i gcás, maidir le hainm an pháirtí sin—

- (a) gurb ionann é agus ainm aon pháirtí atá cláraithe cheana féin i gClár na bPáirtithe Polaitíochta nó go bhfuil sé, i dtuairim an Chláráitheora, chomh cosúil sin leis an ainm sin gur dóigh dó daoine a chur ar míthreoir, a mhearú nó a mheabhlú,
- (b) go bhfuil sé rófhada, i dtuairim an Chláráitheora, nó

(c) i gcás páirtí nach bhfeidhmíonn ach i leith cuid áirithe den Stát, nach bhfuil tagairt ann don chuid sin, ar tagairt í de chineál a léiríonn, i dtuairim an Chláraitheora, go bhfeidhmíonn an páirtí amhlaidh.

(7) Aon pháirtí polaitíochta a bheidh cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, cuirfidh sé in iúl ó am go ham don Chláraitheoir ainm nó ainmneacha an oifigigh nó na n-oifigeach dá dtagraítear i *mír (c) d'fho-alt (4)*.

(8) Déanfaidh an Cláraitheoir, maidir le gach páirtí atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a fhiafraí i scríbhinn, uair amháin sa bhliain ar a laghad, d'oifigeach don pháirtí dá dtagraítear i *mír (c) d'fho-alt (4)* an dteastaíonn ón bpáirtí leanúint de bheith cláraithe agus, mura bhfaighidh sé freagra dearfach ar an bhfiafraí sin laistigh de lá is fiche ón lá a dhéantar an fiafraí sin, cealóidh sé clárú an pháirtí atá i gceist.

(9) (a) A luaithe a bheidh breithniú déanta aige ar iarratas ar chlárú faoin alt seo, déanfaidh an Cláraitheoir an rialú scéala chuig an iarratasóir faoin rialú a bheartaíonn sé a dhéanamh ar an iarratas (agus cúiseanna á lua aige i gcás diúltú) a chur in iúl don iarratasóir agus cuirfidh sé faoi deara fógra ina thaobh sin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus féadfaidh aon duine arb éagóir leis rialú beartaithe an Chláraitheora achomharc a dhéanamh chuig bord achomhairc faoin alt seo laistigh de na cúig lá díreach tar éis an dáta a fhoilseofar an fógra sin san Iris Oifigiúil.

(b) I gcás nach ndéantar aon achomharc faoin bhfo-alt seo laistigh den tréimhse a shonraítear i *mír (a)*, tiocfaidh an rialú beartaithe, air sin, chun bheith ina rialú críochnaitheach agus cuirfidh an Cláraitheoir an méid sin in iúl don iarratasóir.

(c) Is iad a bheidh ar an mbord achomhairc Breitheamh den Ard-Chúirt (atá le hainmniú ag Uachtarán na hArd-Chúirte) agus beidh seisean ina chathaoirleach ar an mbord achomhairc, Cathaoirleach na Dála (nó i gcás nach bhfuil sé in ann a dhualgais a chomhlíonadh, toisc é a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile, nó go bhfuil oifig an Chathaoirligh folamh, Leas-Chathaoirleach na Dála) agus Cathaoirleach an tSeanaid (nó i gcás nach bhfuil sé in ann a dhualgais a chomhlíonadh toisc é a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile, nó go bhfuil oifig an Chathaoirligh folamh, Leas-Chathaoirleach an tSeanaid).

(d) Ní bhreithneoidh an bord achomhairc achomharc faoin alt seo mura rud é, an tráth a dhéanfar an t-achomharc, go ndéanfaidh an t-achomharcóir éarlais £500 a thaisceadh, nó go ndéanfar éarlais £500 a thaisceadh thar a cheann, leis an mbord achomhairc agus, tar éis an t-achomharc a chinneadh, tabharfar an tsuim sin ar ais don duine a rinne é, mura rud é gur dóigh leis an mbord achomhairc go bhfuil an t-achomharc suaibhreasach nó cráiteach agus go n-ordóidh sé go bhforghéillfear an éarlais.

(e) Déanfar éarlais a fhorghéillfear faoin alt seo a dhiúscairt ar cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais.

(f) Is breith chríochnaitheach breith an bhoird achomhairc agus comhlíonfaidh an Cláraitheoir í.

(g) Is i scríbhinn a bheidh achomharc faoin alt seo agus leagfar amach ann na forais atá leis, agus déanfar é trína thaisceadh, i dteannta na héarlaise dá dtagraítear i mír (d), in oifig an Chláraitheora.

(10) (a) I gcás gur dealraitheach don Chláraitheoir nach bhfuil páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta i dteideal a bheidh cláraithe amhlaidh déanfaidh sé, tar éis cibé fiosrúcháin is cuí leis, fógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil á rá go bhfuil ar intinn aige clárú an pháirtí a chealú.

(b) Beidh feidhm ag *fo-alt* (9) maidir le hintinn faoin bhfo-alt seo sa tslí chéanna a bhfuil feidhm aige maidir le rialú faoin *bhfo-alt* sin (9).

(c) I gcás páirtí a bheidh cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, ní dhéanfaidh aon achomharc atá ar feitheamh faoin bhfo-alt seo difear do chlárú an pháirtí..

(11) Déanfaidh an Cláraitheoir cóip de Chlár na bPáirtithe Polaitíochta a chothabháil ina oifig agus ceadóidh sé d'aon duine an chóip sin a iniúchadh cibé tráthanna agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gCláraitheoir agus cóip di a thógáil ar tháille a íoc nach mó ná costas réasúnta na cóipeála.

(12) Féadfaidh an Cláraitheoir a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis a thabhairt atá á sealbhú ag an duine agus a theastaíonn ón gCláraitheoir chun críche a dhualgas faoin alt seo.

(13) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas i ndáil le páirtí atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta—

(a) i gcás an páirtí a bheidh cláraithe mar pháirtí atá arna eagrú chun dul san iomaidh i dtoghcháin de chineál nó de chineálacha áirithe, ní bheidh éifeacht leis an gclárú ach amháin i ndáil le toghcháin den chineál nó de na cineálacha lena mbaineann;

(b) i gcás go mbeidh tagairt in ainm an pháirtí ar tagairt í a léiríonn nach bhfeidhmíonn an páirtí ach amháin i gcuid áirithe den Stát, ní bheidh éifeacht leis an gclárú ach amháin i ndáil leis an gcuid sin den Stát.

(14) Ar an tríú lá (gan aon lá eisiata a áireamh) i ndiaidh an lae a chuirtear eascaire nó eascairí amach faoi *alt 39*, cuirfidh an Cláraitheoir cóip de Chlár na bPáirtithe Polaitíochta mar a bheidh i bhfeidhm an tráth sin chuig an gceann comhairimh nó chuig gach ceann comhairimh.

(15) Déanfaidh an tAire Airgeadais méid a chuid muirear réasúnach, ar méid é nach mó ná cibé méid a bheidh ceadaithe ag an Aire sin i leith chomhlíonadh a dhualgas faoin alt seo ag an gCláraitheoir, a íoc leis an gCláraitheoir as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(16) Measfar gurb é Clár na bPáirtithe Polaitíochta mar a bheidh i bhfeidhm tráth thosach feidhme an ailt seo Clár na bPáirtithe Polaitíochta arna ullmhú agus arna chothabháil faoin alt seo.

Leasú ar na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 agus 1984.

26.—(1) Leasaítear leis seo an tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977—

(a) trí “de bhun *alt 25(4)(c)* den *Acht Toghcháin, 1992*” a chur in ionad “de bhun *alt 13(3)(c)* den *Acht Toghcháin, 1963*, nó de bhun an ailt sin arna chur chun feidhme le halt 8(4) den Acht seo” i bhfo-alt (2)(a)(ii) d’alt 15 (arna leasú le halt 6 den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984), agus

(b) trí “alt 25(4)(c) den *Acht Toghcháin, 1992*” a chur in ionad “alt 13(3)(c) d’Acht 1963, nó de bhun an ailt sin arna chur chun feidhme le halt 8 den Acht seo” i riall 4(4) den Chéad Sceideal.

(2) Leasaítear leis seo alt 4 den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984, trí “de bhun *alt 24(4)(c)* den *Acht Toghcháin, 1992*” a chur in ionad “de bhun *alt 13(3)(c)* den *Acht Toghcháin, 1963*, nó de bhun an ailt sin arna chur chun feidhme le halt 8(4) den *Phríomh-Acht*” i mír (a) d’fho-alt (1).

CUID IV

CEANTAIR VÓTAÍOCHTA AGUS ÁITEANNA VÓTAÍOCHTA

Léiriú (*Cuid IV*).

27.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “údarás áitiúil” comhairle contae nó bardas contaebhuirge.

Ceantair vótaíochta agus áiteanna vótaíochta

28.—(1) Déanfaidh gach údarás áitiúil scéim, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Coda seo, agus uair amháin ar a laghad gach deich mbliana dá éis sin, tar éis dul i gcomhairle leis an gceann comhairimh do thoghcháin Dála i leith an chontae nó na contaebhuirge agus de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire, ar scéim í lena roinnfear an contae nó an chontaebhuirge ina cheantair vótaíochta nó ina ceantair vótaíochta chun críocha toghchán Dála, toghchán Eorpach agus toghchán áitiúil agus lena gceapfar áit vótaíochta do gach ceantar vótaíochta.

(2) Tiocfaidh scéim arna déanamh ag an údarás áitiúil faoin alt seo i ngníomh—

(a) i gcás, agus sa chás sin amháin, go ndéanann an tAire í a dhaingniú faoin gcéad fho-alt eile, agus

(b) ar an lá a shonróidh an tAire chuige sin.

(3) A luaithe is féidir tar éis dóibh scéim a dhéanamh faoin alt seo, cuirfidh an t-údarás áitiúil an scéim faoi bhráid an Aire lena daingniú agus déanfaidh an tAire—

(a) an scéim a dhaingniú, fara modhnú nó gan mhodhnú, nó

(b) a threorú go gcuirfear faoina bhráid arís í i bhfoirm mhodhnaithe lena daingniú, nó

(c) diúltú í a dhaingniú.

(4) Leanfaidh scéim faoin alt seo i ngníomh go dtí go dtiocfaidh an chéad scéim eile den sórt sin i ngníomh i leith an chontae nó na contaebhuirge agus rachaidh sí in éag ansin.

(5) Aon áit vótaíochta a cheapfar le scéim faoin alt seo, is limistéar a bheidh ann agus féadfaidh sé a bheith laistigh nó lasmuigh den chontae, den chontaebhuirg, den dáilcheantar nó den toghlimistéar ina bhfuil an ceantar vótaíochta, ach beidh sé ina áit de chineál a thabharfaidh saoráidí réasúnacha chun vótáil do na toghthóirí a dháilfear di.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, Is feidhm fhorchoimeáda chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991, scéim a dhéanamh faoin alt seo, i gcás comhairle contae, agus is feidhm fhorchoimeáda é chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistiú contaebhuirge i gcás bardas contaebhuirge.

(7) Féadfaidh an tAire a cheangal ar údarás áitiúil scéim a dhéanamh faoin alt seo laistigh de cibé tréimhse (nach giorra ná mí amháin) a ordóidh an tAire agus, i gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh an t-údarás áitiúil scéim den sórt sin a dhéanamh laistigh den tréimhse a ordóidh an tAire, féadfaidh an tAire féin scéim a dhéanamh i leith an chontae sin nó na contaebhuirge sin.

(8) Go dtí go dtiocfaidh an chéad scéim faoin alt seo i ngníomh i ndáil le contae nó le contaebhuirg, leanfar leis na ceantair vótaíochta agus leis na háiteanna vótaíochta a bhí ann i ndáil leis an gcontae nó leis an gcontaebhuirg díreach roimh thosach feidhme an ailt seo. Tar éis don chéad scéim do theacht i ngníomh, déanfar aon tagairt do cheantar vótaíochta nó d'áit vótaíochta in aon Acht, ordú nó rialachán a fhorléiriú, más cuí, i ndáil leis an gcontae nó leis an gcontaebhuirg sin, mar thagairt do cheantar vótaíochta nó d'áit vótaíochta faoi scéim atá i bhfeidhm faoin alt seo.

(9) Maidir le rialacháin a rinneadh faoi alt 22 den Acht Toghcháin, 1963, agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, leanfaidh siad i bhfeidhm, d'ainneoin aisghairm an ailt sin 22, go dtí go ndéanfar rialacháin faoi *fho-alt (1)* agus measfar gur rialacháin iad arna ndéanamh faoin alt seo.

(10) Ní thabharfar aon toghchán faoi cheist ar fhorais aon neamhchomhlíonadh i ndáil leis na forálacha atá san alt seo ná ar fhorais aon neamhfhoirmiúlachta i ndáil le ceantair, áiteanna nó stáisiúin vótaíochta.

29.—(1) I gcás, tar éis toghlaigh a athmheas, nach bhfuil ceantar vótaíochta a bhí ann díreach roimh an athmheas sin suite go hiomlán laistigh de dháilcheantar nua, déanfaidh an t-oifigeach cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an gceann comhairimh don dáilcheantar sin i ndáil leis an gcuid den cheantar vótaíochta atá sa toghlach—

Socrúithe sealadacha maidir le ceantair vótaíochta áirithe.

(a) an chuid sin nó codanna de a chur isteach le haon cheantar nó ceantair vótaíochta atá tadhlaigh léi, nó

(b) ceantar vótaíochta a dhéanamh de agus áit vótaíochta a cheapadh dó.

(2) Maidir le socrú a dhéanfar de bhun *fho-alt (1)*, beidh sé faoi réir a dhaingnithe ag an Aire (agus féadfaidh an tAire an socrú a dhaingniú, fara modhnú nó gan mhodhnú) agus beidh éifeacht leis go dtí (agus ní bheidh éifeacht leis ach amháin go dtí) go dtiocfaidh an chéad scéim faoi *alt 28* i ngníomh i ndáil leis an gcontae nó leis an gcontaebhuirg ina bhfuil an ceantar vótaíochta suite tar éis an socrú a dhéanamh agus ní bheidh éifeacht leis i ndáil le haon chorrthoghchán a tharlóidh roimh an lánscor

ar Dháil Éireann is túisce a tharlóidh tar éis an t-athmheas sin a dhéanamh ar na toghlaigh.

(3) San alt seo, ciallaíonn “an t-oifigeach cúí”—

- (a) i ndáil le ceantar vótaíochta i gcontaebhuirg, an bainisteoir chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistiú na contaebhuirge (lena n-áirítear duine arna cheapadh go cúí mar ionadaí don bhainisteoir sin nó chun gníomhú in áit an bhainisteora sin le linn é a bheith as láthair nó faoi éagumas nó le linn a oifig a bheith folamh),
- (b) i ndáil le haon cheantar vótaíochta eile, rúnaí chomhairle an chontae ina bhfuil an ceantar vótaíochta suite (lena n-áirítear duine arna cheapadh go cúí mar ionadaí don rúnaí sin nó chun gníomhú in áit an rúnaí sin le linn é a bheith as láthair nó faoi éagumas nó le linn a oifig a bheith folamh), nó duine a shannfar chun dualgais rúnaí contae a chomhlíonadh faoin alt seo.

CUID V

CINN CHOMHAIRIMH

Cinn chomhairimh agus cinn chomhairimh chúnta, leaschinn chomhairimh agus cinn chomhairimh ghníomhacha.

30.—(1) San alt seo ciallaíonn “oifigeach cúí”—

- (a) i ndáil le contae Chorcaí, contae Bhaile Átha Cliath, contaebhuirg Chorcaí nó contaebhuirg Bhaile Átha Cliath, an sirriam, nó
- (b) i ndáil le haon chontae nó contaebhuirg eile, an cláráitheoir contae.

(2) (a) Is é an ceann comhairimh do thoghlach—

- (i) i gcás toghlaigh atá go hiomlán laistigh d’aon chontae nó contaebhuirg amháin, an t-oifigeach cúí i ndáil leis an gcontae nó leis an gcontaebhuirg sin,
 - (ii) in aon chás eile, cibé oifigeach cúí a cheapfaidh an tAire ó am go ham chun bheith ina cheann comhairimh i ndáil le haon chontae nó contaebhuirg ina bhfuil aon chuid den toghlach suite.
- (b) (i) I gcás nach mbeidh toghlach go hiomlán laistigh d’aon chontae nó contaebhuirg amháin, féadfaidh an ceann comhairimh, i ndáil le haon chuid den toghlach atá suite i gcontae nó contaebhuirg arb ina leith nach é an t-oifigeach cúí, an t-oifigeach cúí i ndáil leis an gcontae nó leis an gcontaebhuirg sin a cheapadh chun bheith ina cheann comhairimh cúnata don chuid sin den toghlach.
- (ii) Feidhmeoidh an ceann comhairimh an chumhacht dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* i gcás go n-iarrfaidh an t-oifigeach cúí lena mbaineann air déanamh amhlaidh.

(3) Más é an t-aon duine amháin is ceann comhairimh do dhá thoghlaigh nó níos mó a bhfuil toghchán iomaidh i ngach ceann acu ag an am céanna, déanfaidh sé—

(a) más dhá cheann agus nach mó ná sin de na toghlaigh sin atá ann, leasceann comhairimh a cheapadh i leith ceann acu chun na boscaí ballóide a oscailt agus na vótaí a chomhaireamh,

(b) in aon chás eile, leasceann comhairimh a cheapadh i leith gach ceann de na toghlaigh (seachas ceann amháin acu), chun na boscaí ballóide a oscailt agus na vótaí a chomhaireamh,

agus féadfaidh sé a áireamh sa cheapachán sin, más cuí leis é, ceapachán chun páipéir ainmniúcháin a ghlacadh.

(4) Folóidh dualgais leaschinn comhairimh a cheapfar faoi *fho-alt* (3) cinneadh agus dearbhú thoradh na vótaíochta chomh maith le fógra poiblí a thabhairt faoi *alt 127* agus, i gcás go bhfolaíonn an ceapachán ceapachán chun ainmniúcháin a ghlacadh, folóidh na dualgais sin freisin an rialú maidir le hainmniúcháin agus le comhlíonadh *alt 52*.

(5) Féadfaidh an ceann comhairimh ceapachán faoi *fho-alt* (3) a chúlghairm agus, i gcás go gcúlghairfear an ceapachán amhlaidh nó go bhfaighidh an leasceann comhairimh bás nó go n-éireoidh sé as nó go n-éireoidh sé éagumasach chun gníomhú le linn toghcháin Dála, ceapfar leasceann comhairimh eile de bhun agus de réir an *fho-ailt* sin (3) chun a ionad a ghlacadh.

(6) I gcás go mbeidh folúntas in oifig cláraitheora contae nó sirriam agus go raibh sealbhóir na hoifige sin ina cheann comhairimh, féadfaidh an tAire, más cuí leis amhlaidh, duine a cheapadh chun gníomhú mar cheann comhairimh i rith thréimhse an fholúntais.

(7) I gcás nach mbeidh an ceann comhairimh in ann a dhualgais go léir, nó aon chuid díobh, a chomhlíonadh mar gheall ar bhreiteacht nó ar chúis réasúnach eile, ceapfaidh an tAire duine chun gníomhú mar cheann comhairimh d'fhonn na dualgais sin a chomhlíonadh i rith na thréimhse ar lena linn a choisctear ar an gceann comhaireamh déanamh amhlaidh.

(8) Déanfaidh ceann comhairimh cunta cibé dualgais de chuid cheann comhairimh an toghlaigh lena mbaineann, nach gceanglaítear ar an gceann comhairimh iad a chomhlíonadh go pearsanta le dlí, a chomhlíonadh sa chuid sin den toghlach chun ar ceapadh é ach, má eascraíonn aon amhras i dtaobh dualgais cinn comhairimh chúnta, is é an tAire a chinnefidh an t-amhras.

(9) Forléireofar aon tagairt san alt seo do chontae mar thagairt do chontae riaracháin.

(10) Maidir le tagairtí san Acht seo do chinn comhairimh folóidh siad, i gcás gur cuí sin, tagairtí do chinn comhairimh chúnta, do leaschinn comhairimh agus do chinn comhairimh ghníomhacha.

(11) Maidir le ceapachán a bhí i ngníomh díreach roimh thosach feidhme an ailt seo faoi *fho-alt* (1) d'alt 11 den Acht Toghcháin, 1963, measfar gur ceapachán faoi *fho-alt* (2) den alt seo é.

Dualgas ginearálta an chinn comhairimh.

31.—Is é dualgas ginearálta an chinn comhairimh do gach toghlach gach gníomh agus ní a dhéanamh de réir mar is gá chun toghchán Dála a stiúradh go héifeachtúil ina thoghlach de réir an Achta seo, torthaí an toghcháin a fhionnadh agus a dhearbú agus freagra i dtaobh na ndaoine arna dtoghadh don toghlach a thabhairt do Chléireach na Dála.

Caiteachais ceann comhairimh a íoc.

32.—(1) Ullmhóidh an tAire Airgeadais scála uastáillí do chinn chomhairimh agus íocfaidh an tAire sin, as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis, a tháillí réasúnacha le gach ceann comhairimh i leith a sheirbhísí agus a chaiteachais i ndáil le gach toghchán Dála arb é is ceann comhairimh dó ach gan na táillí sin a dhul thar na huastáillí a bheidh sonraithe sa scála arna ullmhú faoin alt seo agus a mbeidh feidhm acu de thuras na huaire.

(2) D'fhonn na táillí sin a íoc, cuirfidh an ceann comhairimh cuntas ina dtaobh faoi bhráid an Aire Airgeadais agus féadfaidh an tAire Airgeadais ordacháin a eisiúint chuig cinn chomhairimh ó am go ham i dtaca leis an tráth a chuirfear, an tslí ar a gcuirfear agus an fhoirm ina gcuirfear na cuntais faoina bhráid.

(3) Féadfaidh an tAire Airgeadais, más cuí leis, roimh tháillí cinn comhairimh a íoc faoin alt seo, iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Chuarda ag a bhfuil dlínse in aon chuid den toghlach lena mbaineann ar an gcuntas a bheidh curtha faoina bhráid ag an gceann comhairimh a fhómhas agus déanfaidh an breitheamh sin an cuntas a fhómhas agus cinntí sé an tsuim is iníoctha faoi.

(4) Féadfaidh an tAire Airgeadais, más cuí leis, ar cheann comhairimh airleacan a iarraidh i gcuntas a tháillí, an t-airleacan sin a thabhairt ar cibé téarmaí is cuí leis.

(5) Maidir le cuntas cinn comhairimh a fhómhas faoin alt seo, áireofar ann, i gcás go dtabharfaidh an breitheamh réamhráite breith amhlaidh ar an iarratas ón oifigeach, an cinneadh ar aon éileamh a rinneadh i gcoinne an oifigigh i leith aon ní a cuireadh faoi mhuirear sa chuntas.

CUID VI

RÉ AGUS COMHALTAS NA DÁLA

An ré is faide don Dáil.

33.—Ní bheidh de ré ag aon Dáil ach cúig bliana ó lá a céadtionóil.

Éirí as comhaltas na Dála.

34.—Féadfaidh aon chomhalta den Dáil éirí as a chomhaltas di dá dheoin féin le fógra i scríbhinn chuig Cathaoirleach na Dála agus beidh éifeacht leis an éirí as sin ar an gCathaoirleach d'fháil an fhógra agus cuirfidh seisean in iúl don Dáil é a luaithe is féidir.

Duine a bheidh tofa do dhá thoghlach nó níos mó.

35.—(1) Má thoghtar duine i dtoghchán mar chomhalta den Dáil i gcomhair dhá thoghlach nó níos mó, déanfaidh an duine sin, sula suífidh sé i gcomhair aon cheann de na toghlaigh sin, dearbhú i scríbhinn arna shíniú aige a sheachadadh ar Chléireach na Dála, is dearbhú ina luafaidh sé cé acu de na toghlaigh sin is rogha leis a bheith ina ionadaí dó sa Dáil agus, más rud é nach ndéanann sé an dearbhú sin a sheachadadh amhlaidh i scríbhinn ar Chléireach na Dála tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an chéad lae a shuífidh an Dáil tar éis an toghcháin sin, measfar gurb é an

toghlach ina bhfuair sé an líon ba mhó vótaí céadrogha is rogha leis a bheith ina ionadaí dó.

(2) A luaithe agus a dhéanfaidh duine arna thoghadh do dhá thoghlach nó níos mó rogha, nó a measfar faoin bhfo-alt roimhe seo rogha a bheith déanta aige, i dtaobh cé acu de na toghlaigh sin a mbeidh sé ina ionadaí dó, measfar a shuíochán nó a shuíocháin a bheith tugtha suas aige i ngach ceann de na toghlaigh eile dá mbeidh sé arna thoghadh amhlaidh.

36.—(1) I gcás go ndéanfar an Dáil a lánscor agus nach mbeidh an Cathaoirleach ar an Dáil a bheidh ag dul as oifig tar éis a chraoladh don Dáil roimh an lánscor nach mian leis teacht chun bheith ina chomhalta den Dáil san olltoghchán a bheidh ann de dhroim an lánscóir, measfar, gan é do dhul faoi thoghadh iarbhír, é a bheith arna thoghadh san olltoghchán sin, ina chomhalta den Dáil—

Atoghadh
Chathaoirleach na
Dála atá ag dul as
oifig.

(a) don toghlach dar chomhalta den Dáil é díreach roimh an lánscor, nó

(b) má thagann athmheas toghlach in éifeacht tráth an lánscóir—

(i) i gcás, ar an athmheas sin, go mbeidh toghlach nua ann arb éard é, nó ina bhfuil, an toghlach dá dtagraítear i *mír (a)*, don toghlach nua sin,

(ii) i gcás, ar an athmheas sin, nach mbeidh toghlach nua den sórt sin ann, don toghlach a shonrófar de thuras na huaire i ndearbhú faoin alt seo.

(2) (a) I gcás, de bharr athmheas toghlach a thiocfaidh in éifeacht ar an lánscor ar an Dáil is túisce a tharlóidh tar éis an athmheasa, nach féidir a mheas faoi *fho-alt (1)* go bhfuil Cathaoirleach na Dála tofa don toghlach dar comhalta den Dáil é ná do thoghlach nua a thuariscítear i *bhfomhír (i) d'fho-alt (1)(b)* den alt seo, déanfaidh sé chun críocha an ailt seo dearbhú ina sonrófar toghlach.

(b) Maidir le toghlach a bheidh sonraithe i ndearbhú a dhéanfar faoin alt seo, is toghlach é a bheidh sonraithe san Acht lena ndéantar foráil maidir leis an athmheas agus ina n-áireofar cuid den toghlach dar comhalta den Dáil, tráth déanta an dearbhaithe, an duine a dhéanfaidh an dearbhú.

(c) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le dearbhú arna dhéanamh faoin alt seo:

(i) déanfar an dearbhú, ar dearbhú i scríbhinn a bheidh ann, a dhíriú chuig Cléireach na Dála,

(ii) déanfaidh Cathaoirleach na Dála, a dhéanfaidh an dearbhú a chur in iúl do chomhaltaí na Dála, ar cibé slí is cuí leis sna himthosca áirithe,

(iii) déanfar an dearbhú,

(I) i gcás, tráth achtaithe an Achta lena ndéantar foráil maidir le hathmheas toghlach, gurb é Cathaoirleach

na Dála an duine a fhéadfaidh an dearbhú a dhéanamh, a luaithe is féidir tar éis an achtaithe sin,

(II) i gcás an duine a dhéanfaidh é do theacht chun bheith ina Chathaoirleach ar an Dáil tar éis an tAcht sin a achtú, a luaithe is féidir tar éis dó teacht chun bheith ina Chathaoirleach ar an Dáil, agus

(iv) i gcás an duine a dhéanfaidh an dearbhú do scor de bheith ina Chathaoirleach ar an Dáil roimh lánscor na Dála, scoirfidh an dearbhú d'éifeacht a bheith leis.

(3) I gcás go measfar, de bhua an ailt seo, an Cathaoirleach ar an Dáil a bheidh ag dul as oifig a bheith tofa in olltoghchán mar chomhalta den Dáil do thoghlach áirithe, beidh an líon comhaltaí a thoghfáir iarbhrí san olltoghchán sin don toghlach sin níos lú de chomhaltaí amháin ná mar ba ghá murach sin.

(4) San alt seo, ciallaíonn “an Cathaoirleach ar an Dáil a bheidh ag dul as oifig” duine a bhí, díreach roimh lánscor na Dála a n-úsáidtear an abairt ina leith, ina Chathaoirleach ar an Dáil.

CUID VII

AN MODH TOGHCHÁIN

An córas toghcháin.

37.—(1) Déanfar toghchán Dála a stiúradh de réir an Achta seo agus, i gcás toghchán Dála a bheith faoi iomaidh, tógfar an vótaíocht de réir phrionsabal na hionadaíochta cionúire, agus beidh vóta inaistrithe amháin ag gach toghthóir.

(2) San alt seo, ciallaíonn “vóta inaistrithe” vóta—

(a) is féidir a thabhairt chun rogha an vótálaí ar na hiarrthóirí a thaispeáint de réir oird, agus

(b) is féidir a aistriú go dtí an chéad rogha eile nuair nach bhfuil an vóta ag teastáil chun an cuóta riachtanach vótaí a thabhairt do rogha roimhe sin, nó nuair a tharlóidh, mar gheall ar an easnamh ar líon na vótaí a tugadh do rogha roimhe sin, go n-eisiafar an rogha sin as liosta na n-iarrthóirí.

An modh vótála.

38.—(1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), duine atá i dteideal vótáil i toghchán Dála, is go pearsanta amháin a bheidh sé i dteideal vótáil agus is sa stáisiún vótaíochta a bheidh ceaptha dó nó, i gcás é a bheith údaraithe faoi alt 99 nó 100 ag ceann comhairimh, sa stáisiún vótaíochta a bheidh sonraithe san údarú, a dhéanfaidh sé an vótáil sin.

(2) Gach toghthóir Dála a mbeidh a ainm, tráth toghcháin Dála, ar liosta na bpostvótálaithe do thoghlach, beidh sé i dteideal vótáil sa toghlach sin sa vótaíocht sa toghchán sin trína pháipéar ballóide a chur leis an bpost chuig an gceann comhairimh don toghlach sin agus ní bheidh sé i dteideal vótáil ar aon dóigh eile.

(3) Gach toghthóir Dála a mbeidh a ainm, tráth toghcháin Dála, ar liosta na vótálaithe speisialta do thoghlach, beidh sé i dteideal vótáil sa toghlach sin sa vótaíocht sa toghchán sin de réir alt 82 agus ní bheidh sé i dteideal vótáil ar aon dóigh eile.

CUID VIII

AN TEASCAIRE I DTOGHCHÁN DÁLA

39.—(1) I gcás go lánscoirfear an Dáil, déanfaidh Cléireach na Dála, díreach tar éis an Forógra ag lánscoir na Dála a eisiúint, eascaire a chur amach chuig gach ceann comhairimh do thoghlach á ordú dó toghchán a chur á dhéanamh do líon iomlán na gcomhaltaí den Dáil atá le fónamh sa Dáil don toghlach sin.

Eascairí a chur amach agus a fhreagairt.

(2) I gcás go dtarlóidh folúntas i gcomhaltas na Dála toisc duine a scor de bheith ina chomhalta ar dhóigh seachas de chionn an Dáil a lánscoir, déanfaidh Cathaoirleach na Dála (nó mura féidir leis, toisc é a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile, a dhualgais a chomhlíonadh nó toisc folúntas a bheith in oifig an Chathaoirligh, déanfaidh Leas-Cathaoirleach na Dála), a luaithe a ordóidh an Dáil dó déanamh amhlaidh, ordú a thabhairt do Chléireach na Dála eascaire a chur amach chuig an gceann comhairimh don toghlach ar tharla an folúntas ina ionadaíocht, á ordú don cheann comhairimh toghchán a chur á dhéanamh do chomhalta den Dáil chun an folúntas a bheidh luaite san eascaire a líonadh.

(3) Más rud é go dtarlóidh aon uair go mbeidh dhá fholúntas nó níos mó in ionadaíocht aon toghlaigh sa Dáil agus go n-ordófar do Chléireach na Dála ar an lá céanna eascairí a chur amach chun comhaltaí a thoghadh chun gach ceann nó níos mó ná ceann amháin de na folúntais a líonadh, ní chuirfidh Cléireach na Dála ach aon eascaire amháin amach chuig an gceann comhairimh don toghlach agus ordóidh sé dó leis an eascaire aon toghchán amháin a chur á dhéanamh chun na folúntais go léir a bheidh luaite san eascaire a líonadh in ionadaíocht an toghlaigh agus, dá réir sin, cuirfidh an ceann comhairimh aon toghchán amháin á dhéanamh chun comhaltaí den Dáil a thoghadh chun na folúntais go léir a bheidh luaite san eascaire a líonadh.

(4) (a) Déanfar an freagra faoi thoghadh comhalta nó comhaltaí chun fónamh sa Dáil a thabhairt trí dheimhniú faoi lámh an chinn comhairimh ar a ainm nó a n-ainmneacha a fhorhnuiniú ar an eascaire don toghlach lena mbaineann.

(b) Déanfaidh an ceann comhairimh, a luaithe is féidir tar éis toradh an toghcháin a fhionnadh, an freagra a sheachadadh ar Chléireach na Dála, agus chuige sin, féadfaidh sé, más cuí leis é, é a chur chun bealaigh leis an bpost cláraithe.

(c) Déanfar freagra a chuirfear chun bealaigh amhlaidh a tharchur chuig Cléireach na Dála saor in aisce leis an bpost is luaithe a fhónfaidh.

(5) I gcás go measfar, de bhua alt 36, Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig de réir bhrí an ailt sin a bheith tofa ina chomhalta den Dáil in olltoghchán—

- (a) maidir leis an eascaire a chuirfear amach chuig an gceann comhairimh don toghlach a measfar amhlaidh é a bheith tofa dó, foclófar é ar dhóigh go n-ordóidh sé don cheann comhairimh toghchán a chur á dhéanamh do líon is lú de chomhalta amháin ná lánlíon na gcomhaltaí den Dáil don toghlach;
- (b) tráth a chuirfear an t-eascaire amach, nó a luaithe is féidir dá éis sin, cuirfidh Cléireach na Dála deimhniú chuig an gceann comhairimh á dheimhniú nár chraol an Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig don Dáil, sular lánscoireadh í, nár mhian leis go dtiocfaidh sé chun bheith ina chomhalta den Dáil san olltoghchán a bheadh ann de dhroim an lánscoir agus foilseoidh Cléireach na Dála an deimhniú sin san Iris Oifigiúil;
- (c) déanfaidh an ceann comhairimh, san fhógra poiblí a thabharfaidh sé faoi *alt 127*, ainm an Chathaoirligh ar an Dáil atá ag dul as oifig a áireamh ar ainmneacha na n-iarrthóirí a bheidh arna dtoghadh don toghlach.
- (6) (a) Is san fhoirm iomchuí a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal* a bheidh eascaire a chuirfear amach faoin alt seo.
- (b) I gcás go gcuirfear eascaire chun bealaigh leis an bpost cláraithe chuig an gceann comhairimh, tarchuirfear é saor in aisce leis an bpost is luaithe a fhónfaidh.
- (c) Déanfaidh an ceann comhairimh, díreach tar éis dó an t-eascaire a fháil, admháil a thabhairt go bhfuair sé é.
- (7) I gcás go mbeidh, agus fad a bheidh, oifig Chléireach na Dála folamh nó i gcás nach mbeidh, agus fad nach mbeidh, sealbhóir na hoifige sin in ann a dhualgais a chomhlíonadh, toisc é a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile, comhallfaidh Leas-Chléireach na Dála dualgais Chléireach na Dála faoin alt seo.

Éifeacht lánscor na Dála ar eascairí áirithe.

40.—I gcás go ndéanfar an Dáil a lánscor tar éis eascaire a bheith curtha amach de bhun *alt 39(2)* nó *(3)* á ordú do cheann comhairimh toghchán a chur á dhéanamh agus sula mbeidh an freagra tugtha, tiocfaidh an t-eascaire chun bheith, agus beidh sé, ar neamhniú mar thoradh ar an lánscor agus ní dhéanfar aon bhearta eile i ndáil leis an gcorrthoghchán agus cuirfear an t-eascaire ar ais chuig Cléireach na Dála agus déanfaidh an ceann comhairimh aon pháipéir bhallóide a úsáideadh sa chorrthoghchán a dhíothú ach ní dhéanfaidh an neamhniú dochar ná dífead do cheart an chinn comhairimh maidir lena tháillí réasúnacha a íoc leis faoin Acht seo i leith dualgas a chomhlíon sé i ndáil leis an toghchán roimh an lánscor.

CUID IX

DÍCHÁILIÚ DO CHOMHALTAS NA DÁLA

Dícháiliú do chomhaltas na Dála.

41.—Aon duine—

- (a) nach saoránach d'Éirinn, nó

- (b) nach bhfuil 21 bliain d’aois slánaithe aige, nó
- (c) is comhalta de Choimisiún na gComhphobal Eorpach, nó
- (d) is Breitheamh, is Abhcóide Ginearálta nó is Cláraitheoir de chuid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, nó
- (e) is comhalta de Chúirt Iníúcháirí na gComhphobal Eorpach, nó
- (f) is comhalta den Gharda Síochána, nó
- (g) is comhalta lánaimseartha d’Óglaigh na hÉireann arna mhíniú in *alt 11(4)*, nó
- (h) is státseirbhíseach nach gceadaítear go sainráite dó, le téarmaí a fhostaíochta, a bheith ina chomhalta den Dáil, nó
- (i) is duine mímhheabhrach, nó
- (j) atá faoi phianbhreith phríosúnachta ar feadh aon téarma is faide ná sé mhí, i dteannta nó d’éagmais daoroibre, nó atá faoi phianbhreith phianseirbhíse ar feadh aon tréimhse arna forchur ag cúirt dlínse inniúla sa Stát, nó
- (k) is féimheach neamhurscaoilte faoi bhreithniú ag cúirt dlínse inniúla sa Stát,

ní bheidh sé incháilithe lena thoghadh mar chomhalta den Dáil nó, faoi réir *alt 42(3)*, le haghaidh chomhaltas na Dála.

42.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, más rud é, maidir le comhalta den Dáil—

Scor de chomhaltas na Dála in imthosca áirithe.

- (a) go mbaineann éagumas nó míchumas dá dtagraítear in *alt 41* dó, nó
- (b) go gceaptar é chuig post dá dtagraítear in *alt 41*, nó
- (c) go gceaptar faoin mBunreacht é mar Bhreitheamh, nó mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,

scoirfidh sé as a aithle sin de bheith ina chomhalta den sórt sin agus beidh folúntas ann dá réir i gcomhaltas na Dála.

(2) Déanfaidh cláraitheoir na cúirte a d’fhorchuir pianbhreith dá dtagraítear in *alt 41(j)* ar chomhalta den Dáil, nó a dhaingnigh í ar achomharc, fógra i dtaobh fhorchur nó dhaingniú na pianbhreithe a thabhairt do Chathaoirleach na Dála a luaithe is féidir—

- (a) tar éis dheireadh na teorann ama chun achomharc a dhéanamh, i gcás nach ndéantar aon achomharc in aghaidh an chiontaithe nó na pianbhreithe,
- (b) tar éis chinneadh an achomhairc, i gcás go ndéantar achomharc in aghaidh an chiontaithe nó na pianbhreithe agus go ndícheadaítear an t-achomharc nó go bhforchuirtear pianbhreith a luaitear in *alt 41(1)* mar thoradh ar an achomharc,

agus ar Chathaoirleach na Dála d’fháil an fhógra sin, beidh folúntas i gcomhaltas na Dála.

(3) I gcás comhalta den Dáil a bheith arna bhreithniú ina fhéimheach ag cúirt dlínse inniúla sa Stát agus, laistigh de shé mhí ó dháta an ordaithe breithnithe, nach ndéantar an t-ordú sin a neamhniú nó nach bhfuil deimhniú faighte ag an duine is ábhar don ordú urscaoilte faoi alt 85(7) den Acht Féimheachta, 1988, déanfaidh Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte, a luaithe is féidir tar éis dheireadh na tréimhse sé mhí ó dháta an ordaithe, fógra ina thaobh sin a thabhairt do Chathaoirleach na Dála agus, ar Chathaoirleach na Dála d'fháil an fhógra sin, beidh folúntas i gcomhaltas na Dála.

(4) A luaithe is féidir tar éis fógra faoi *fho-alt* (2) nó (3) a fháil, déanfaidh Cathaoirleach na Dála fógra a thabhairt don Dáil á rá go bhfuarthas an fógra sin.

Iarrthóirí i gcorrthoghcháin.

43.—Ní bheidh aon chomhalta den Dáil incháilithe chun bheith ina iarrthóir i gcorrthoghchán don Dáil le linn dó a shuíochán a shealbhú.

CUID X

AINMNIÚCHÁIN

Fógra toghcháin.

44.—Déanfaidh an ceann comhairimh, laistigh de dhá lá (gan aon lá eisiata a áireamh) i ndiaidh an lae ar a bhfaighidh sé an t-eascaire, fógra poiblí a thabhairt san fhoirm a bheidh forordaithe ag an Aire (dá ngairtear an “fógra toghcháin” san Acht seo) agus luafar an méid seo a leanas san fhógra sin—

- (a) na tráthanna chun ainmniúcháin a ghlacadh,
- (b) méid na héarlaise,
- (c) na tráthanna agus an áit ina bhféadfar páipéir ainmniúcháin a fháil,
- (d) na tráthanna agus an áit ina bhfreastalóidh sé chun ainmniúcháin a ghlacadh, agus
- (e) an lá agus an tréimhse atá socraithe chun an vótaíocht a thógáil más toghchán iomaidh atá ann.

Gá le hainmniúcháin.

45.—Ní bheidh duine i dteideal a chur faoi deara a ainm a chur isteach i bpáipéar ballóide mar iarrthóir i dtoghchán Dála mura rud é go mbeidh sé ainmnithe mar a fhoráiltear leis an Acht seo agus mura rud é go mbeidh rialú déanta ag an gceann comhairimh á rá go bhfuil a pháipéar ainmniúcháin bailí.

Iarrthóirí a ainmniú.

46.—(1) I dtoghchán Dála, féadfaidh duine é féin a ainmniú mar iarrthóir nó, le toiliú uaidh, féadfaidh duine eile (is duine atá cláraithe mar thoghthóir Dála sa toghlach dá bhfuil beartaithe aige an t-iarrthóir a ainmniú dó), i gcáil moltóra, é a ainmniú.

(2) Déanfar gach iarrthóir a ainmniú le páipéar ainmniúcháin ar leithligh san fhoirm a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i bhfoirm an pháipéir ainmniúcháin—

(a) nóta i dtaobh na gcáilíochtaí, na ndícháilíochtaí agus na n-éagumas maidir le toghadh chun na Dála agus comhaltas den Dáil,

(b) foirm an dearbhaithe a bheidh le síniú ag an iarrthóir nó ag a mholtóir, á rá gur léigh sé an nóta dá dtagraítear i *mír (a)* agus go gcreideann sé go bhfuil an t-iarrthóir incháilithe lena thoghadh agus gur thoiligh an t-iarrthóir leis an ainmniúchán.

(3) I ngach páipéar ainmniúcháin, luafar ainmneacha (agus an sloinne á lua i dtosach) agus seoladh agus slí bheatha (más ann) an iarrthóra.

(4) Féadfaidh iarrthóir ainm an pháirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta mar pháirtí atá arna eagrú chun dul san iomaidh i dtoghchán Dála agus arb iarrthóir dó é a áireamh ina pháipéar ainmniúcháin, ar choinníoll go ndéantar, tráth seachadta an pháipéir ainmniúcháin ar an gceann comhairimh, deimhniú san fhoirm a ordóidh an tAire (dá ngairtear “deimhniú cleamhnachta polaitíochta” san Acht seo), ar deimhniú é lena bhfíordheimhnítear an iarrthóireacht, agus ar deimhniú é arna shíniú ag an oifigeach nó ag na hoifigigh don pháirtí sin a bhfuil a ainm nó a n-ainmneacha sa Chlár sin de bhun *alt 25 (4)(c)*, a thabhairt ar aird don cheann comhairimh. I gcás go dtabharfar deimhniú den sórt in ar aird, cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara, ar choinníoll gur deimhin leis gur cuí déanamh amhlaidh i ndáil leis an iarrthóir, go ndéanfar ráiteas ina luaitear ainm an pháirtí polaitíochta iomchuí a shonrú i ndáil leis an iarrthóir ar gach páipéar ballóide agus ar fhógraí.

(5) I gcás, maidir le hiarrthóir, nach iarrthóir é do pháirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta mar pháirtí atá arna eagrú chun bheith san iomaidh i dtoghchán Dála, beidh sé i dteideal an abairt “Neamh-Pháirtí” a chur i ndiaidh a ainm ar an bpáipéar ainmniúcháin agus, má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara ráiteas ina luaitear an abairt sin a shonrú i ndáil leis an iarrthóir ar gach páipéar ballóide agus ar fhógraí.

(6) Soláthróidh an ceann comhairimh páipéir ainmniúcháin le linn na ngnáth-uaireanta oifige i cibé áit nó áiteanna a bheidh ainmnithe san fhógra toghcháin gach dálach le linn na tréimhse dar tosach dáta foilsithe an fhógra sin agus dar críoch 12 a chlog, meán lae, ar an dáta is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh agus soláthróidh sé páipéar nó páipéir ainmniúcháin saor in aisce d’aon duine a dhéanfaidh iarratas ina leith sin, ach ní bheidh sé d’oibleagáid i dtoghchán Dála páipéar arna sholáthar ag an gceann comhairimh de bhun an ailt seo a úsáid ar choinníoll gur san fhoirm fhorordaithe a bheidh an páipéar ainmniúcháin a úsáidfear sa toghchán.

(7) Déanfar gach tagairt san alt seo do Chlár na bPáirtithe Polaitíochta a fhorléiriú mar thagairt don chóip den Chlár sin a bheidh curtha chuig an gceann comhairimh de bhun *alt 25(14)*.

47.—(1) Déanfaidh iarrthóir i dtoghchán Dála, nó duine éigin thar ^{Éarlais ó iarrthóirí.} a cheann, suim trí chéad punt a thaisceadh leis an gceann comhairimh roimh dheireadh na tréimhse ama a bheidh ceaptha leis an Acht seo chun ainmniúcháin a ghlacadh agus, má mhainníonn sé déanamh amhlaidh, measfar a iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar.

(2) Féadfar an éarlais a bheidh le taisceadh ag iarrthóir nó thar a cheann de bhun an ailt seo a thaisceadh trí dhlíthairiscint nó, le toiliú an chinn comhairimh, ar aon mhodh eile.

Éarlais a thabhairt ar ais nó a dhiúscairt.

48.—(1) Déanfar an éarlais arna taisceadh ag iarrthóir, nó thar ceann iarrthóra, a thabhairt ar ais, i gcás, maidir leis an iarrthóir—

- (a) go dtarraingeoidh sé siar a iarrthóireacht de réir alt 54,
- (b) go bhfaighidh sé bás sula gcríochnófar an vótaíocht,
- (c) nach mbeidh sé ainmnithe go bailí mar iarrthóir roimh dheireadh na tréimhse ama chun ainmniúcháin a ghlacadh,
- (d) go dtoghfar é, nó
- (e) nach dtoghfar é ach gur mó ná aon cheathrú den chuóta an líon uasta vótaí a chreidiúnaítear dó in aon chéim de chomhaireamh na vótaí.

(2) Forghéillfear aon éarlais nach mbeidh tugtha ar ais faoin bhfo-alt sin roimhe seo.

(3) Má ainmnítear iarrthóir i dtoghchán i níos mó ná toglach amháin, ní bheidh sé i dteideal, in aon chás, níos mó ná éarlais amháin a fháil ar ais agus, dá mbeadh sé, murach an fo-alt seo, i dteideal, faoin alt seo níos mó ná éarlais amháin a fháil ar ais, ní thabharfar ar ais ach cibé ceann de na héarlaisí sin a ordóidh an tAire Airgeadais agus forghéillfear an éarlais nó na héarlaisí eile.

(4) I gcás go mbeidh éarlais le tabhairt ar ais faoi *fho-alt (1)*, déanfar í a thabhairt ar ais don duine a thaisc í; ar choinníoll go ndéanfar éarlais arna taisceadh ag duine a fhaigheann bás sula dtugtar an éarlais ar ais a thabhairt ar ais dá ionadaí pearsanta..

(5) Déanfaidh an ceann comhairimh éarlais a fhorghéillfear faoin alt seo a dhiúscairt ar cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais.

(6) San alt seo, tá le “ionadaí pearsanta” an bhrí a shanntar dó le halt 3 den Acht Comharbais, 1965.

Na tráthanna chun ainmniúcháin a ghlacadh.

49.—Is é an tráth is luaithe chun ainmniúcháin a ghlacadh 10 a chlog a.m. an lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach tar éis an dáta is déanaí chun an fógra toghcháin a fhoilsiú agus is é an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh 12 a chlog, meán lae, an naoú lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach tar éis an lae a gcuirfear amach an t-eascaire nó na heascairí don toghchán.

Páipéir ainmniúcháin a sheachadadh.

50.—(1) Déanfaidh an t-iarrthóir nó a mholtóir gach páipéar ainmniúcháin a sheachadadh ar an gceann comhairimh laistigh de na tráthanna a shonraítear in *alt 49*.

(2) Déanfaidh an t-iarrthóir an páipéar ainmniúcháin a sheachadadh go pearsanta ach amháin, i gcás go molann duine eile an t-iarrthóir, féadfar an seachadadh a dhéanamh mar atá réamhráite nó féadfaidh an moltóir é a dhéanamh go pearsanta.

(3) Beidh an ceann comhairimh i láthair chun ainmniúcháin a ghlacadh san áit a bheidh sonraithe chuige sin san fhógra toghcháin idir 10 a chlog a.m. agus 12 a chlog meán lae, agus idir 2 a chlog p.m. agus 5

a chlog p.m. an lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an dáta is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh agus idir 10 a chlog a.m. agus 12 a chlog, meán lae, ar an dáta is déanaí sin a dúradh.

51.—Uimhroidh an ceann comhairimh na páipéir ainmniúcháin san ord ina bhfaighidh sé iad; agus measfar gurb é an chéad pháipéar ainmniúcháin bailí lena n-ainmnítear iarrthóir lena thoghadh ainmniúchán an iarrthóra sin don toghlach sin. Páipéir ainmniúcháin a roghnú.

52.—(1) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht gach páipéir ainmniúcháin laistigh d'uar an chloig tar éis é a sheachadadh air, agus féadfaidh sé a rialú go bhfuil sé neamhbhailí i gcás, agus sa chás sin amháin, go measann sé nach bhfuil sé déanta amach nó sínithe i gceart. Rialú ar bhailíocht páipéir ainmniúcháin.

(2) Beidh an t-iarrthóir a bheidh ainmnithe le gach páipéar ainmniúcháin agus a mholtóir, más ann, agus duine amháin eile a bheidh ainmnithe ag an iarrthóir nó ag a mholtóir, de réir mar a bheidh, i dteideal a bheith i láthair le linn rialú a bheith á thabhairt ag an gceann comhairimh ar an bpáipéar ainmniúcháin sin, agus ní bheidh aon duine eile i dteideal a bheith i láthair ach amháin le cead an chinn comhairimh.

(3) Cuirfidh an ceann comhairimh i gcoinne ainm iarrthóra i bpáipéar ainmniúcháin i gcás, maidir leis an ainm sin—

- (a) nach ainm é a thugtar ar an iarrthóir de ghnáth; nó
- (b) go bhfuil sé míthreorach agus gur dóigh dó mearbhall a chur ar dhaoine; nó
- (c) go bhfuil sé rófhada; nó
- (d) go bhfuil tagairt pholaitiúil ann;

agus i gcás go gcuirfidh ceann comhairimh i gcoinne ainm amhlaidh, ligfidh sé don iarrthóir nó dá mholtóir, de réir mar is cuí, an t-ainm a leasú, agus mura leasaítear amhlaidh é chun sástacht an chinn comhairimh, féadfaidh an ceann comhairimh é a leasú, de réir mar is cuí leis, tar éis dul i gcomhairle leis an iarrthóir nó lena mholtóir, más rud go bhfuil ceachtar acu i láthair, nó féadfaidh sé a rialú go bhfuil an páipéar ainmniúcháin neamhbhailí toisc nach ndearnadh amach i gceart é.

(4) Cuirfidh an ceann comhairimh i gcoinne na tuairisce ar iarrthóir i bpáipéar ainmniúcháin más é a thuairim go bhfuil sí mícheart nó nach leor í chun an t-iarrthóir a aithint, nó go bhfuil sí rófhada nó go bhfuil tagairt pholaitiúil inti seachas, i gcás gur cuí é, tagairt d'oifig phoiblí nó d'oifig thofa atá, nó a bhí tráth, á sealbhú ag an iarrthóir, nó taifead arna dhéanamh de bhun *fho-alt (4)* nó *(5) d'alt 46*. I gcás go gcuirfidh ceann comhairimh i gcoinne na tuairisce amhlaidh, ligfidh sé don iarrthóir nó dá mholtóir, de réir mar is cuí, an tuairisc a leasú, agus mura leasaítear amhlaidh í chun sástacht an chinn comhairimh, féadfaidh an ceann comhairimh í a leasú nó í a scriosadh, de réir mar is cuí leis, tar éis dul i gcomhairle leis an iarrthóir nó lena mholtóir, más rud é go bhfuil ceachtar acu i láthair, nó féadfaidh sé a rialú go bhfuil an páipéar ainmniúcháin neamhbhailí toisc nach ndearnadh amach i gceart é.

(5) Nuair a bheidh rialú tugtha ag an gceann comhairimh ar bhailíocht páipéir ainmniúcháin, cuirfidh sé nóta i dtaobh a bhreithe ar an bpáipéar ainmniúcháin agus síneoidh sé an nóta. Má rialaíonn sé go bhfuil an páipéar neamhbhailí, cuirfidh sé ráiteas sa nóta ina luafaidh sé

na cúiseanna a bhí aige leis sin. Is breith chríochnaitheach a bhreith faoin alt seo agus ní fhéadfar í a fhreaschur ach amháin de thoradh achaini ina dtabharfar an toghchán faoi cheist.

(6) A luaithe is indéanta tar éis dó rialú a thabhairt ar bhailíocht páipéir ainmniúcháin, déanfaidh an ceann comhairimh fógra i scríbhinn i dtaobh a rialaithe a thabhairt don iarrthóir, leis an bpost nó ar dhóigh eile.

(7) Gach duine a mbeidh cinneadh déanta ina leith faoin alt seo á rá go bhfuil a pháipéar ainmniúcháin bailí agus nach ndéanfar a iarrthóireacht a tharraingt siar de réir *alt 54*, nó nach measfar faoi *alt 47(1)* nó *62(1)* í a bheith tarraingthe siar, beidh sé arna ainmniú go bailí mar iarrthóir.

Ainmniúcháin a fhoilsíú.

53.—A luaithe is indéanta tar éis dó rialú a thabhairt go bhfuil páipéar ainmniúcháin bailí, cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara fógra ina luaitear ainm agus tuairisc an duine atá ainmnithe sa pháipéar agus ainm agus seoladh a mholtóra, más ann, a chur ar taispeáint lasmuigh den áit ina mbeidh sé ainmniúcháin á nglacadh aige.

Iarrthóireacht a tharraingt siar.

54.—(1) Féadfaidh iarrthóir a iarrthóireacht a tharraingt siar trí fhógra faoin tarraingt siar, arna shíniú aige agus arna sheachadadh go pearsanta aige féin nó ag a mholtóir ar an gceann comhairimh tráth nach déanaí ná 12 a chlog, meán lae, an lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach tar éis an dáta is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh.

(2) I gcás gur deimhin leis an gceann comhairimh gur mian le hiarrthóir a iarrthóireacht a tharraingt siar agus nach bhfuil an t-an iarrthóir ná an moltóir in ann a bheith i láthair, féadfar an iarrthóireacht a tharraingt siar trí fhógra faoin tarraingt siar, arna shíniú ag an iarrthóir agus ag an duine atá ag seachadadh an fhógra, a sheachadadh ar an gceann comhairimh tráth nach déanaí ná an uair an chloig sin.

Tarraingt siar a fhoilsíú.

55.—Déanfaidh an ceann comhairimh, a luaithe a sheachadfar fógra i dtaobh iarrthóir a tharraingt siar air faoi *alt 54*, fógra poiblí a thabhairt i dtaobh é a tharraingt siar (agus, i gcás tarraingt siar ag iarrthóir a bhí ainmnithe ag duine eile i gcáil moltóra, i dtaobh ainm an duine eile sin).

Ainmniúcháin a bhac.

56.—(1) Má chuirtear bac le foréigean ar na himeachtaí a bhaineann, nó a ghabhann, le, hainmniú iarrthóirí, féadfaidh an ceann comhairimh na himeachtaí a atráthú go dtí uair an chloig is déanaí an lá céanna nó go dtí an chéad lá eile dá éis sin (gan aon lá eisiata a áireamh) agus, má mheasann sé gur gá déanamh amhlaidh, féadfaidh sé na himeachtaí a atráthú tuilleadh go dtí go mbeidh deireadh leis an mbac sin.

(2) I gcás go ndéantar aon imeachtaí a bhaineann, nó a ghabhann, le hainmniúcháin den sórt sin, cuirfidh an ceann comhairimh an méid sin in iúl don Aire agus féadfaidh an tAire, le hordú, an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghlach a chur siar go ceann tréimhse atá comhionann le tréimhse an atráthaithe sin agus an lá a cheapadh chun an vótaíocht a thógáil sa toghlach sin. I gcás go gceapfaidh an tAire lá faoin alt seo, tógfar an vótaíocht sa toghlach lena mbaineann an lá a cheapfar amhlaidh agus forléireofar an t-ordú faoi alt 96 agus déanfar an t-ordú faoi *alt 96*, a mhéid a bhaineann sé leis an toghlach, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leis, amhail is dá mba é an lá a cheaptar faoin alt seo an lá a shonraítear san ordú sin le haghaidh thógáil na vótaíochta.

Iarrthóirí a bheith i dteideal postais in aisce.

57.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(4)*, beidh gach iarrthóir i dtoghchán Dála, faoi réir cibé coinníollacha a bheidh sonraithe faoi alt

74 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, i dteideal aon phost-teachtaireacht amháin ina mbeidh ábhar a bhaineann go hiomlán leis an toghchán agus nach mbeidh os cionn 50 gram meáchain inti, a chur saor ó aon táille i leith postais chuig gach duine ar chlár na dtoghthóirí Dála don toghlach nó chuig aon teaghlaim de na daoine sin.

(2) (a) I gcás go mbeidh duine, in aon toghchán Dála, ina iarrthóir, seachas ina iarrthóir dá dtagraítear i bhfo-alt (4), i níos mó ná toghlach amháin, ní bheidh sé i dteideal an ceart chun postas in aisce a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú i leith níos mó ná ceann amháin de na toghlaigh sin.

(b) Déanfaidh iarrthóir lena mbaineann *mír (a)*, nó a ghníomhaire, an toghlach, arb ina leith is mian leis postas in aisce faoin alt seo a fheidhmiú, a chur in iúl do An Post i scríbhinn.

(3) Ní bheidh iarrthóir i dteideal an ceart chun postas in aisce, a thugtar leis an alt seo, a fheidhmiú sula mbeidh sé ainmnithe go bailí, mura rud é go mbeidh cibé urrús tugtha aige a cheanglóidh An Post i leith íoc an phostais ar an gcomhfhreagras go léir a chuirfidh sé amach faoin alt seo, má tharlaíonn nach n-ainmnítear é i ndeireadh na dála.

(4) Más rud é, in aon toghlach, go bhfuil beirt iarrthóirí nó níos mó i dtoghchán Dála ina n-iarrthóirí de chuid an pháirtí polaitíochta chéanna, ansin, chun críocha an ailt seo, measfar gur aon iarrthóir amháin iad na hiarrthóirí sin.

(5) Féadfaidh an tAire forálacha an ailt seo a leasú le hordú tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Turasóireachta, Iompair agus Cumarsáide agus le cibé daoine eile is cúil leis.

(6) (a) Féadfaidh an tAire ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a chúlghairm nó a leasú.

(b) I gcás go mbeartaítear ordú faoin alt seo a dhéanamh (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo), leagfar dréacht de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

58.—I gcás, ar 12 a chlog, meán lae, an lá díreach tar éis an dáta is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh (gan aon lá eisiata a áireamh)— An nós imeachta i ndiaidh ainmniúcháin.

(a) gur mó líon na n-iarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú ná líon na bhfolúntas a bheidh le líonadh, déanfaidh an ceann comhairimh an toghchán Dála a atráthú agus tógfaidh sé vótaíocht de réir an Achta seo, nó

(b) go mbeidh líon na n-iarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú comhionann le líon na bhfolúntas a bheidh le líonadh, nó níos lú ná an líon sin, dearbhóidh an ceann comhairimh láithreach na hiarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú a bheith tofa agus cuirfidh sé a n-ainmneacha i bhfreagra chuig Cléireach na Dála ar an modh dá bhforáiltear in *alt 39(4)* agus tabharfaidh sé fógra poiblí de réir fhorálacha *alt 127*.

CUID XI

GNÍOMHAIRÍ IARRTHÓIRÍ

Gníomhairí a cheapadh.

59.—(1) Féadfaidh iarrthóir gníomhaire toghcháin amháin a cheapadh chun cabhrú leis go ginearálta i ndáil le toghchán Dála.

(2) Féadfaidh iarrthóir nó a ghníomhaire toghcháin leasghníomhaire amháin a cheapadh maidir le haon cheantar vótaíochta sa toghlach chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus gníomhú sa cheantar sin mar leasghníomhaire toghcháin an iarrthóra.

(3) Féadfaidh an t-iarrthóir ceapachán gníomhaire toghcháin a chúlghairm agus féadfaidh an t-iarrthóir nó a ghníomhaire toghcháin ceapachán leasghníomhaire a chúlghairm.

(4) I gcás go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó go bhfaighidh gníomhaire arna cheapadh faoin alt seo bás, nó go n-éireoidh sé as oifig nó go dtiocfaidh sé chun bheith éagumasach chun gníomhú le linn toghcháin Dála, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo ina ionad.

(5) Déanfaidh an duine a cheapfaidh gníomhaire faoin alt seo, díreach tar éis an ceapachán a dhéanamh, fógra i scríbhinn faoin gceapachán agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a thabhairt don cheann comhairimh.

CUID XII

BÁS IARRTHÓRA NÓ BÁS AN CHATHAOIRLIGH AR AN DÁIL A BHEIDH AG DUL AS OIFIG

Forálacha ginearálta maidir le gníomhairí.

60.—(1) Féadfaidh iarrthóir, nó a ghníomhaire toghcháin, gníomhairí a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann an iarrthóra—

(a) le linn páipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe,

(b) i stáisiúin vótaíochta,

(c) le linn na boscaí postbhallóide a oscailt, agus

(d) le linn chomhairreamh na vótaí.

(2) Faoi réir fhorálacha *fho-alt (3)*, déanfaidh an ceann comhairimh líon na ngníomhairí is ceadmhach a cheapadh chun bheith i láthair thar ceann aon iarrthóra a shocrú, sa dóigh, áfach, go gceadófar an líon céanna thar ceann gach iarrthóra.

(3) Féadfaidh iarrthóir, nó a ghníomhaire toghcháin, duine amháin a cheapadh (dá ngairtear “gníomhaire pearsanaíochta” san Acht seo) chun bheith i láthair mar ghníomhaire an iarrthóra i ngach stáisiún vótaíochta d’fhonn cabhair a thabhairt maidir le’ chun pearsanaíocht a bhrath, agus is i scríbhinn a bheidh an ceapachán sin.

(4) Féadfaidh an t-iarrthóir, nó féadfaidh a ghníomhaire toghcháin, ceapachán faoin alt seo a chúlghairm.

(5) Déanfaidh iarrthóir, nó a ghníomhaire toghcháin, tráth nach déanaí ná an tráth chun tosú ar pháipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir, nó ag a ghníomhaire toghcháin, chun bheith i láthair le linn na heisiúna sin agus féadfaidh an ceann comhairimh diúltú aon ghníomhaire nach bhfuil a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a bhfuil na páipéir bhallóide le heisiúint.

(6) Déanfaidh iarrthóir, nó a ghníomhaire toghcháin, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire pearsanaíochta a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag a ghníomhaire toghcháin agus i dtaobh ainm an stáisiúin vótaíochta a mbeidh an gníomhaire pearsanaíochta ceaptha ina leith. Beidh gníomhaire pearsanaíochta a cheapfar de réir an ailt seo agus a mbeidh a ainm agus a sheoladh curtha in iúl go cuí don cheann comhairimh i dteideal a bheith i láthair sa stáisiún vótaíochta dá dtagraítear san fhógra le linn na tréimhse dar tús 30 nóiméad roimh an tráth a bheidh socraithe ag an Aire chun an vótaíocht a thosú agus dar críoch an tráth a dhéanann an t-oifigeach ceannais na boscaí ballóide a shéalú de bhun *alt 110(2)*, agus nuair a dhéantar na doiciméid agus na hábhair a shonraítear san alt sin a chur i bpaicéid shéalaithe.

(7) Déanfaidh iarrthóir, nó a ghníomhaire toghcháin, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag a ghníomhaire toghcháin chun bheith i láthair le linn oscailt na mboscaí postbhallóide agus féadfaidh an ceann comhairimh diúltú aon ghníomhaire nach bhfuil a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na boscaí postbhallóide le hoscailt.

(8) Déanfaidh iarrthóir nó a ghníomhaire toghcháin, tráth nach déanaí ná 2 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheann comhairimh i dtaobh ainm agus seoladh gach gníomhaire a bheidh ceaptha ag an iarrthóir nó ag a ghníomhaire toghcháin chun bheith i láthair le linn chomhaireamh na vótaí agus féadfaidh an ceann comhairimh diúltú aon ghníomhaire nach bhfuil a ainm agus a sheoladh curtha in iúl dó amhlaidh a ligean isteach san áit a mbeidh na vótaí le comhaireamh.

(9) I gcás go gcúlghairfear ceapachán gníomhaire faoin alt seo nó go bhfaighidh gníomhaire arna cheapadh faoin alt seo bás nó go n-éireoidh sé as oifig nó go dtiocfaidh sé chun bheith éagumasach chun gníomhú le linn toghcháin Dála, féadfar gníomhaire eile a cheapadh faoin alt seo ina ionad agus, i gcás go ndéanfar ceapachán den sórt sin, tabharfaidh an duine a bheidh ag déanamh an cheapacháin fógra i scríbhinn láithreach don cheann comhairimh i dtaobh ainm agus seoladh an ghníomhaire a cheapfar.

(10) Féadfaidh iarrthóir aon ní a dhéanamh go dleathach, nó cabhair a thabhairt go leathach maidir le haon ní a dhéanamh, ar ní é a fhéadfaidh gníomhaire, arna cheapadh faoin alt seo nó faoi *alt 59*, a dhéanamh go dleathach thar a cheann, agus féadfaidh sé a bheith i láthair (i dteannta

nó in ionad aon ghníomhaire den sórt sin) in aon áit ina bhféadfaidh aon ghníomhaire den sórt sin a bheith i láthair, de bhun an Achta seo.

(11) Aon ní a gceanglaítear leis an Acht seo é a dhéanamh i láthair gníomhaire iarrthóra, ní chuirfear ó bhail de bhíthin amháin nach bhfuil an gníomhaire i láthair an tráth agus san áit a bheidh ceaptha chun an ní sin a dhéanamh.

Gan oifigigh a bheith ag gníomhú mar ghníomhairí d'iarrthóirí ná ag cur iarrthóireachtaí chun cinn, etc.

61.—(1) Maidir le haon cheann comhairimh nó maidir le haon duine atá fostaithe aige chun aon chríche a bhaineann le toghchán Dála, ní ghníomhóidh sé mar ghníomhaire d'iarrthóir sa toghchán sin ná ní bheidh baint aige le hiarrthóireacht iarrthóra a chur chun cinn ná le leasanna páirtí polaitíochta sa toghchán a chur chun cinn.

(2) Ní dhéanfaidh ceann comhairimh duine a fhostú in aon cháil chun críocha toghcháin Dála ar duine é a bhí fostaithe ag iarrthóir, nó thar ceann iarrthóra, sa toghchán nó um an toghchán nó a raibh baint aige le hiarrthóireacht iarrthóra a chur chun cinn nó le leasanna páirtí polaitíochta sa toghchán a chur ar aghaidh.

CUID XII

BÁS IARRTHÓRA NÓ BÁS CHATHAOIRLEACH AR AN DÁIL A BHEIDH AG DUL AS OIFIG

Bás iarrthóra.

62.—(1) I gcás, tráth nach déanaí ná ocht n-uaire an chloig is daichead roimh an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh, go dtagann an ceann comhairimh chun bheith deimhin de go bhfuil iarrthóir atá arna ainmniú tar éis bás a fháil, tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí láithreach á rá sin agus measfar iarrthóireacht an iarrthóra a bheith tarraingthe siar.

(2) I gcás, aon tráth le linn na tréimhse a thosóidh ocht n-uaire an chloig is daichead roimh an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh agus dar críoch tosach na vótaíochta, go dtagann an ceann comhairimh chun bheith deimhin de go bhfuil iarrthóir atá arna ainmniú don toghchán tar éis bás a fháil, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas i ndáil leis an toghchán Dála—

- (a) déanfaidh an ceann comhairimh fógra faoi bhás an iarrthóra a thabhairt láithreach don Aire agus do Chléireach na Dála agus, ag an am céanna, má tá fógra i dtaobh na vótaíochta tugtha, cuirfidh sé an vótaíocht ar ceal,
- (b) tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí láithreach á rá go bhfuil gach gníomh a rinneadh i ndáil leis an toghchán (ach amháin ainmniú na n-iarrthóirí marthanacha) ar neamhní agus go ndéanfar toghchán úr,
- (c) cuirfear tús athuair leis na himeachtaí uile i leith an toghcháin, ach ní bheidh gá le hainmniú ná toiliú úr i leith aon iarrthóra a bhí arna ainmniú an tráth a cuireadh an fógra i dtaobh bhás an iarrthóra chuig an Aire,
- (d) sa toghchán úr, is é an tráth is luaithe chun ainmniúcháin a ghlacadh 10 a.m. an lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach i ndiaidh dháta foilsithe an fhógra faoi alt 44 maidir leis an

toghchán úr agus is é an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh 12 a chlog meán lae an naoú lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach tar éis an dáta a chuirfidh an ceann comhairimh fógra i dtaobh bhás an iarrthóra chuig an Aire,

- (e) socróidh an tAire an lá vótaíochta sa toghchán úr,
- (f) chun críocha *alt 44*, maidir leis an toghchán úr measfar an t-eascaire a bheith faighte ag an gceann comhairimh an lá tar éis an lae a chuirfidh sé fógra i dtaobh bhás an iarrthóra chuig an Aire,
- (g) ní bheidh feidhm ag *fo-alt (14) d'alt 25* maidir leis an toghchán úr agus déanfar tagairtí do Chlár na bPáirtithe Polaitíochta atá thairis sin san alt sin a fhorléiriú, i ndáil leis an toghchán úr, mar thagairt don chóip den Chlár sin arna cur chuig an gceann comhairimh i ndáil leis an toghchán bunaidh.

(3) I gcás, aon tráth tar éis thosach na vótaíochta i dtoghlach agus roimh chríochnú na vótaíochta sin gur deimhin leis an gceann comhairimh go bhfuil iarrthóir tar éis bás a fháil—

- (a) tabharfar neamhaird ar na vótaí go léir a tugadh sa toghchán Dála sa toghlach agus díothóidh an ceann comhairimh na páipéir bhallóide,
- (b) beidh feidhm ag forálacha mhíreanna (a) go (g) *d'fho-alt(2)*.

(4) I gcás go bhfaighidh iarrthóir i dtoghchán Dála bás in imthosca seachas iad siúd dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1), (2) nó (3)*, ní chuirfidh a bhás a ainmniúchán, ná aon rogha a bheidh taifeadta dó, ó bhail, agus, má thoghtar é, ní chuirfear a thoghadh ó bhail mar gheall ar a bhás, ach measfar gur scoir sé de bheith ina chomhalta den Dáil díreach tar éis a thofa.

(5) I gcás go gcuirfear vótaíocht ar ceal faoin alt seo, tabharfar neamhaird ar na páipéir bhallóide go léir a eisíodh chuig postvótálaithe agus vótálaithe speisialta agus díothóidh an ceann comhairimh na páipéir bhallóide go léir a fuair sé lena gcur sa vótaíocht a cuireadh ar ceal.

63.—(1) I gcás Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig, de réir bhrí *alt 36*, agus nár chraol don Dáil sular lánscoireadh í nach mian leis go ndéanfaí comhalta den Dáil de san olltoghchán a leanfaidh as a lánscor, d'fháil bháis roimh chríochnú na vótaíochta sa toghlach a measfar, de bhua an ailt sin, é a bheith tofa dó beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig d'fháil bháis.

- (a) má thagann Cléireach na Dála chun bheith deimhin de go bhfuil an Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig tar éis bás a fháil sula gcuirfear an t-eascaire amach chuig an gceann comhairimh don toghlach, scoirfidh an t-alt sin d'éifeacht a bheith leis maidir leis an olltoghchán;
- (b) I gcás, tar éis an t-eascaire a chur amach agus roimh thosach na vótaíochta sa toghlach, go dtagann Cléireach na Dála chun bheith deimhin de go bhfuil an Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig tar éis bás a fháil—

- (i) déanfaidh Cléireach na Dála, ar é a bheith deimhin de faoin mbás, an t-eascaire a ghairm ar ais agus eascaire a chur amach ina ionad chuig an gceann comhairimh (dá ngairtear an t-eascaire nua sa mhír seo), arb eascaire é a fhoclófar ar shlí lena n-ordóidh sé dó toghchán a chur á dhéanamh do lánlíon na gcomhaltaí den Dáil don toghlach, agus déanfaidh sé, an tráth céanna a chuireann sé an t-eascaire nua amach, fógra a thabhairt don Aire á rá gur cuireadh amach é;
- (ii) déanfaidh an ceann comhairimh, ar é a bheith deimhin de faoin mbás, nó tar éis dó an t-eascaire nua a fháil (cibé acu sin is túisce a tharlóidh), an vótaíocht a chur ar ceal más rud é go bhfuil fógra tugtha faoin vótaíocht;
- (iii) cuirfear tús athuair leis na himeachtaí uile i leith an toghcháin;
- (iv) tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí á rá go bhfuil gach gníomh a rinneadh i ndáil leis an toghchán (ach amháin ainmniú na n-iarrthóirí marthanacha) ar neamhní agus go ndéanfar toghchán úr;
- (v) sa toghchán úr—
- (I) is é an tráth is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh 12 a chlog, meán lae, lá deiridh na tréimhse arb é a bheidh ann naoi lá (gan aon lá eisiata a áireamh) díreach tar éis an lae a gcuirfear an t-eascaire nua amach agus socróidh an tAire an lá vótaíochta,
- (II) ní gá aon ainmniú ná toiliú úr i leith aon iarrthóra a bhí, i gcás an vótaíochta a bheith cealaithe faoi fhomhír (ii), arna ainmniú an tráth a cuireadh an vótaíocht ar ceal agus, in aon chás eile, an trátha fuair an ceann comhairimh an t-eascaire nua;
- (vi) ní bheidh feidhm ag *fo-alt (14) d'alt 25* i ndáil leis an toghchán úr agus déanfar tagairtí do chlár na bPáirtithe Polaitíochta atá thairis sin san alt sin a fhorléiriú, i ndáil leis an toghchán úr, mar thagairt don chóip den Chlár sin arna chur chuig an gceann comhairimh i ndáil leis an toghchán bunaidh,
- (c) má thagann an ceann comhairimh chun bheith deimhin de go bhfuair an Cathaoirleach ar an Dáil atá ag dul as oifig bás tar éis thosach na vótaíochta sa toghlach agus roimh chríochnú na vótaíochta sin—
- (i) tabharfar neamhaird ar na vótaí go léir a bheith tugtha sa toghchán sa toghlach agus díothóidh an ceann comhairimh na páipéir bhallóide,
- (ii) beidh feidhm ag forálacha *fhomhíreanna (i) go (vi) de mhír (b)*.
- (2) Nuair a chuirfear vótaíocht ar ceal faoin alt seo, tabharfar neamhaird ar na páipéir bhallóide go léir a cuireadh amach chuig post vótálaithe agus vótálaithe speisialta agus díothóidh an ceann comhairimh

na páipéir bhallóide go léir a bheidh faighte aige lena n-áireamh sa vótaíocht atá curtha ar ceal.

CUID XIII

POSTVÓTÁIL

64.—Déanfaidh ceann comhairimh do thoghlach, a luaithe is indéanta tar éis toghchán Dála a atráthú d'fhonn vótaíocht a thógáil, páipéar ballóide agus foirm admhála san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire a chur chuig gach toghthóir Dála a bhfuil a ainm ar liosta na bpostvótálaithe don toghlach agus más rud é, roimh chríochnú na vótaíochta, go mbeidh an páipéar ballóide faighte ag an gceann comhairimh, agus an páipéar sin marcáilte go cuí ag an toghthóir sin, mar aon leis an admháil sin, agus i sínithe go cuí aige, comhairfidh sé é agus déileálfar leis chun gach críche ar an modh céanna ar a ndéileálfá le páipéar ballóide a chuirtear sa bhosca ballóide ar an ngnáthshlí le linn an vótaíocht a thógáil. Vótáil leis an bpost.

65.—(1) Beidh feidhm ag forálacha na Coda seo maidir le heisiúint páipéar ballóide chuig toghthóirí a bhfuil a n-ainmneacha taifeadta sa liosta postvótálaithe de bhun *alt 14(c)*, agus maidir leis na toghthóirí sin do chur na bpáipéar ballóide sin ar ais, ach sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas— Vótáil ag toghthóirí dá dtagraítear in *alt 12*.

- (a) chun vóta a chaitheamh, déanfaidh toghthóir a bhfuil a ainm taifeadta amhlaidh ar an liosta postvótálaithe na nithe seo a leanas san ord seo a leanas i láthair duine údaráithe, gan aon duine eile i láthair—
 - (i) páipéar ballóide (arb i ndáil leis a dheimhneoidh an duine údaráithe dó féin go bhfuil sé neamh-mharcáilte) agus foirm um dhearbhu céannachta san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire a thabhairt ar aird don duine údaráithe;
 - (ii) an dearbhú céannachta sin a chomhlánú agus a shíniú;
 - (iii) an dearbhú céannachta a thabhairt de lámh don duine údaráithe agus déanfaidh seisean, má tá sé deimhin de chéannacht an duine a shínigh an dearbhú céannachta, an síniú a fhianú;
 - (iv) a pháipéar ballóide a mharcáil go rúnda;
 - (v) an páipéar ballóide marcáilte a chur sa chlúdach páipéir ballóide agus an clúdach sin a shéalú go héifeachtúil;
 - (vi) an clúdach páipéir ballóide agus an dearbhú céannachta comhlánaithe a chur san fhorchlúdach agus an clúdach sin a shéalú go héifeachtúil;
- (b) déanfar tagairt do “admháil”, i ndáil le doiciméid is cuí leith toghthóirí den sórt sin, a fhorléiriú mar thagairt do “dearbhu céannachta”, agus
- (c) déanfar tagairt do “admháil arna síniú go cuí”, i ndáil le doiciméid den sórt sin, a fhorléiriú mar thagairt do “dearbhu céannachta arna shíniú agus arna fhianú go cuí”.

(2) San alt seo—

ciallaíonn “duine údaraithe” duine arna cheapadh ag Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha chun bheith ina dhuine údaraithe chun críocha an ailt seo;

tá le “clúdach páipéir ballóide” agus le “forchlúdach” na bríonna a shonraítear in *alt 68(3)*.

Foirm an pháipéir ballóide agus na hadmhála.

66.—(1) Is san fhoirm chéanna leis na páipéir bhallóide a sheachadfar ar thoghthóirí eile a bheidh an páipéar ballóide a chuirfear chuig postvótálaithe agus beidh siad do-aitheanta óna chéile.

(2) Is san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire a bheidh an admháil a chuirfear chuig postvótálaithe i dteannta an pháipéir ballóide agus beidh na treoracha don vótálaí clóbhuailte uirthi.

Gníomhairí a bheidh i láthair.

67.—Féadfaidh an ceann comhairimh, a chúntóirí agus a chléirigh, comhaltaí den Gharda Síochána ar dualgas, gníomhairí na n-iarrthóirí arna gceapadh chun na críche seo faoi *alt 60* a bheith i láthair ag na himeachtaí an tráth a bheidh páipéir bhallóide á n-eisiúint agus an tráth a bheidh boscaí ballóide na postvótálaithe agus na clúdaigh iontu á n-oscailt agus ní ceadmhach aon duine eile a bheith i láthair amhlaidh ach amháin le cead ón gceann comhairimh.

Postpháipéir bhallóide a eisiúint.

68.—(1) Tabharfaidh an ceann comhairimh fógra ceithre huairé an chloig is fiche ar a laghad i scríbhinn do gach iarrthóir i dtaobh an trátha a n-eiseoidh sé agus na háite ina n-eiseoidh sé na páipéir bhallóide chuig postvótálaithe, más toghchán iomaidh atá ann, agus i dtaobh an lín daoine a fhéadfaidh gach iarrthóir a cheapadh chun bheith i láthair ag an eisiúint sin agus, i gcás go n-eisítear aon pháipéir bhallóide dá éis sin, déanfaidh an ceann comhairimh, a luaithé is indéanta, fógra a thabhairt do gach iarrthóir i dtaobh an trátha a ndéanfaidh sé, agus na háite ina ndéanfaidh sé, an eisiúint sin dá éis sin agus i dtaobh an lín daoine a fhéadfaidh gach iarrthóir a cheapadh chun bheith i láthair ag an eisiúint sin.

(2) Déanfar gach páipéar ballóide a eiseofar a mharcáil le marc oifigiúil a bheidh cabhraithe nó pollta ionas go mbeidh sé le feiceáil ar an dá thaobh den pháipéar, agus glaofar amach uimhir (lena n-áirítear litir an cheantair vótaíochta) agus ainm an toghthóra mar a luaitear iad ar liosta na bpostvótálaithe, agus cuirfear marc ar chóip de liosta na bpostvótálaithe os coinne uimhir an toghthóra chun a chur in iúl gur eisíodh páipéar ballóide chuig an toghthóir, ach gan uimhir an pháipéir ballóide a eisíodh chuige a thaispeáint.

(3) Déanfaidh an ceann comhairimh—

(a) an páipéar ballóide,

(b) an fhoirm admhála,

(c) clúdach (dá ngairtear “forchlúdach” sa Chuid seo) a bheidh dírithe chuig an gceann comhairimh, agus

(d) clúdach níos lú a mbeidh “clúdach an pháipéir ballóide” marcáilte air,

a chur i gclúdach a bheidh dírithe chuig an bpostvótálaí agus dúnfaidh sé an clúdach sin go héifeachtúil.

(4) Comhairfidh an ceann comhairimh na clúdaigh go léir a bheidh dírithe chuig na postvótálaithe agus seachadfaidh sé iad láithreach ar an ardoifig phoist is cóngaraí nó ar cibé oifig eile a shocrófar leis an bpríomh-mháistir poist; agus stampálfaidh an máistir poist dátstampa An Post ar fhoirm admhála a bheidh le tiolacadh ag an gceann comhairimh, ar admháil í ina luaitear an líon clúdach a bheidh seachadta, agus cuirfidh sé na clúdaigh sin ar aghaidh láithreach lena seachadadh ar na daoine a bhfuil siad dírithe chucu.

(5) I gcás go ndéantar clúdach ina bhfuil páipéar ballóide agus doiciméid eile dá dtagraítear san alt seo a sheoladh ar ais, roimh an lá vótaíochta, chuig an gceann comhairimh mar chlúdach nár seachadadh ar phostvótálaí, féadfaidh an ceann comhairimh an clúdach a athdhíriú agus é a chur leis an bpost chuig an vótálaí sin.

69.—(1) Cuirfidh an ceann comhairimh bosca ballóide nó boscaí ballóide ar fáil chun na forchlúdaigh a ghlacadh an tráth a chuirfidh postvótálaithe ar ais iad. Boscaí ballóide postvótálaithe a chur ar fáil.

(2) Tráth eisithe na bpáipéar postbhallóide, déanfar gach bosca ballóide den sórt sin a thaispeáint do na gníomhairí atá i láthair, agus é ar oscailt agus folamh, agus séalófar é le séala an chinn comhairimh agus le séalaí cibé acu de na gníomhairí ar mian leo a séalaí a ghreamú de, agus marcálfar “Bosca Ballóide na bPostvótálaithe” agus ainm an toghlaigh air agus déanfaidh an ceann comhairimh socrú chun an bosca ballóide sin a shlánchoimeád.

70.—A luaithe a gheobhaidh an ceann comhairimh forchlúdaigh, cuirfidh sé i mbosca ballóide postvótálaithe iad gan iad a oscailt. Cuirfear clúdaigh i mboscaí ballóide postvótálaithe.

71.—Más rud é, roimh chríochnú na vótaíochta, go bhfaighidh an ceann comhairimh clúdach seachas forchlúdach agus go bhfaighidh sé aon doiciméad ann ar cui é a chur chuige i bhforchlúdach— Déileálfar le clúdaigh mar fhorchlúdaigh.

- (a) dúnfaidh sé an clúdach go daingean;
- (b) déanfaidh sé ráiteas a fhormhuiniú air agus a shíniú, á rá gurbh eisean a dhún an clúdach agus go raibh an t-inneachar ann slán tráth a dhúnta;
- (c) cuirfidh sé an clúdach dúnta i mbosca ballóide postvótálaithe;
- (d) dá éis sin, déileálfaidh sé leis an gclúdach mar fhorchlúdach;

agus aon tagairt sa Chuid seo d’fhorchlúdach, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn tagairt do chlúdach a mbeidh an ceann comhairimh tar éis déileáil leis de réir an ailt seo.

72.—An uair a bheidh ceaptha socraithe chun an vótaíocht a chríochnú, déanfaidh an ceann comhairimh— Nós imeachta ar chríochnú na vótaíochta.

- (a) gach ceann de bhoscaí ballóide na bpostvótálaithe a shéalú ionas nach féidir aon pháipéar eile a chur isteach ann, nó
- (b) gach bosca den sórt sin a oscailt láithreach agus gach ní dá bhfuil ann a thógáil amach agus déileáil leis de réir *alt 73*.

73.—(1) Osclóidh an ceann comhairimh boscaí ballóide na bpostvótálaithe, i láthair na ngníomhairí, más ann, roimh an tráth a bheidh socraithe do chomhaireamh na vótaí. Boscaí ballóide postvótálaithe a oscailt.

(2) Tráth nach déanaí ná 4 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta, déanfaidh an ceann comhairimh fógra i scríbhinn a thabhairt do gach iarrthóir i dtaobh an trátha a osclóidh sé, agus na háite ina n-osclóidh sé, boscaí ballóide na bpostvótálaithe, agus na clúdaigh atá iontu, agus i dtaobh an lín gníomhairí a fhéadfaidh gach iarrthóir a cheapadh chun bheith i láthair ag an oscailt. Tabharfaidh an ceann comhairimh saoráidí réasúnacha do na gníomhairí sin chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na himeachtaí le linn oscailt na mboscaí agus tabharfaidh sé ngach faisnéis ina thaobh sin dóibh is féidir leis a thabhairt i gcomhréir le stiúradh ordúil na n-imeachtaí agus le comhlíonadh a fheidhmeanna.

(3) Nuair a dhéantar bosca ballóide postvótálaithe a oscailt, tógfaidh an ceann comhairimh na forchlúdaigh amach as agus déanfaidh sé na forchlúdaigh a bheidh tógtha amach amhlaidh a chomhaireamh, agus scríobhfaidh sé síos líon na bhforchlúdach sin, agus osclóidh sé ansin gach forchlúdach ar leithligh agus scrúdóidh sé an admháil.

(4) Má bhreithnítear an admháil a bheith sínithe go cuí, cuirfidh sé an admháil agus an clúdach páipéir ballóide i ngabhdáin ar leithligh nó, mura bhfuil an páipéir ballóide i gclúdach páipéir ballóide, cuirfidh sé an admháil sa ghabhdán cuí agus cuirfidh sé an páipéir ballóide i mbosca ballóide de réir *alt 75*, gan é a dhífhilleadh.

(5) Mura deimhin leis gur síníodh an admháil go cuí, formhuineoidh sé “diúltaithe” ar an admháil agus déanfaidh sé an clúdach páipéir ballóide, gan an clúdach sin a oscailt, nó, más rud é nach bhfuil aon chlúdach den sórt sin ann, an páipéir ballóide, a chur i gceangal léi.

(6) Má dhealraíonn sé nach bhfuil admháil ag gabháil leis an gclúdach páipéir ballóide, osclóidh an ceann comhairimh an clúdach, agus más amhlaidh go bhfuil an admháil ann, déileálfad sé leis an admháil sin agus leis an bpáipéir ballóide sin de réir an Coda seo.

(7) Marcálfar “diúltaithe” ar aon admháil nach bhfuil páipéir ballóide ag gabháil léi agus ar aon pháipéir ballóide nach bhfuil admháil ag gabháil leis.

(8) I gcás go bhfaighfear páipéir ballóide agus admháil le chéile, ní dhiúltófar don pháipéir ballóide de bhíthin amháin nár cuireadh an páipéir ballóide agus an admháil, nó ceachtar díobh, sna clúdaigh chuí nó sa chlúdach cuí nó nach raibh aon chlúdach den sórt sin dúnta.

Admhálacha diúltaithe.

74.—(1) Má iarrann gníomhaire iarrthóra é taispeánfaidh an ceann comhairimh dó aon admháil a bhfuil sé ag diúltú di ar an bhforas nach bhfuil sí sínithe go cuí.

(2) Déanfaidh an ceann comhairimh na hadmhálacha diúltaithe go léir, mar aon leis na clúdaigh nó na páipéir bhallóide, de réir mar a bheidh, a bhí ag gabháil leo, a choimeád ar leithligh ó na doiciméid eile go léir.

Cuirfear páipéir bhallóide i mboscaí ballóide.

75.—Nuair a bheidh na forchlúdaigh in aon bhosca ballóide postvótálaithe oscailte agus nuair a bheidh déileáilte lena bhfuil iontu faoin dá alt sin roimhe seo, osclóidh an ceann comhairimh gach clúdach páipéir ballóide nár osclaíodh (seachas na clúdaigh pháipéir ballóide dá dtagraítear in *alt 73 (5)*) agus cuirfidh sé an páipéir ballóide, gan é

a dhífhilleadh, i mbosca ballóide a taispeánadh agus é ar oscailt agus folamh roimhe sin do na gníomhairí atá i láthair agus a séalaidh le séala an chinn comhairimh agus le séalaí cibé acu de na gníomhairí ar mian leo a séalaí a ghreamú de agus déileálfar leis an mbosca sin ina dhiaidh sin mar bhosca ballóide chun críocha *alt 114*.

76.—(1) Déanfaidh an ceann comhairimh, a luaithe is ndéanta tar éis eisiúint na bpáipéar postbhallóide a bheith críochnaithe agus i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí, más ann, an chóip mharcáilte de liosta na bpostvótálaithe agus comhdhuillí na bpáipéar ballóide a chur le chéile i bpaicéid ar leithligh, a bheidh arna séalú lena shéala féin agus arna séalú ag cibé duine de na gníomhairí ar mian leo a séalaí a ghreamú díobh: ar choinníoll, i gcás go ndéanfar aon pháipéir bhallóide a eisiúint dá éis sin, go bhféadfaidh an ceann comhairimh an paicéad séalaithe ina bhfuil an chóip mharcáilte de liosta na bpostvótálaithe a oscailt chun críocha na heisiúna sin, agus, ar an eisiúint sin a bheith críochnaithe, go ndéanfar an liosta agus comhdhuillí na bpáipéar ballóide ag an eisiúint sin a chur le chéile agus a shéalú de réir an ailt seo.

Dualgais an chinn comhairimh i ndáil le doiciméid a bhaineann le postvótálaithe.

(2) A luaithe a bheidh na páipéir bhallóide curtha isteach sa bhosca ballóide a luaitear in *alt 75*, déanfaidh an ceann comhairimh na nithe seo a leanas a shéalú—

- (a) na hadmhálacha a bhí ag gabháil le haon pháipéir bhallóide ar glacadh leo go cuí;
- (b) aon admhálacha diúltaithe, mar aon leis na clúdaigh, más ann, a bhí i gceangal leo; agus
- (c) aon pháipéir bhallóide dhiúltaithe, mar aon leis na clúdaigh, más ann, a bhí i gceangal leo.

(3) I gcás go bhfaighidh an ceann comhairimh forchlúdaigh tar éis chríochnú na vótaíochta, nó ina ndéantar aon chlúdaigh a díriodh chuig postvótálaithe a sheoladh ar ais mar chlúdaigh neamhsheachadta, ní osclóidh an ceann comhairimh na clúdaigh sin agus, faoi réir na cumhachta atá aige chun na clúdaigh sin a athdhíriú de bhun *alt 68(5)*, séalóidh sé na clúdaigh sin i bpaicéid ar leithligh.

(4) Déanfaidh an ceann comhairimh tuairisc faoi na nithe atá ann i ngach paicéad a luaitear i *bhfo-ailt (1)*, *(2)* agus *(3)*, agus ainm an toghlaigh agus dáta an lae vótaíochta sa toghchán lena mbaineann na nithe sin, a fhorhuiniú ar an bpaicéad sin.

(5) Cuirfidh an ceann comhairimh na nithe seo a leanas ar aghaidh chuig Cléireach na Dála an tráth céanna a mbeidh na doiciméid a luaitear in *alt 129* á gcur ar aghaidh aige—

- (a) na paicéid dá dtagraítear sna forálacha sin roimhe seo den alt seo, agus
- (b) ráiteas i cibé foirm a ordóidh an tAire, is ráiteas ina dtaispeánfar an líon páipéar ballóide a cuireadh chuig postvótálaithe, agus na sonraí a éilítear leis an bhfoirm i leith na bpáipéar sin.

(6) Maidir le haon chlúdaigh a sheolfar ar ais mar chlúdaigh neamhsheachadta agus aon fhorchlúdaigh a gheobhaidh an ceann

comhairimh tar éis dó an paicéid sin a chur ar aghaidh chuig Cléireach na Dála, ní osclófar iad agus cuirfear ar aghaidh chuig Cléireach na Dála iad.

Míniú ar ghníomhaire. 77.—Sa Chuid seo, foláionn “gníomhaire” gníomhaire toghcháin iarrthóra agus aon duine arna cheapadh ag iarrthóir nó thar a cheann chun bheith i láthair tráth eisithe páipéar ballóide chuig postvótálaithe nó tráth oscailte boscaí ballóide postvótálaithe.

CUID XIV

VÓTÁIL AG VÓTÁLAI THE SPEISIALTA

Léiriú (*Cuid XIV*). 78.—Sa Chuid seo—

tá le “clúdach páipéir ballóide” an bhrí a shonraítear in *alt 81(c)*;

tá le “forchlúdach” an bhrí a shonraítear in *alt 81(d)*;

ciallaíonn “oifigeach ceannais speisialta” duine arna cheapadh chun bheith ina oifigeach ceannais speisialta de bhun *alt 80*.

Vótáil ag vótálaithe speisialta.

79.—Maidir le haon toghthóir Dála a mbeidh a ainm, tráth toghcháin Dála, taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta do thoghlach, beidh sé i dteideal vótáil sa toghlach sin sa vótaíocht sa toghchán de réir fhorálacha *alt 82* agus ní bheidh sé i dteideal vótáil ar aon slí eile.

Oifigigh ceannais speisialta.

80.—(1) Déanfaidh an ceann comhairimh, de réir mar is gá sna himthosca, duine amháin nó níos mó a cheapadh chun críocha na Coda seo chun bheith ina oifigeach ceannais speisialta nó ina n-oifigigh ceannais speisialta chun na feidhmeanna a thugtar d’oifigeach ceannais speisialta leis an gCuid seo a chomhlíonadh.

(2) Maidir leis na forálacha den Acht seo a bhaineann le cumhachtaí, cearta agus dualgais oifigigh ceannais arna cheapadh do stáisiún vótaíochta i dtoghchán, beidh feidhm acu maidir le hoifigeach ceannais speisialta arna cheapadh faoin alt seo amhail is dá mba oifigeach ceannais arna cheapadh amhlaidh é agus amhail is dá mba stáisiún vótaíochta i dtoghchán an áit a bhfuil an vótálaí speisialta ag caitheamh a vóta.

(3) Féadfaidh an ceann comhairimh feidhmeanna uile, nó aon cheann d’fheidhmeanna, oifigigh ceannais speisialta arna cheapadh faoin alt seo a chomhlíonadh agus beidh feidhm ag forálacha *fho-alt (2)* maidir leis an gceann comhairimh le linn dó na feidhmeanna sin nó an fheidhm sin a chomhlíonadh amhlaidh.

(4) Maidir leis na forálacha *d’alt 103* a bhaineann le ceart toghthóra a iarraidh go ndéanfaidh compánach a pháipéar ballóide a mharcáil dó, ní bheidh feidhm acu i ndáil le vótálaí speisialta.

Páipéar ballóide etc. do vótálaithe speisialta.

81.—(1) A luaithe is indéanta tar éis an toghchán Dála a atráthú chun vótaíocht a thógáil, cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara na nithe seo a leanas a sheachadadh de bhun *alt 82* ar gach vótálaí speisialta atá i dteideal vótáil sa toghchán sin—

(a) páipéar ballóide don toghchán;

(b) foirm um dhearbhu céannachta san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire;

(c) clúdach, a mbeidh “clúdach páipéir ballóide” marcáilte air (agus dá ngairtear “clúdach páipéir ballóide” sa Chuid seo);

agus

(d) clúdach atá dírithe chuig an gceann comhairimh (ar clúdach é dá ngairtear “forchlúdach” sa Chuid seo).

82.—(1) I dtoghchán Dála, déanfaidh oifigeach Ceannais speisialta, i láthair comhalta den Gharda Síochána, an fhoirm um dhearbhu céannachta dá dtagraítear in *alt 81* a sheachadadh ar an vótálaí speisialta. Modh vótála ag vótálaithe speisialta.

(2) Ní bheidh duine ar bith seachas an t-oifigeach ceannais speisialta agus an comhalta den Gharda Síochána i láthair nuair atá an vótálaí speisialta ag vótáil de bhun an ailt seo.

(3) Comhlánóidh an vótálaí speisialta an dearbhú céannachta agus síneoidh sé é nó, mura féidir leis scríobh, cuirfidh sé a mharc leis agus déanfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta an síniú sin, nó de réir mar a bheidh, an marc sin, a fhianú.

(4) Déanfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta, ar é a bheith deimhin de chéannacht an vótálaí speisialta, páipéar ballóide a mharcáil leis an marc oifigiúil agus an páipéar ballóide sin, mar aon le clúdach páipéir ballóide, a sheachadadh ar an vótálaí speisialta.

(5) A luaithe a bheidh an páipéar ballóide agus an clúdach páipéir ballóide tugtha ag an oifigeach ceannais speisialta don vótálaí speisialta, marc a chur os coinne ainm an vótálaí speisialta lena mbaineann ar chóip den liosta vótálaithe speisialta chun a chur in iúl gur eisíodh páipéar ballóide chuig an vótálaí sin ach ní thaispeánfaidh sé uimhir an pháipéir ballóide a eisíodh amhlaidh.

(6) Déanfaidh an vótálaí speisialta, air sin, a vóta a thairfeadh go rúnda ar an bpáipéar ballóide agus, nuair a bheidh a vóta tairfeadta aige amhlaidh, fillfidh sé an páipéar ballóide sa dóigh go mbeidh an vóta ceilte agus cuirfidh sé an páipéar ballóide, agus é fillte amhlaidh, sa clúdach páipéar ballóide agus séalóidh sé an clúdach agus tabharfaidh sé an clúdach páipéir ballóide, de lámh, don oifigeach ceannais speisialta.

(7) Déanfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta, a luaithe a bheidh an clúdach páipéir ballóide faighte aige, an clúdach sin, mar aon leis an dearbhú céannachta comhlánaithe, a chur i bhforchlúdach, agus séalóidh sé an forchlúdach air sin agus greamóidh sé lipéad de san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire ar lipéad é a bheidh sínithe aige féin agus ag an gcomhalta den Gharda Síochána.

83.—(1) Déanfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta, roimh an am a bheidh socraithe do chríochnú na vótaíochta sa toghchán Dála lena mbaineann, gach forchlúdach dá dtagraítear in *alt 82(7)* a sheachadadh ar an gceann comhairimh. Dualgais an oifigigh ceannais speisialta i ndáil le forchlúdaigh agus doiciméid eile.

(2) Nuair a bheidh an vótáil críochnaithe ag vótálaithe speisialta, déanfaidh an t-oifigeach ceannais speisialta na nithe seo a leanas a shéalú i bpaicéid ar leithligh—

(a) na páipéir bhallóide neamhúsáidte agus aon pháipéir bhallóide mhillte, agus iad i dteannta a chéile;

(b) comhdhuillí na bpáipéar ballóide;

- (c) an chóip mharcáilte den liosta vótálaithe speisialta;
- (d) cuntas páipéir ballóide i cibé foirm a ordóidh an tAire agus é comhlánaithe aige;
- (e) an gléas marcála, aon stáiseanóireacht neamhúsáidte agus aon doiciméid nó ábhair eile atá ina sheilbh agus a bhaineann le vótáil ag vótálaithe speisialta sa toghchán;

agus seachadfaidh sé na paicéid sin go léir ar an gceann comhairimh.

Dualgais an chinn comhairimh i ndáil le doiciméid a bhaineann le vótálaithe speisialta.

84.—(1) Déileálfaidh an ceann comhairimh leis na paicéid a sheachadfaidh oifigeach ceannais speisialta air de bhun *alt 83* ar an modh céanna ar a ndéileálfadh sé, de réir fhorálacha an Achta seo, le paicéid eile ina mbeadh doiciméid agus ábhair eile den tsamhail chéanna, ar doiciméid iad a bhaineann le toghchán Dála.

(2) Déanfaidh an ceann comhairimh na forchlúdaigh a bheidh curtha ar ais chuige ag oifigeach ceannais speisialta de bhun *alt 83* a chur i mbosca ballóide na bpostvótálaithe dá dtagraítear in *alt 69* agus, dá éis sin, déileálfar leis na forchlúdaigh agus na doiciméid atá iontu amhail is dá mba chlúdaigh agus doiciméid iad a chuir postvótálaithe ar ais chuig an gceann comhairimh agus beidh feidhm ag forálacha *ailt 73, 74, 75* agus *76* maidir leis na clúdaigh agus na doiciméid sin.

(3) Le linn na forálacha den Acht seo a bhaineann le postvótálaithe a chur i bhfeidhm maidir le vótálaithe speisialta—

- (a) déanfar tagairt do “admháil” a fhorléiriú i ndáil le doiciméid is cuí i leith vótálaithe speisialta, mar thagairt do “dearbhú céannachta”, agus
- (b) déanfar tagairt do “admháil arna siniú go cuí” a fhorléiriú, i ndáil le doiciméid den sórt sin, mar thagairt do “dearbhú céannachta arna shíniú agus arna fhianú go cuí”, agus
- (c) mura bhfuil an lipéad dá dtagraítear in *alt 82* i gceangal leis an bhforchlúdach nó mura bhfuil an lipéad sin sínithe go cuí ag an oifigeach ceannais speisialta agus ag an gcomhalta den Gharda Síochána, diúltóidh an ceann comhairimh don fhorchlúdach agus déileálfaidh sé leis amhail is dá mba admháil é nár síníodh go cuí.

CUID XV

VÓTAÍOCHT AR OILEÁIN

Vótaíocht roimh ré ar oileáin.

85.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo más rud é go mbeidh vótaíocht le tógáil i dtoghchán Dála i dtoghlach agus gurb é tuairim an chinn comhairimh, i gcás stáisiún vótaíochta atá suite ar oileán, go mbeadh sé sin dodhéanta mar gheall ar dhrochaimsir nó deacrachtaí iompair—

- (a) an vótaíocht a thógáil an lá vótaíochta a bheidh ceaptha ag an Aire, nó
- (b) dá dtógfaí an vótaíocht an lá sin, na boscaí ballóide a sheachadadh ar an áit le haghaidh chomhaireamh na vótaí ar 9 a.m. nó roimhe sin, an lá tar éis an lae vótaíochta.

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí sa cheantar vótaíochta á rá go dtógfaidh sé an vótaíocht sa stáisiún vótaíochta ar an oileán lá a bheidh sonraithe, agus ar lá é is luaithe ná an lá vótaíochta a bheidh ceaptha ag an Aire agus is déanaí ná an séú lá roimh an lá vótaíochta sin, agus, d’ainneoin aon ní san Acht seo, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

- (a) tógfaidh an ceann comhairimh an vótaíocht sa stáisiún vótaíochta ar an oileán an lá a bheidh sonraithe san fhógra nó, más é a thuairim nach féidir, mar gheall ar dhrochaimsir, an vótaíocht a thógáil an lá sin, an chéad lá tar éis an lae sin is dóigh leis a bheidh cúrsaí iompair idir an t-oileán agus an mhórhír réasúnta sábháilte,
- (b) mura féidir, mar gheall ar dheacrachtaí iompair, tosú ar an vótaíocht ag an am a bheidh socraithe ag an Aire do thosach na vótaíochta, tosófar ar an vótaíocht a luaithe is féidir tar éis an ama sin,
- (c) I gcás, tar éis an vótaíocht a bheith ar siúl ar feadh ceithre huairé an chloig ar a laghad, gur dóigh leis an oifigeach ceannais, dá leanfaí níos faide leis an vótaíocht, nárbh fhéidir na boscaí ballóide a bheith ag an áit le haghaidh chomhaireamh na vótaí ar 9 a.m., nó roimhe sin an lá tar éis an lae vótaíochta a bheidh ceaptha ag an Aire, féadfaidh sé an vótaíocht a chríochnú ansin.

(3) Ní dhéanfar aon athrú ar fhoirm ná ar ráiteas an fhógra i dtaobh na vótaíochta faoi *alt 87* mar gheall ar athrú faoin alt seo ar lá agus uaireanta na vótaíochta.

86.—I gcás go bhfuil vótaíocht le tógáil i dtoghlach, seachas vótaíocht atá le tógáil lá sonraithe faoi *alt 85*, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas maidir le stáisiún vótaíochta ar oileán, d’ainneoin aon ní san Acht seo—

Vótaíocht ar oileáin;
tuilleadh forálacha.

- (a) mura féidir, mar gheall ar dhrochaimsir nó deacrachtaí iompair, tosú ar an vótaíocht ag an am a bheidh ceaptha ag an Aire do thosach na vótaíochta, tosófar uirthi a luaithe is féidir tar éis an ama sin,
- (b) más rud e, tar éis an vótaíocht a bheith ar siúl ar feadh ceithre huairé a chloig ar a laghad, gur dóigh leis an oifigeach ceannais, dá leanfaí níos faide leis an vótaíocht, nárbh fhéidir na boscaí ballóide a bheith ag an áit le haghaidh chomhaireamh na vótaí ar 9 a.m. nó roimhe sin an lá tar éis an lae vótaíochta a bheidh ceaptha ag an Aire, féadfaidh sé an vótaíocht a chríochnú ansin.

CUID XVI

SOCRUITHE LE HAGHAIDH NA VÓTAÍOCHTA

87.—I gcás go gcuirfear toghchán Dála ar atráth chun vótaíocht a thógáil, déanfaidh an ceann comhairimh, a luaithe is indéanta tar éis an atráthaithe, fógra (dá ngairtear “an fógra i dtaobh na vótaíochta” san Acht seo) a fhoilsiú is fógra ina luaifear—

Fógra i dtaobh na
vótaíochta.

- (a) an lá, agus na huaireanta an chloig ar lena linn, a thógfar an vótaíocht,
- (b) ainmneacha agus tuairiscí na n-iarrthóirí atá arna n-ainmniú sa toghchán amhail mar atá siad taifeadta ina bpáipéir ainmniúcháin, agus ainmneacha agus tuairiscí na moltóirí, más ann, agus
- (c) an t-ord ina mbeidh ainmneacha na n-iarrthóirí sin ar na páipéir bhallóide.

Páipéir bhallóide.

88.—(1) Is é a bheidh i mballóid vótálaí i dtoghchán Dála páipéar (dá ngairtear “páipéar ballóide” san Acht seo) san fhoirm a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal*.

(2) Ullmhófar páipéir bhallóide de réir na dtreoracha seo a leanas—

- (a) maidir le páipéar ballóide, luafar ann ainmneacha agus tuairiscí na n-iarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú sa toghchán, mar a thaispeántar iad ina bpáipéir ainmniúcháin faoi seach. Cuirfear na hainmneacha in ord aibítire de réir sloinnteacha, nó má tá 2 iarrthóir nó níos mó ann agus an sloinne céanna orthu, de réir ord aibítire a n-ainmneacha eile nó más rud é go bhfuil an sloinne agus na hainmneacha eile mar an gcéanna, cuirfear iad i cibé ord a chinneadh an ceann comhairimh trí chrannadh,
- (b) déanfar sloinne gach iarrthóra agus ainm a pháirtí polaitíochta más ann, nó más cuí, an abairt “Neamh-Pháirtí” a chló i gceannlitreacha móra, déanfar a ainm a chló i gceannlitreacha beaga agus déanfar a sheoladh agus a shlí bheatha, más ann, mar a thaispeántar iad ar a pháipéar ainmniúcháin a chló i ngnáthlitreacha,
- (c) socrófar liosta na n-iarrthóirí i gcolún leanúnach amháin nó in 2 cholún nó níos mó ar an modh is fearr, i dtuairim an chinn comhairimh, don mharcáil agus don chomhaireamh (ach gan imeacht ón ord aibítire), ach sin faoi réir an tsriain go mbeidh na spásanna ar an bpáipéar ballóide ina mbeidh ainmneacha agus tuairiscí na n-iarrthóirí mar an gcéanna i gcás gach duine de na hiarrthóirí,
- (d) uimhreacha na páipéir bhallóide as a chéile ar an gcúl agus is í an uimhir chéanna sin a bheidh ar chúl an chomhdhuille a bheidh i gceangal le gach páipéar ballóide. Clófar na huimhreacha ar na páipéir bhallóide sna litreacha is lú is inléite agus clófar iad i lár an pháipéir nó gar dó,
- (e) maidir le barr an cholúin ar thaobh na láimhe deise, ní foláir cibé marcálacha a bheith ann agus a chinnteoidh nach féidir aon rud a scríobh ann,
- (f) amach ó aon rud atá ceadaithe leis an bhfoirm a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal*, ní bheidh aon rud ar taispeántar ar an bpáipéar ballóide ach amháin de réir na dtreoracha seo.

An marc oifigiúil.

89.—(1) Déanfar páipéar ballóide a mharcáil tráth a eisithe le marc oifigiúil (dá ngairtear “an marc oifigiúil” san Acht seo) agus é cabhraithe nó breifnithe ionas go mbeidh sé le feiceáil ar dhá thaobh an pháipéir,

agus chun na críche sin, soláthróidh an ceann comhairimh leorlón gléasanna marcála.

(2) Déanfaidh an ceann comhairimh deimhin de gcoimeádtar an marc oifigiúil faoi rún roimh thógáil na vótaíochta agus go mbeidh idirthréimhse nach lú ná seacht mbliana ann idir gach úsáid a bhainfear as an marc oifigiúil céanna i dtoghchán Dála sa toghlach.

90.—Ní foláir gach boscaí ballóide a bheith déanta ar shlí lenar féidir é a ghlasáil go daingean agus lenar féidir, le linn é a bheith faoi ghlas amhlaidh, páipéir bhallóide a chur isteach ann ach nach Féidir iad a bhaint amach as agus gur féidir an bosca agus an oscailt do na páipéir bhallóide a shéalú.

Boscaí ballóide.

91.—Maidir le haon bhoscaí ballóide, feistis do stáisiúin vótaíochta eadranna a sholáthraítear do thoghcháin áitiúla in aon toghlimistéar áitiúil atá suite go hiomlán nó go páirteach i ndáilcheantar, nó do thoghcháin Eorpacha i dtoghlach Eorpach ina bhfuil dáilcheantar suite go hiomlán nó go páirteach, féadfar iad a úsáid d'aon toghchán Dála sa dáilcheantar sin; agus beidh sé de dhualgas ar an gceann comhairimh in aon toghchán Dála sa toghlach sin na boscaí ballóide, na feistis agus na headranna sin a úsáid a mhéid is indéanta, agus, le linn a chuntais a fhómhas, tabharfar aird ar fhorálacha an ailt seo, agus, maidir le haon damáiste, seachas caitheamh agus cuimilt réasúnach, a tharlaíonn d'aon bhoscaí ballóide, feistis agus eadranna den sórt sin agus arbh é an t-úsáideoir sin ba chúis leis i dtoghchán Dála, iocfar as mar chuid de chaiteachais an toghcháin.

Boscaí ballóide toghchán áitiúil a úsáid, etc.

92.—(1) I gcás go mbeidh vótaíocht le tógáil i dtoghchán Dála i dtoghlach, déanfaidh an ceann comhairimh cárta (dá ngairtear “cárta faisnéise vótaíochta” san alt seo) i cibé foirm a ordóidh an tAire á chur in iúl dó cad é a uimhir (lena n-áirítear litir an cheantair vótaíochta) ar chlár na dtoghthóirí Dála agus cén áit a bhfuil sé i dteideal vótáil ann, ar cárta é ina bhfuil ráiteas i ndáil leis na doiciméid shonraithe dá dtagraítear in *alt III*, a chur chuig gach toghthóir a bhfuil a ainm ar chlár na dtoghthóirí Dála don toghlach agus nach bhfuil a ainm ar liosta na bpostvótálaithe, ná ar liosta na vótálaithe speisialta.

Cártaí faisnéise vótaíochta.

(2) Díreofar cárta faisnéise vótaíochta chuig an toghthóir ag an seoladh a bhfuil sé cláraithe ina leith i gclár na dtoghthóirí Dála agus seachadfar é ag an seoladh sin tráth nach déanaí ná an tríú lá roimh an lá vótaíochta.

(3) I gcás go ndéantar cárta faisnéise vótaíochta a chur chun bealaigh leis an bpost, tarchuirfear leis an bpost é a luaithe is féidir gan táillí a réamhíoc air.

(4) Ní fhéadfar aon chaingean ná imeachtaí eile a thabhairt i gcoinne ceann comhairimh mar gheall ar aon mhainneachtain cárta faisnéise vótaíochta a chur chun bealaigh, mar gheall ar neamhsheachadadh cárta faisnéise vótaíochta ná mar gheall ar aon earráid nó míráiteas a bheith i gcárta faisnéise vótaíochta.

93.—(1) D'fhonn an vótaíocht a thógáil, agus d'fhonn na vótaí a chomhaireamh, i dtoghchán Dála, féadfaidh an ceann comhairimh, aon scoil nó aon seomra i scoil agus aon áitreabh (seachas teach cónaithe) atá ar úinéireacht nó ar áitiú ag údarás áitiúil a úsáid saor ó tháille.

Scoileanna agus áitribh phoiblí a úsáid.

(2) Slánóidh an ceann comhairimh aon damáiste a tharlóidh don scoil, don seomra nó don áitreabh sin de dheasca í nó é a bheith á húsáid

nó á úsáid aige i dtoghchán Dála agus féadfaidh sé aon chaiteachais a íoc a thabhaigh an duine a bhfuil an scoil, an seomra nó an t-áitreabh sin faoina rialú mar thoradh ar an úsáid sin.

(3) Maidir le húsáid aon áitribh neamháitithe, nó aon chuid de, d'fhonn an vótaíocht a thógáil agus na vótaí a chomhaireamh i dtoghchán Dála, ní fhágfaidh an úsáid sin go mbeidh an t-áitreabh inráitithe ná go ndlífidh aon duine aon ráta a íoc ar an áitreabh.

(4) Maidir le duine a bheidh i bhfeighil scoile atá i gceangal, nó in aice, le heaglais nó le clochar nó foras crábhaidh eile, nó ar cuid d'eaglais, de chlochar nó d'fhoras crábhaidh eile í, féadfaidh sé, laistigh de cheithre huair an chloig is fiche tar éis fógra a fháil ón gceann comhairimh go bhfuil ar intinn an scoil sin nó aon chuid di a úsáid i dtoghchán Dála, agóid a dhéanamh i gcoinne na húsáide sin trí ráiteas i dtaobh na hagóide sin a chur chuig an gceann comhairimh. Ar iarratas a fháil ón gceann comhairimh, féadfaidh an tAire, más dóigh leis gur ceart déanamh amhlaidh, rialú in aghaidh aon agóide arna déanamh faoin bhfo-alt seo, ach mura ndéanfar, agus go dtí go ndéanfar, rialú den sórt sin aghaidh na hagóide sin, ní fhéadfar aon chuid den scoil dá dtagraítear an agóid sin a úsáid faoin alt seo.

(5) San alt seo, ciallaíonn “scoil” aon scoil a fhaigheann deontas ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas agus folaíonn sé scoil náisiúnta, meánscoil, gairmscoil nó scoil iar-bhunoideachais eile.

Stáisiúin vótaíochta.

94.—(1) I ngach áit vótaíochta, soláthróidh an ceann comhairimh leorlíon stáisiún vótaíochta agus iad dáiite go caoithiúil mar áis do na toghthóirí Dála atá i dteideal vótáil san áit vótaíochta sin. I gcás, de dheasca aon deacrachta, nach féidir stáisiún vótaíochta nó leorlíon stáisiún vótaíochta a sholáthar san áit vótaíochta atá ceaptha, féadfaidh an ceann comhairimh stáisiún nó stáisiúin vótaíochta a sholáthar in aon áit chaoithiúil eile.

(2) Déanfaidh an ceann comhairimh na toghthóirí Dála a dháileadh ar na stáisiúin vótaíochta is dóigh leis is caoithiúla dóibh.

(3) Tabharfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí i dtaobh shuíomh na stáisiún vótaíochta i ngach áit vótaíochta agus tuairisc na dtoghthóirí Dála a dáileadh chun vótáil i ngach áit díobh sin.

(4) Déanfaidh an ceann comhairimh socrú leordhóthanach maidir le téamh, soilsiú agus glanadh gach stáisiúin vótaíochta.

(5) I ngach stáisiún vótaíochta, déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil na nithe seo a leanas a sholáthar—

- (a) cibé líon eadrann a mheasfaidh sé is gá chun go bhféadfaidh na vótálaithe a bpáipéir bhallóide a mharcáil gan aon duine a bheith ag faire orthu,
- (b) cibé troscán a mheasfaidh sé is gá,
- (c) leorlíon boscaí ballóide,
- (d) cibé líon páipéar ballóide a mheasfaidh sé is gá,
- (e) gléasanna chun an marc oifigiúil a chur ar pháipéir bhallóide,

- (f) cóipeanna den chlár nó de cibé cuid de ina mbeidh ainmneacha na dtoghthóirí Dála a dáileadh chun vótáil sa stáisiún,
- (g) cibé ábhair a mheasfaidh sé is gá chun a chumasú do na vótálaithe a bpáipéir bhallóide a mharcáil,
- (h) cibé doiciméid, foirmeacha, stáiseanóireacht agus ábhair eile a mheasfaidh sé is gá.

(6) Déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil taifead a choimeád ar na huimhreacha ar na páipéir bhallóide arna soláthar aige i ngach stáisiún vótaíochta.

95.—(1) Ceapfaidh an ceann comhairimh oifigeach ceannais chun bheith i gceannas ar gach stáisiún vótaíochta agus féadfaidh sé cléireach nó cléirigh vótaíochta a cheapadh freisin chun cabhrú le gach oifigeach ceannais. Féadfaidh an ceann comhairimh aon cheapachán den sórt sin a chúlghairm aon tráth agus, i gcás gur ceapachán oifigigh ceannais an ceapachán a chúlghairtear, déanfaidh an ceann comhairimh oifigeach ceannais nua a cheapadh láithreach chun bheith i gceannas sa stáisiún vótaíochta sin.

Oifigigh cheannais agus cléirigh vótaíochta.

(2) Arna iarraidh sin air, ceadóidh an ceann comhairimh do dhuine ar deimhin leis ina leith go bhfuil leas *bona fide* aige sa toghchán Dála mar iarrthóir nó mar iarrthóir ionchasach, nó mar ghníomhaire do dhuine den sórt sin, scrúdú a dhéanamh ar liosta na ndaoine a ndearna sé, nó a bhfuil beartaithe aige, ceapacháin mar oifigigh cheannais nó mar chléirigh vótaíochta a thairiscint dóibh.

(3) Déanfaidh oifigeach ceannais ord a choimeád ina stáisiún, an líon toghthóirí Dála a ligfear isteach sa turas a rialáil, agus gach duine eile a eisiamh ach amháin na daoine sin atá údaraithe le *halt 98* a bheith i láthair sa stáisiún.

(4) Féadfaidh an t-oifigeach ceannais, trí chléireach a bheidh ceaptha chun cabhrú leis, aon ghníomh a dhéanamh a cheanglaítear air nó a údaraítear dó leis an Acht seo a dhéanamh, ach amháin ordú a thabhairt aon duine a ghabháil, a eisiamh nó a chur amach as an stáisiún vótaíochta.

(5) Féadfaidh an ceann comhairimh nó duine a bheidh ceaptha aige faoi *fho-alt (6)* gach ceann nó aon cheann d'fheidhmeanna oifigigh ceannais a chomhlíonadh agus, le linn dó é sin a dhéanamh, beidh sé faoi réir fhorálacha an Achte ar an modh céanna a mbeadh sé faoina réir dá mba rud é gur ceapadh ina oifigeach ceannais é.

(6) Féadfaidh an ceann comhairimh duine a cheapadh chun gníomhú mar ionadaí dó in áit vótaíochta chun cibé dualgais a shannfaidh an ceann comhairimh dó a chomhlíonadh.

CUID XVII

AN VÓTAÍOCHT

96.—(1) Maidir le toghchán Dála—

Tráthanna vótaíochta.

- (a) tógfar í cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, ar lá é (gan aon lá eisiata a áireamh) nach luaithe ná an seachtú lá déag nó nach déanaí ná an cúigiú lá is fiche díreach i ndiaidh an lae a

gcuirtear an t-eascaire nó na heascairí amach le haghaidh an toghcháin,

(b) leanfar di ar feadh cibé tréimhse a shocróidh an tAire le hordú, ar tréimhse í nach lú ná dhá uair déag an chloig, idir 8.00 a.m. agus 10.30 p.m., ach sin faoi réir an tsriain gurb í an tréimhse chéanna a shocróidh sé do na toghlaigh uile i gcás olltoghcháin.

(2) Déanfar ordú faoin alt seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil a luaithe is féidir tar éis é a dhéanamh.

Oscailt na vótaíochta.

97.—Díreach roimh thosach na vótaíochta, déanfaidh an t-oifigeach ceannais i ngach stáisiún vótaíochta gach bosca ballóide atá faoina chúram a thaispeáint do cibé daoine atá i láthair sa stáisiún, ionas go bhféadfaidh siad a fheiceáil go bhfuil gach bosca den sórt sin folamh, agus ansin glasálfaidh sé an bosca agus séalóidh sé é ar cibé modh lena gcoiscfead é a oscailt gan an séala a bhriseadh agus leagfaidh sé é in áit a mbeidh radharc aige air chun páipéir bhallóide a ghlacadh agus coimeádfaidh sé amhlaidh faoi ghlas, faoi shéala agus faoina radharc é le linn na vótaíochta.

Daoine a ligean isteach i stáisiún vótaíochta.

98.—Ní ligfead aon duine isteach i stáisiún vótaíochta seachas na daoine seo a leanas—

- (a) an ceann comhairimh agus aon ionadaí dá chuid,
- (b) an t-oifigeach ceannais agus an cléireach vótaíochta don stáisiún,
- (c) iarrthóir, a ghníomhaire toghcháin agus a ghníomhaire ionaid don cheantar vótaíochta lena mbaineann,
- (d) na gníomhairí pearsanaíochta a bheidh ceaptha go cuí i scríbhinn don stáisiún ag na hiarrthóirí nó thar a gceann,
- (e) toghthóirí Dála a ligfead isteach d'fhonn vótáil a dhéanamh sa stáisiún vótaíochta,
- (f) compánaigh toghthóirí Dála a bhfuil mallachar radhairc chomh mór sin orthu nó atá chomh mór sin faoi éagumas eile coirp nach féidir leo vótáil gan chabhair, le linn do na compánaigh sin a bheith ag cabhrú le toghthóirí den sórt sin,
- (g) comhaltá den Gharda Síochána atá ar dualgas,
- (h) teachtairí arna gcur chuige ag an gceann comhairimh nó thar a cheann, agus
- (i) daoine eile ag a bhfuil údarás ón gceann comhairimh bheith i láthair sa stáisiún.

Vótáil ag daoine atá ar fostú ag cinn chomhairimh.

99.—I gcás toghthóir Dála do thoghlach a bheith fostaithe ag ceann comhairimh chun aon chríche a bhaineann le toghchán Dála agus imthosca fostaíochta an toghthóra sin a bheith de chineál lena gcoiscfead air, i dtuairim an chinn comhairimh, vótáil sa stáisiún vótaíochta a mbeadh an toghthóir Dála sin i dteideal vótáil ann murach sin, féadfaidh an ceann comhairimh a údarú don toghthóir Dála sin, trí údarú arna thabhairt i cibé foirm a ordóidh an tAire, vótáil in aon stáisiún vótaíochta eile sa toghlach.

100.—I gcás, 7 lá ar laghad roimh an lá vótaíochta i dtoghchán Dála, go ndéanfaidh toghthóir Dála, nach bhfuil a ainm ar an liosta postvótálaithe ná ar an liosta vótálaithe speisialta, a dheimhniú don cheann comhairimh nach bhfuil ar a chumas, mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas coirp a bheith air, vótáil sa stáisiún vótaíochta a mbeadh sé i dteideal vótáil ann seachas sin, féadfaidh an ceann comhairimh, más é a thuairim go mbeadh sé níos caoithiúla don toghthóir, mar gheall ar a thinneas coirp nó a mhíchumas coirp, vótáil i stáisiún vótaíochta eile atá suite sa toghlach céanna, a údarú i scríbhinn don toghthóir vótáil i cibé stáisiún vótaíochta a bheidh sonraithe san údarú in ionad vótáil sa stáisiún vótaíochta a mbeadh an toghthóir i dteideal vótáil ann murach sin.

Toghthóir ar a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp a údarú chun vótáil ag stáisiún vótaíochta eile.

101.—(1) Faoi réir forálacha ailt 38, 64, 79, 99, 100, 103, 104, 105 agus 111, seachadfaidh an t-Oifigeach ceannais páipéar ballóide ar thoghthóir Dála a iarrfaidh é agus a dhearbhóidh cad is ainm agus seoladh dó.

An nós imeachta maidir le vótáil.

(2) Díreach sula seachadfar páipéar ballóide ar thoghthóir Dála—

- (a) glaofar amach uimhir (lena n-áirítear litir an cheantair vótaíochta) agus ainm an toghthóra mar a bheidh luaite sa chlár,
- (b) marcálfar an páipéar ballóide leis an marc oifigiúil,
- (c) cuirfear marc sa chlár os coinne uimhir an toghthóra chun a thaispeáint gur eisíodh páipéar ballóide don toghthóir sin ach gan uimhir an pháipéir ballóide arna eisiúint amhlaidh a thaispeáint.

(3) Tar éis do thoghthóir Dála páipéar ballóide a fháil, ballóide, rachaidh sé ina aonar isteach i gceann de na headranna sa stáisiún vótaíochta (faoi réir fhorálacha *alt 103*) agus taifeadfaidh sé a vóta go rúnda ann ar an bpáipéar ballóide agus fillfidh sé an páipéar ionas go mbeidh a vóta ceilte. Tiocfaidh sé ar ais ansin go dtí bord an oifigigh ceannais, taispeánfaidh sé cúl an pháipéir fhillte don oifigeach ceannais chun an marc oifigiúil a thaispeáint dó agus cuirfidh sé an páipéar fillte isteach sa bhosca ballóide ansin. Ní dhéanfaidh sé moill mhíchuí agus é ag vótáil agus imeoidh sé as an stáisiún vótaíochta a luaithe a bheidh a pháipéar ballóide curtha isteach sa bhosca ballóide aige.

102.—Maidir le vótálaí a mbeidh a pháipéar ballóide millte de thaisme aige, déanfar, tar éis dó an páipéar ballóide millte a thabhairt ar ais don oifigeach agus an t-oifigeach ceannais a shásamh maidir leis an taisme, páipéar ballóide eile a thabhairt dó. Déanfaidh an t-oifigeach ceannais “millte” a mharcáil láithreach ar an bpáipéar ballóide millte agus ar chomhdhúile an pháipéir ballóide mhillte. Coinneoidh sé an páipéar ballóide millte agus an comhdhúile agus déileálfadh sé leo de réir *alt 110*.

Páipéir bhallóide mhillte.

103.—(1) I gcás go ndéanfaidh toghthóir Dála a bhfuil páipéar ballóide á iarraidh aige a dheimhniú don oifigeach ceannais go bhfuil sé chomh mór sin faoi mhallachar radhairc nó chomh mór sin faoi éagumas eile coirp nó nach bhfuil ar a chumas léamh ná scríobh go feadh an mhéid sin nach féidir leis vótáil gan chabhair, beidh feidhm ag an alt seo.

Vótáil ag toghthóirí atá dall, éagumasaithe nó neamhliteartha.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an t-oifigeach ceannais agus, má iarrann aon ghníomhaire pearsanaíochta atá i láthair sa stáisiún

vótaíochta air é, déanfaidh sé, sula seachadfaidh sé an páipéar ballóide, an toghthóir Dála a chur faoi mhionn nó (i gcás duine a chuirfidh i gcoinne mionn a ghlacadh ar an bhforas nach bhfuil aon chreideamh aige nó go bhfuil sé in aghaidh a chreidimh mionn a ghlacadh) faoi dhearbhasc san fhoirm seo a leanas:

“Bheirim Dia Uilechumhachtach (nó — Dearbhaím agus dearbhascaim go sollúnta, go hionraic agus go fírinneach — *de réir mar a bheidh*) go bhfuil mallachar radhairc chomh mór sin orm (nó — go bhfuil mé chomh mór sin faoi éagumas coirp nó — nach bhfuil ar mo chumas léamh ná scríobh go feadh an mhéid sin — *de réir mar a bheidh*)” nach féidir liom vótáil gan chabhair”

agus má dhiúltaíonn an toghthóir Dála an mionn a ghlacadh nó an dearbhasc a dhéanamh, ní bheidh feidhm ag an alt seo.

(3) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo i gcás toghthóra Dála a dheimhníonn don oifigeach ceannais go bhfuil mallachar radhairc chomh mór sin air nó go bhfuil sé chomh mór sin faoi éagumas eile coirp nach féidir leis vótáil gan chabhair, féadfaidh an toghthóir cead a iarraidh go ndéanfaidh compánach a pháipéar ballóide a mharcáil thar a cheann agus, faoi réir fho-alt (4), féadfaidh an compánach dul isteach i gceann de na headranna sa stáisiún vótaíochta in éineacht leis an toghthóir agus an páipéar ballóide a mharcáil thar ceann an toghthóra ansin agus fillfidh sé é agus taispeánfaidh sé cúl an pháipéir fhillte don oifigeach ceannais chun an marc oifigiúil a thaispeáint agus cuirfidh sé isteach sa bhosca ballóide é láithreach.

(4) Féadfaidh an t-oifigeach ceannais agus, má cheanglaíonn aon ghníomhaire pearsanaíochta atá i láthair sa stáisiún vótaíochta air é, déanfaidh sé, na ceisteanna seo a leanas nó aon cheann amháin nó níos mó díobh a chur ar an gcompánach sula seachadfaidh sé an páipéar ballóide:

- (i) An bhfuil sé bliana déag d’aois slánaithe agat?
- (ii) An bhfuil níos mó ná páipéar ballóide amháin marcáilte agat mar chompánach sa toghchán seo?
- (iii) An iarrthóir sa toghchán seo tú?
- (iv) An gníomhaire d’iarrthóir sa toghchán seo tú?

agus mura rud é, maidir leis na ceisteanna sin a chuirtear ar an gcompánach, gur freagra dearfach a thugtar i gcás na chéad cheiste díobh agus gur freagra diúltach a thugtar i gcás aon cheist eile díobh, ní ceadmhach don chompánach an páipéar ballóide a mharcáil.

- (5) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo agus—
 - (a) nach bhfuil ar chumas an toghthóra Dála léamh ná scríobh, nó
 - (b) nach n-iarrann an toghthóir Dála cead chun go marcálfadh compánach a pháipéar ballóide dó, nó
 - (c) tar éis don toghthóir Dála é sin a iarraidh amhlaidh, go mbeadh marcáil pháipéar ballóide an toghthóra ag an gcompánach ina shárú ar fho-alt (4),

déanfaidh an t-oifigeach ceannais, i láthair an toghthóra agus na ngníomhairí pearsanaíochta agus gan aon duine eile i láthair, páipéar ballóide a mharcáil de réir mar a threoróidh an toghthóir sin agus fillfidh sé ansin é agus cuirfidh sé isteach sa bhosca ballóide é.

(6) Féadfaidh an t-oifigeach ceannais diúltú d'iarraidh, arna déanamh ag toghthóir Dála laistigh de dhá uair an chloig roimh an am a bheidh ceaptha ag an Aire le haghaidh chríochnú na vótaíochta, go ndéanfar a pháipéar ballóide a mharcáil thar a cheann faoin alt seo ar dhóigh seachas ag compánach, más rud é, ina thuairim, ag féachaint do líon na dtoghthóirí Dála atá ag teacht isteach an uair sin chun vótáil nó ar dóigh dóibh teacht isteach chun vótáil roimh chríochnú na vótaíochta, go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh cuí a dhualgas nó go gcuirfeadh sé cosc míchuí ar vótáil ag toghthóirí Dála eile dá ngéillfeadh sé don iarraidh sin.

(7) I gcás go mbeidh páipéar ballóide le marcáil de bhun *fho-alt* (5), féadfaidh an t-oifigeach ceannais cuidiú leis an toghthóir Dála trí na sonraí atá luaite i leith gach iarrthóra a léamh amach go hiomlán as an bpáipéar ballóide, ach ní ghníomhóidh sé de bhun aon teagaisc i scríbhinn.

(8) I gcás, de bhun an ailt seo, go bhfuil duine tar éis dhá pháipéar ballóide a mharcáil i gcáil compánaigh i dtoghchán Dála, ní mharcálfaidh sé aon pháipéar ballóide eile mar chompánach sa toghchán sin.

(9) Ní dhéanfaidh duine páipéar ballóide a mharcáil mar chompánach i dtoghchán Dála mura bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó más iarrthóir nó gníomhaire iarrthóra é sa toghchán sin.

104.—(1) I gcás go mbeidh páipéar ballóide eisithe, i dtoghchán Dála, chuig duine a chuir in iúl gur toghthóir Dála áirithe é arna ainmniú ar chlár na dtoghthóirí Dála agus go ndéanfaidh duine eile a chuirfidh in iúl gurb eisean an toghthóir Dála sin páipéar ballóide a iarraidh agus doiciméad sonraithe a thabhairt ar aird go cuí, ar an oifigeach ceannais é sin a éileamh air faoi *alt III*, agus cibé ceisteanna a chuirfear air a fhreagairt nó an mionn a thabhairt nó an dearbhasc a dhéanamh faoin alt sin, faoi réir *alt III*, beidh an duine eile sin i dteideal páipéar ballóide a fháil agus é a mharcáil agus a chur sa bhosca ballóide ar an modh céanna le haon toghthóir Dála eile.

Pearsanaíocht
liomhnaithe.

(2) Déanfaidh an t-oifigeach ceannais ráiteas amach ina dtaispeánfar líon iomlán na bpáipéar ballóide a eisíodh de bhun an ailt seo agus an t-ainm agus an uimhir (lena n-áirítear litir an cheantair vótaíochta) ar chlár na dtoghthóirí Dála atá ag gach duine ar eisíodh páipéir den sórt sin chuige.

105.—(1) I gcás go mbeidh cúis réasúnach ag oifigeach ceannais chun a chreidiúint go bhfuil pearsanaíocht á dhéanamh, nó déanta, ag aon duine a iarraidh, nó a d'iarr, páipéar ballóide, féadfaidh sé, sula n-imeoidh an duine sin as an stáisiún vótaíochta, a ordú do chomhalta den Gharda Síochána an duine a ghabháil ar an gcúiseamh go ndearna sé pearsanaíocht agus comhlíonfaidh an comhalta den Gharda Síochána an t-ordú sin.

Duine a bhfuil
pearsanaíocht déanta
acu a ghabháil.

(2) I gcás go ndéanfaidh gníomhaire pearsanaíochta, an tráth a iarraidh duine páipéar ballóide i dtoghchán Dála nó tar éis do dhuine páipéar ballóide a iarraidh agus roimh imeacht as an stáisiún vótaíochta

dó, a dhearbhu don oifigeach ceannais go gcreideann sé, agus a gheallúint i scríbhinn go gcruthóidh sé, go ndearna an t-iarratasóir pearsanaíocht, féadfaidh an t-oifigeach ceannais a ordú do chomhalta den Gharda Síochána an t-iarratasóir a ghabháil ar an gcúiseamh go ndearna sé pearsanaíocht agus comhlíonfaidh an comhalta den Gharda Síochána an t-ordú sin.

(3) Féadfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána, gan aon bharántas, aon duine a ghabháil a bhfuil cúis réasúnach aige lena chreidiúint ina leith go bhfuil pearsanaíocht á dhéanamh nó déanta aige.

(4) Féadfar aon ghabháil a údaraítear leis an alt seo a dhéanamh in aon áit, cibé acu laistigh de stáisiún vótaíochta nó lasmuigh de stáisiún den sórt sin.

(5) Ní fhéadfar aon chaingean ná imeacht eile a thabhairt i gcoinne oifigeach ceannais mar gheall ar aon duine a ghabháil ar ordú uaidh, gan mhailís, ar chúiseamh go ndearna sé pearsanaíocht.

Ord a choimeád i stáisiún vótaíochta.

106.—(1) I gcás go mí-iompróidh aon duine é féin i stáisiún vótaíochta nó go mainneoidh sé déanamh de réir orduithe dleathacha oifigeach ceannais an stáisiúin sin, féadfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána, nó aon duine eile atá údaraithe i scríbhinn ag an oifigeach ceannais chun an duine céadluaite a chur amach, an duine sin a chur amach láithreach as an stáisiún vótaíochta ar ordú ón oifigeach ceannais sin. Aon duine a chuirfear amach amhlaidh, ní rachaidh sé isteach arís sa stáisiún vótaíochta gan cead ón oifigeach ceannais.

(2) Déanfaidh an t-oifigeach ceannais a chinntiú, a mhéid is indéanta, go ndéanfar gach uile ábhar ina gcuirtear iarrthóireacht duine nó daoine áirithe, nó iarrthóireacht comhaltaí de pháirtí polaitíochta chun cinn, a aistriú amach as an stáisiún vótaíochta.

(3) Chun críche an ailt seo, measfar go bhfolaíonn stáisiún vótaíochta gach cuid den fhoirgneamh agus aon talamh atá laistigh de chúirtealáiste an fhoirgnimh ina bhfuil an stáisiún vótaíochta suite.

Vótaíocht a bhac.

107.—(1) I gcás go ndéantar bac a chur ar an vótaíocht in aon stáisiún vótaíochta le foréigean, féadfaidh oifigeach ceannais an stáisiúin sin an vótaíocht sin a chur ar atráth go dtí an lá díreach dár gcionn (gan aon lá eisíata a áireamh) agus athchromfar ar an vótaíocht sin an lá sin ag am a fhreagróidh don am a bheidh ceaptha chun tosú ar an vótaíocht agus leanfaidh an vótaíocht ar aghaidh go dtí am a fhreagróidh don am a bheidh ceaptha do chríochnú na vótaíochta ar an lá vótaíochta. Déanfar tagairtí san Acht seo do chríochnú na vótaíochta a fhorléiriú dá réir sin i ndáil leis an stáisiún vótaíochta sin.

(2) Má tharlaíonn bac den sórt sin, ní fhéadfar ach an vótaíocht i cibé stáisiún vótaíochta a ndéanann an bac difear dóibh iarbhír a chur ar atráth, agus leanfar den vótaíocht i ngach stáisiún vótaíochta eile gan atráthú.

(3) I gcás go gcuirfear vótaíocht ar atráth faoin alt seo, tabharfaidh an t-oifigeach ceannais fôgra láithreach faoin atráthú sin don cheann comhairimh agus ní osclóidh an ceann comhairimh aon cheann de na boscaí ballóide a úsáideadh sa toghlach go dtí go mbeidh an vótaíocht atráthaithe críochnaithe.

(4) Bainfidh an t-alt seo le haon bhac a tharlóidh arb é is cúis leis daoine a chosc, le foréigean ó dhul isteach in aon stáisiún vótaíochta agus beidh feidhm aige maidir le bac arb é is cúis leis foréigean ar aon mhodh eile.

108.—Faoi réir *ailt 56, 62, 63, 85, 86, 107* agus *109*, más rud é, ar aon chúis, lena n-áirítear damáiste do stáisiún vótaíochta, nach féidir an vótaíocht a thógáil, nó nach féidir leanúint den vótaíocht, de réir *alt 96*, in aon stáisiún vótaíochta, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

Damáiste do stáisiún vótaíochta.

- (a) déanfaidh an ceann comhairimh—
 - (i) fôgra poiblí a thabhairt láithreach á rá sin,
 - (ii) an méid sin a chur in iúl don Aire, agus
 - (iii) gach beart a dhéanamh agus gach ordú a mheasfaidh sé is cuí a thabhairt chun an vótaíocht a thógáil nó a chríochnú sa stáisiún vótaíochta sin,
- (b) tógfar vótaíocht úr nó leanfar leis an vótaíocht, de réir mar is cuí, sa stáisiún vótaíochta sin lá (nach déanaí ná seacht lá tar éis an lae vótaíochta) a cheapfaidh an ceann comhairimh chuige sin,
- (c) beidh feidhm ag forálacha an Achta seo maidir leis an vótaíocht úr sin nó leis an vótaíocht ar leanúint, ar an modh céanna ar a bhfuil feidhm acu maidir leis an vótaíocht bhunaidh, agus
- (d) ní osclóidh an ceann comhairimh aon cheann de na boscaí ballóide a úsáideadh sa toghlach go dtí go mbeidh an vótaíocht úr nó an vótaíocht ar leanúint críochnaithe.

109.—Más rud é, i dtoghchán Dála, go ndéantar aon bhoscaí ballóide nó páipéir bhallóide, gan údarás dleathach, a thógáil as coimeád an cheann comhairimh nó as coimeád oifigigh ceannais nó má dhéantar crioscáil leo ar aon slí nó má scriostar iad nó (i gcás páipéar ballóide) má stróictear nó má aghloitear iad go mailíseach, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

Boscaí ballóide nó páipéir bhallóide a scriosadh, etc.

- (a) beidh an vótaíocht ar neamhní i ngach stáisiún vótaíochta inar úsáideadh aon cheann de na boscaí ballóide nó de na páipéir bhallóide sin,
- (b) cuirfidh an ceann comhairimh in iúl don Aire láithreach go bhfuil an vótaíocht ar neamhní amhlaidh,
- (c) ar an bhfaisnéis sin a fháil, déanfaidh an tAire gach beart agus tabharfaidh sé gach treoir láithreach, ar bearta agus treoracha iad a mheasfaidh sé is cuí chun vótaíocht úr a thógáil i ngach stáisiún vótaíochta den sórt sin,
- (d) tógfar vótaíocht úr i ngach stáisiún vótaíochta den sórt sin lá a cheapfaidh an tAire chun na críche sin,
- (e) beidh feidhm ag forálacha an Achta seo maidir leis an vótaíocht úr sin ar an modh céanna ar a bhfuil feidhm acu maidir leis an vótaíocht bhunaidh,

(f) ní osclóidh an ceann comhairimh aon cheann de na boscaí ballóide a úsáideadh sa toghlach go dtí go mbeidh an vótaíocht úr críochnaithe.

Dualgais an oifigeach ceannais ar chríochnú na vótaíochta.

110.—(1) Ag an am a bheidh ceaptha le haghaidh chríochnú na vótaíochta déanfaidh an t-oifigeach ceannais bearta chun a chinntiú nach ligfear aon toghthóirí Dála eile isteach sa stáisiún vótaíochta, ach beidh aon toghthóir atá san áitreabh san am sin i dteideal páipéar ballóide a fháil agus vótáil, ach sin faoi réir fhorálacha an Achta seo.

(2) A luaithe is indéanta tar éis chríochnú na vótaíochta, séalóidh an t-oifigeach ceannais gach bosca ballóide atá faoina chúram ionas nach féidir aon pháipéar bhallóide eile a chur isteach ann agus ceanglóidh sé an eochair de agus séalóidh sé na nithe seo a leanas i bpaicéid ar leithligh—

- (a) na páipéir bhallóide neamhúsáidte agus na páipéir bhallóide mhillte, i dteannta a chéile,
- (b) na cóipeanna marcáilte de chlár na dtoghthóirí Dála,
- (c) comhdhuillí na bpáipéar ballóide,
- (d) cuntas páipéar ballóide i cibé foirm a ordóidh an tAire arna dhéanamh amach aige agus ráiteas arna ullmhú de réir *alt 104 (2)*,
- (e) aon údaruithe a thug an ceann comhairimh faoi *alt 99* nó *100* á údarú do dhaoine vótáil sa stáisiún vótaíochta, agus aon ghealltanais ó ghníomhaire pearsanaíochta a chruthú go ndearna duine pearsanaíocht, agus
- (f) na gléasanna marcála, an stáiseanóireacht neamhúsáidte agus na doiciméid agus na hábhair eile a bhaineann leis an toghchán Dála,

agus seachadfaidh sé na boscaí ballóide agus na paicéid sin go léir ar an gceann comhairimh.

(3) Déanfaidh an ceann comhairimh socrúithe leordhóthanacha chun na boscaí ballóide a sheachadfar de bhun an ailt seo agus na doiciméid go léir a bhaineann leis an vótaíocht a choimeád slán.

Ceart vótála.

111.—(1) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo, beidh gach duine a bhfuil a ainm ar an gclár toghthóirí Dála atá i bhfeidhm de thuras na huairé do thoghlach, agus ní bheidh aon duine eile, i dteideal vótáil sa vótaíocht i dtoghchán Dála sa toghlach sin.

(2) Chun críocha an ailt seo—

- (a) glacfar leis go bhfuil ainm duine ar chlár toghthóirí Dála má tá ainm sa chlár arb ina leith a bhí an ceann comhairimh nó an t-oifigeach ceannais den tuairim go raibh sé ceaptha dó gurb é ainm an duine sin é;
- (b) (i) féadfaidh an ceann comhairimh nó an t-oifigeach ceannais, dá dheoin féin, nó má éilíonn gníomhaire pearsanaíochta atá i láthair sa stáisiún amhlaidh, déanfaidh sé, a iarraidh ar aon duine an tráth a iarrann an duine sin páipéar ballóide, ach ní dá éis sin, doiciméad sonraithe a thabhairt ar aird agus, má mhainníonn an duine an doiciméad

sin a thabhairt ar aird, nó mura deimhin leis an gceann comhairimh nó leis an oifigeach ceannais gurb é an duine sin an duine lena mbaineann an doiciméad, ní cheadófar don duine sin vótáil;

(ii) chun críocha na míre seo, ciallaíonn “doiciméad sonraithe” cibé doiciméad a bheidh sonraithe i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin alt seo;

(c) féadfaidh an ceann comhairimh nó an t-oifigeach ceannais agus, má éilíonn gníomhaire pearsanaíochta atá i láthair sa stáisiún vótaíochta amhlaidh, déanfaidh sé, na ceisteanna seo a leanas nó aon cheann nó níos mó díobh a chur ar aon duine nuair a iarrann sé páipéar ballóide, ach ní dá éis sin:

(i) An tusa an duine a bhfuil an t-ainm AB curtha síos dó i gclár na dtoghthóirí Dála atá anois i bhfeidhm do thoghlach

(ii) Ar vótáil tú cheana sa toghchán seo?

(iii) An raibh ocht mbliana déag d’aois slánaithe agat an

.....?

(an dáta a tháinig an clár i bhfeidhm)?

agus, mura rud é, maidir le cibé ceann nó cinn de na ceisteanna sin a chuirtear ar an duine, gur freagra dearfach a thugann sé i gcás an chéad chinn agus an tríú ceann, agus gur freagra diúltach a thugann sé i gcás an dara ceann, ní cheadófar don duine vótáil.

(d) féadfaidh an ceann comhairimh nó an t-oifigeach ceannais agus, má éilíonn gníomhaire pearsanaíochta atá i láthair sa stáisiún vótaíochta amhlaidh, déanfaidh sé, nuair a iarrann aon duine páipéar ballóide, ach ní dá éis sin, an duine sin a chur faoi mhionn nó (i gcás aon duine a chuirfidh i gcoinne mionn a ghlacadh ar an bhforas nach bhfuil aon chreideamh aige nó go bhfuil sé in aghaidh a chreidimh mionn a ghlacadh) faoi dhearbhasc san fhoirm seo a leanas:

“Bheirim Dia Uilechumhachtach (nó — Dearbhaím agus dearbhascáim go sollúnta, go hionraic agus go firinneach — *de réir mar a bheidh*) gur mise an duine a bhfuil an t-ainm AB curtha síos dó ar chlár na dtoghthóirí Dála atá i bhfeidhm anois do thoghlach agus nár vótáil mé cheana sa toghchán seo, agus go raibh ocht mbliana déag d’aois slánaithe agam an..... (an dáta a tháinig an clár i bhfeidhm)”;

agus, má dhiúltaíonn an duine sin an mionn a ghlacadh nó an dearbhasc a dhéanamh, ní cheadófar dó vótáil.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo agus le *halt 103*, ní iarrfar ar vótáláí doiciméad a thabhairt ar aird agus ní dhéanfar aon cheist a chur, ná ní cheadófar aon cheist a chur, i dtaobh an chirt atá ag aon duine chun vótáil, ná ní dhéanfar, nó ní cheadófar, aon duine a chur faoi mhionn nó faoi dhearbhasc ina thaobh sin, ná ní dhéanfaidh aon cheann

comhairimh nó aon oifigeach ceannais aon agóid i gcoinne an chirt sin ná ní ghlacfaidh sé le haon agóid den sórt sin.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a thugann teideal chun vótáil d'aon duine nach bhfuil an teideal sin aige, ná mar ní a shaorann é ó aon phionóis a dhlífear a chur air maidir le vótáil.

CUID XVIII

SOCRUITHE DO CHOMHAIREAMH NA VÓTAÍ

Áit do chomhairreamh na vótaí.

112.—Déanfaidh ceann comhairimh toghlaigh áit a cheapadh laistigh den toghlach nó áit atá caoihiúil mar áit ina gcomhairfidh sé na vótaí agus déanfaidh sé cóiríocht oiriúnach agus an troscán agus an trealamh go léir is gá le haghaidh chomhairreamh na vótaí de réir *Chuid XIX* a chur ar fáil san áit a bheidh ceaptha amhlaidh agus déanfaidh sé socruithe leordhóthanacha chun na páipéir bhallóide agus na doiciméid eile a bhaineann leis an toghchán Dála lena mbaineann a choimeád slán.

Freastal le linn chomhairreamh na vótaí.

113.—(1) Tráth nach déanaí ná 4 lá (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta tabharfaidh an ceann comhairimh fógra i scríbhinn do gach iarrthóir i dtaobh an ama agus na háite a dtosóidh sé ag comhairreamh na vótaí agus i dtaobh an líon gníomhairí a fhéadfaidh gach iarrthóir a cheapadh chun bheith i láthair le linn chomhairreamh na vótaí.

(2) Féadfaidh an ceann comhairimh, a chúntóirí agus a chléirigh, comhaltaí den Gharda Síochána atá ar dualgas agus gníomhairí na n-iarrthóirí a bheidh ceaptha go cuí chuige sin faoin Acht seo a bheith i láthair le linn chomhairreamh na vótaí agus ní fhéadfaidh aon duine eile a bheith i láthair gan cead ón gceann comhairimh.

(3) Déanfaidh an ceann comhairimh na saoráidí réasúnacha go léir chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na himeachtaí le linn chomhairreamh na vótaí (lena n-áirítear, go háirithe, saoráidí chun iad féin a shásamh gur sórtáladh na páipéir bhallóide i gceart), agus an fhaisnéis sin go léir ina thaobh sin, is féidir leis a thabhairt dóibh i gcomhréir le stiúradh ordúil na n-imeachtaí agus le comhlíonadh a fheidhmeanna, a thabhairt do ghníomhairí na n-iarrthóir.

Réamhimeachtaí.

114.—(1) Ar 9 a.m. an lá díreach tar éis an lae vótaíochta agus san áit a bheidh ceaptha faoi *alt 112*, déanfaidh an ceann comhairimh don toghlach, i láthair ghníomhairí na n-iarrthóirí, na boscaí ballóide a oscailt agus na páipéir bhallóide a bhaint amach astu

(2) Déanfar na páipéir bhallóide a bhainfidh an ceann comhairimh amach as gach bosca ballóide a chomhairreamh agus cuirfear a líon iomlán i gcomparáid leis an líon a thaispeántar sa chuntas páipéar ballóide cuí. Ullmhóidh an ceann comhairimh ráiteas ina dtaispeánfar toradh na comparáide sin i leith gach bosca ballóide agus, má iarrtar air é, ligfidh sé do ghníomhaire aon iarrthóra an ráiteas a chóipeáil.

(3) Déanfaidh an ceann comhairimh na páipéir bhallóide go léir a mheascadh ar a chéile agus rachaidh sé ar aghaidh láithreach le comhairreamh na vótaí de réir *Chuid XIX*.

(4) Le linn líon na bpáipéar ballóide a chomhairreamh agus a thaifeadadh, cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara na páipéir sin a

choimeád aghaidh in airde agus cibé réamhchúraimí is cuí a ghlacadh chun cosc a chur le haon duine na huimhreacha atá clóite ar chúl na bpáipéar sin a fheiceáil.

115.—A mhéid is indéanta, rachaidh an ceann comhairimh ar aghaidh go leanúnach le comhaireamh na vótaí, ach amháin le linn tráthanna chun bia a chaitheamh agus na huairé a chloig idir 11 p.m. agus 9 a.m. a eisiámh (ach amháin sa mhéid go chomhaontóidh sé féin agus na hiarrthóirí ar a mhalairt).

An t-am do chomhaireamh na vótaí.

116.—Cuirfidh an ceann comhairimh faoi deara na páipéir bhallóide a ghrinnscrúdú d'fhonn teacht ar aon pháipéir a ndlífeadh diúltú dóibh mar pháipéir neamhbhailí agus, de réir *Chuid XIX*, déanfaidh sé an líon vótaí atá tugtha do gach iarrthóir a fhionnadh agus a thairfeadh.

Comhaireamh na vótaí a sheoladh.

117.—Ní dhéanfaidh iarrthóirí ná a ngníomhairí páipéir bhallóide a láimhsiú le linn chomhaireamh na vótaí.

Láimhsiú páipéir ballóide ag iarrthóirí nó ag gníomhairí.

CUID XIX

RIALACHA DO CHOMHAIREAMH NA VÓTAÍ

118.—(1) Sa Chuid seo—

Léiriú (*Cuid XIX*).

ciallaíonn “iarrthóir leanúnach” aon iarrthóir nach meastar a bheith tofa agus nach bhfuil eisiata;

ciallaíonn “comhaireamh”—

- (a) na hoibríochtaí go léir a bhaineann le comhaireamh na bpríomhroghanna a thairfeadh d'iarrthóirí; nó
- (b) na hoibríochtaí go léir a bhaineann le haistriú an bharrachais ó iarrthóir a mheastar a bheith tofa; nó
- (c) na hoibríochtaí go léir a bhaineann le haistriú vótaí iarrthóra eisiata; nó
- (d) na hoibríochtaí go léir a bhaineann le haistriú vótaí beirt iarrthóirí nó níos mó le chéile;

ciallaíonn “a mheastar a bheith tofa” a mheastar a bheith tofa chun críche chomhaireamh na vótaí ach sin gan dochar do dhearbhu ar thoradh na vótaíochta;

ciallaíonn “cinneadh trí chrannadh” cinneadh de réir na dtreoracha seo a leanas, eadhon, tar éis ainmneacha na n-iarrthóirí lena mbaineann a scríobh ar stialla cosúla páipéir agus na stialla sin a fhilleadh chun nach féidir iad a shainiú agus iad a mheascadh agus a tharraingt ar corr, déanfar an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí, i gcás eisiámh a bheith le déanamh, a eisiámh san ord ina dtarraingeofar a n-ainmneacha, agus, i gcás barrachas, déanfar na barrachais a aistriú san ord ina dtarraingeofar na hainmneacha, agus, i gcásanna comhionannas codán measfar gurb é an codán is mó an codán a bhaineann leis an iarrthóir arb é a ainm is túisce a tharraingeofar;

ciallaíonn “páipéir neamh-inaistrithe” páipéir ballóide nach bhfuil aon dara rogha ná aon rogha dá éis sin thairfeadta air d'iarrthóir leanúnach; ar

choinníoll go measfar páipéar a bheith tagtha chun bheith ina pháipéar neamh-inaistrithe aon uair—

- (a) atá ainmneacha beirt iarrthóirí nó níos mó (cibé acu is iarrthóirí leanúnacha iad nó nach ea) marcáilte le marcanna a thaispeánann, i dtuairim an chinn comhairimh, an t-ord céanna rogha agus gurb iad is neasa san ord rogha, nó
- (b) atá ainm an iarrthóra is neasa san ord rogha (cibé acu is iarrthóir leanúnach é nó nach ea) marcáilte le marc nach bhfuil, i dtuairim an chinn comhairimh, ag teacht go leantach i ndiaidh maire éigin eile ar an bpáipéar ballóide nó le dhá mharc nó níos mó; nó
- (c) atá sé ar neamhní mar gheall ar neamhchinnteacht;

ciallaíonn “bunvóta”, maidir le haon iarrthóir, vóta as páipéar ballóide ar ar taifeadadh príomhrogha don iarrthóir sin;

léireofar “rogha” mar a leanas—

- (a) ciallaíonn “príomhrogha” aon mharc a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go léiríonn sé príomhrogha go soiléir;
 - ciallaíonn “dara rogha” aon mharc a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go léiríonn sé dara rogha go soiléir, agus é ina sheasamh ar leanúint as príomhrogha;
 - ciallaíonn “tríú rogha” aon mharc a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go léiríonn sé tríú rogha go soiléir agus é ina sheasamh ar leanúint as dara rogha agus mar sin de;
- (b) ciallaíonn “rogha is neasa ar fáil” rogha a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith gur dara rogha nó rogha ina dhiaidh sin í a taifeadadh in ord leantach d’iarrthóir leanúnach, gan bacadh leis na roghanna is neasa in ord ar an bpáipéar ballóide d’iarrthóirí a mheastar a bheith tofa nó atá eisiata cheana féin;

ciallaíonn “barrachas” an líon vótaí de bhreis ar an gcuóta atá san áireamh i líon iomlán na vótaí, idir bhunvótaí agus vótaí aistrithe, atá Creidiúnaithe d’aon iarrthóir;

ciallaíonn “páipéar inaistrithe” páipéar ballóide ar a bhfuil dara rogha nó rogha ina dhiaidh sin taifeadta, tar éis príomhrogha, in ord uimhreach leantach d’iarrthóir leanúnach;

ciallaíonn “vóta aistrithe”, maidir le haon iarrthóir, vóta as páipéar ballóide ar a bhfuil dara rogha nó rogha ina dhiaidh sin taifeadta don iarrthóir sin.

(2) Aon pháipéar ballóide—

- (a) nach bhfuil an marc oifigiúil air, nó
- (b) nach bhfuil an figiúr 1, ina sheasamh leis féin, nó an focal “a haon”, nó aon mharc eile ar dóigh leis an gceann comhairimh ina leith go dtaispeánann sé príomhrogha go soiléir, curtha air

ar chor ar bith nó aon mharc eile a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go dtaispeánann sé príomhrogha d'iarrthóir éigin; nó

(c) a bhfuil an figiúr 1, ina sheasamh leis féin agus príomhrogha á taispeáint aige, nó a bhfuil na focail “a haon”, nó aon mharc a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go dtaispeánann sé príomhrogha go soiléir, curtha air os coinne ainm níos mó ná iarrthóir amháin; nó

(d) a bhfuil aon ní scríofa nó marcáilte air a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith gur ní é atá ceaptha chun an toghthóir a shainaitint;

beidh sé neamhbhailí agus ní chomhairfear é, ach ní bheidh an páipéar ballóide neamhbhailí de bhíthin amháin go bhfuil na focail “a haon”, “a dó”, “a trí” (agus mar sin de), nó aon mharc eile, a bhfuil an ceann comhairimh den tuairim ina leith go dtaispeánann sé rogha nó roghanna go soiléir, air.

(3) Formhuineoidh an ceann comhairimh an focal “diúltaithe” ar aon pháipéar ballóide nach bhfuil le comhaireamh faoin alt seo. Ullmhóidh an ceann comhairimh ráiteas, i cibé foirm a ordóidh an tAire, ina dtaispeánfar an líon páipéar ballóide ar dhiúltaigh sé dóibh faoi gach ceann de *mhíreanna* (a), (b), (c) agus (d) *d'fho-alt* (2) agus, ar iarraidh a fháil chuige sin, ligfidh sé d'aon iarrthóir nó d'aon ghníomhaire iarrthóra an ráiteas sin a chóipeáil.

(4) Féadfaidh an ceann comhairimh léiriú ar a bhreith maidir le haon pháipéar nach ndiúltaíonn sé dó mar pháipéar ballóide neamhbhailí a fhorhnuiniú ar an bpáipéar sin, ach sin gan cur isteach ar aon mharc a bheidh curtha ag an toghthóir ar an bpáipéar ballóide.

119.—(1) Tar éis na páipéir bhallóide a mheascadh de réir *alt 114*, déanfaidh an ceann comhairimh iad a eagrú i mbeartáin de réir na bpríomhroghanna a taifeadh do gach iarrthóir atá taifeadta do gach iarrthóir ar leith agus, lena linn sin, diúltóidh sé d'aon cheann atá neamhbhailí.

An chéad
chomhaireamh.

(2) Comhairfidh an ceann comhairimh líon na bpáipéar i ngach beartán ansin agus déanfaidh sé líon vótaí a chreidiúnú do gach iarrthóir ar leith, ar líon é atá comhionann le líon na bpáipéar bailí ar ar taifeadh príomhrogha don iarrthóir sin agus fionnfaidh sé líon na bpáipéar bailí go léir.

120.—(1) Déanfaidh an ceann comhairimh líon na bpáipéar bailí go léir a roinnt ansin ar uimhir ar mó d'aon í ná líon na bhfolúntas a bheidh le líonadh; is é an toradh a fhaightear ón roinnt sin móide a haon, gan aon fhuilleach codánach a áireamh, an líon vótaí is leor chun toghadh iarrthóra a áirithiú agus gairtear “*an cuóta*” den uimhir sin san Acht seo.

An cuóta.

(2) Más rud é, i ndeireadh aon chomhaireamh, go bhfuil an líon vótaí atá creidiúnaithe d'iarrthóir comhionann leis an gcuóta, nó níos mó ná cuóta, measfar an t-iarrthóir sin a bheith tofa.

121.—(1) Más rud é, i ndeireadh aon chomhairimh, gur mó ná an cuóta an líon vótaí atá creidiúnaithe d'iarrthóir, déanfar an barrachas a aistriú, de réir agus faoi réir fhorálacha an ailt seo, chuig an iarrthóir leanúnach nó na hiarrthóirí leanúnacha a thaispeántar ar na páipéir

Barrachas a aistriú.

bhallóide i mbeartán nó i bhfobheartán an iarrthóra a mheastar a bheith tofa de réir na roghanna is neasa atá ar fáil agus atá taifeadta orthu.

(2) Más rud é, maidir leis na vótaí atá creidiúnaithe d'iarrthóir a mheastar a bheith tofa agus a bhfuil a bharrachas le haistriú, gur bunvótaí amháin atá iontu, scrúdóidh an ceann comhairimh na páipéir go léir i mbeartán an iarrthóra sin agus eagróidh sé na páipéir inaistrithe i bhfobheartáin de réir na roghanna is neasa atá ar fáil agus atá taifeadta orthu.

(3) Más rud é, maidir leis na vótaí atá creidiúnaithe d'iarrthóir a mheasfar a bheith tofa agus a bhfuil a bharrachas le haistriú, gur bunvótaí agus vótaí aistrithe, nó vótaí aistrithe amháin, atá iontu, scrúdóidh an ceann comhairimh na páipéir a bheidh san fhobheartán is déanaí a fuair an t-iarrthóir sin agus eagróidh sé na páipéir inaistrithe atá ann i bhfobheartáin bhreise de réir na roghanna is neasa atá ar fáil agus atá taifeadta orthu.

(4) I gceachtar de na cásanna dá dtagraítear i *bhfo-ailt* (2) agus (3), déanfaidh an ceann comhairimh fobheartán ar leith de na páipéir neamh-inaistrithe agus fionnfaidh sé an líon páipéar i ngach ceann de na fobheartáin de pháipéir inaistrithe agus san fhobheartán de pháipéir neamh-inaistrithe.

(5) I gcás—

(a) go bhfuil an barrachas comhionann le líon iomlán na bpáipéar sna fobheartáin de pháipéir inaistrithe, aistreoidh an ceann comhairimh gach fobheartán páipéar inaistrithe chuig an iarrthóir leanúnach a thaispeántar orthu mar rogha is neasa atá ar fáil ó na vótálaithe,

(b) gur mó an barrachas ná líon iomlán na bpáipéar sna fobheartáin de pháipéir inaistrithe, leanfaidh an ceann comhairimh ar aghaidh de réir mar atá sonraithe i *mír* (a) agus, ina theannta sin, déanfaidh sé fobheartán de líon páipéar neamh-inaistrithe atá comhionann leis an difríocht idir an líon iomlán sin agus an barrachas agus cuirfidh sé na páipéir atá ann sna fobheartáin sin i leataobh mar pháipéir a bhfuil déileáilte leo go críochnaitheach agus, chun críocha *alt 127(1)*, a dtugtar páipéir neamh-inaistrithe gan éifeacht mar thuairisc orthu,

agus déanfar na páipéir neamh-inaistrithe nó fúilleach na bpáipéar neamh-inaistrithe, de réir mar a bheidh, agus iad eagraithe mar fhobheartán freisin, a chur le páipéir an iarrthóra a mheastar a bheith tofa.

(6) I gcás gur lú an barrachas ná an líon iomlán páipéar inaistrithe, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) déanfaidh an ceann comhairimh líon páipéar as gach fobheartán páipéar a aistriú chuig an iarrthóir leanúnach a thaispeántar orthu mar rogha is neasa atá ar fáil ó na vótálaithe, ar líon páipéar é a bhfuil idir é agus an líon páipéar san fhobheartán an coibhneas céanna atá idir an barrachas agus an líon iomlán páipéar inaistrithe,

(b) déanfar an líon páipéar a bheidh le haistriú as gach fobheartán a fhionnadh trí líon na bpáipéar san fhobheartán a iolrú faoin

mbarrachas agus an toradh a roinnt ar an líon iomlán páipéar inaistrithe,

(c) déanfar nóta de na codáin (agus féadfar iad a shloinneadh i bhfoirm dheachúil), más ann, i gach comhrann a fhionntar i leith gach iarrthóra de réir *mhír (b)* agus, más rud é, toisc na codáin sin a bheith ann, gur lú ná an barrachas an líon páipéar atá le haistriú, maidir le cibé líon de na codáin sin arna dtógáil in ord a méide (agus an ceann is mó á thógáil ar dtús) agus is gá chun go mbeidh líon iomlán na bpáipéar atá le haistriú comhionann leis an mbarrachas, áireofar aon mar luach dóibh, agus ní áireofar na codáin a bheidh fágtha,

(d) I gcás dhá chodán nó níos mó a bheith ar cóimhéid, agus nach féidir, chun críocha *mhír (c)*, luach na gcodán sin go léir a ríomh mar aon, measfar gurb é an codán a fhaightear as an bhfobheartán is mó an codán is mó agus i gcás na fobheartáin sin a bheith ar aon mhéid, measfar gurb é an codán a bhaineann leis an iarrthóir dár creidiúnaíodh an líon is mó bunvótaí an codán is mó. I gcás go bhfuil líon na mbunvótaí sin comhionann, tabharfar aird ar an líon iomlán vótaí a creidiúnaíodh do na hiarrthóirí sin sa chéad chomhaireamh inar creidiúnaíodh líon neamhionann vótaí dóibh, agus measfar gurb é an codán a bhaineann leis an iarrthóir dár creidiúnaíodh an líon is mó vótaí sa chomhaireamh sin an codán is mó. I gcás go bhfuil an líon vótaí arna chreidiúnú do na hiarrthóirí sin i ngach ceann de na comhairimh comhionann, déanfaidh an ceann comhairimh an codán a measfar gurb é an codán is mó é a chinneadh trí chrannadh.

(7) Is iad na páipéir a bheidh le haistriú as gach fobheartán na cinn is déanaí a comhdaíodh san fhobheartán, agus déanfar gach páipéar arna aistriú amhlaidh a mharcáil chun uimhir an chomhairimh inar tharla an t-aistriú a thaispeáint.

(8) Ní gá don cheann comhairimh, de riachtanas, barrachas iarrthóra a mheastar a bheith tofa a aistriú, aon uair ar lú an barrachas sin, i dteannta aon bharrachais eile gan aistriú, ná an difríocht idir an cuóta agus an líon vótaí arna chreidiúnú don iarrthóir leanúnach is airde agus an difríocht idir líon na vótaí arna chreidiúnú don dá iarrthóir leanúnacha is ísle agus—

(a) ar mó ná aon cheathrú den chuóta an líon vótaí arna chreidiúnú don iarrthóir is ísle, nó

(b) nach mó ná aon cheathrú den chuóta suim líon na vótaí arna chreidiúnú don iarrthóir is ísle i dteannta an bharrachais sin agus aon bharrachais eile gan aistriú.

(9) I gcás, aon tráth, go bhfuil dhá bharrachas nó níos mó le haistriú, is iad na barrachais sin is mó a aistrefar i dtosach báire agus ansin déanfar, faoi réir *fho-alt (8)*, an barrachas nó na barrachais atá fágtha a aistriú de réir ord íslitheach a méide.

(10) I gcás gurb ionann barrachas beirt iarrthóirí nó níos mó ag éirí as an gcomhaireamh céanna, tabharfar aird ar an líon bunvótaí arna chreidiúnú do gach iarrthóir díobh agus déileálfar i dtosach báire le barrachas an iarrthóra a bhfuil an líon is mó bunvótaí arna chreidiúnú dó.

I gcás gurb ionann an líon bunvótaí sin, tabharfar aird ar an líon iomlán vótaí a creidiúnaíodh do na hiarrthóirí sin sa chéad chomhaireamh ina raibh líon neamhionann vótaí acu, agus is le barrachas an iarrthóra ag a raibh an líon is mó vótaí sa chomhaireamh sin a dhéileálfar i dtosach báire. I gcás gurb ionann an líon vótaí arna chreidiúnú do na hiarrthóirí sin i ngach comhaireamh, déanfaidh an ceann comhairimh cibé barrachas díobh a ndéileálfadh sé leis i dtosach báire a chinneadh trí chrannadh.

(11) Faoi réir *fho-ailt* (8) agus (9), i gcás go mbeidh barrachas ag beirt iarrthóirí nó níos mó ag éirí as dhá chomhaireamh dhifriúla, déanfar barrachas atá ann i ndeireadh aon chomhairimh a aistriú roimh bharrachas a eascróidh as comhaireamh dá éis sin.

Iarrthóir a eisiamh.

122.—(1) Más rud é, aon tráth, nach bhfuil barrachas ag aon iarrthóir (nó nach ndéantar barrachas atá ann a aistriú faoi *alt 121(8)*) agus go bhfuil folúntas nó folúntais fágtha gan líonadh, déanfaidh an ceann comhairimh—

- (a) an t-iarrthóir a bhfuil an líon is ísle vótaí creidiúnaithe dó a eisiamh agus páipéir uile an iarrthóra sin a scrúdú;
- (b) na páipéir inaistrithe a eagrú i bhfobheartáin de réir na roghanna is neasa ar fáil atá ar fáil agus atá taifeadta orthu d'iarrthóirí leanúnacha, agus gach fobheartán a aistriú chuig an iarrthóir a bhfuil an rogha taifeadta dó;
- (c) fobheartán ar leith a dhéanamh de na páipéir neamh-inaistrithe agus iad a chur i leataobh mar pháipéir a bhfuil déileáilte leo go críochnaithe agus, chun críocha *alt 127(1)*, tabharfar páipéir neamh-inaistrithe gan éifeacht de thuairisc orthu.

(2) I gcás go bhfuil an líon iomlán vótaí a fuair an bheirt iarrthóirí, nó níos mó, is ísle vótaí, i dteannta aon bharrachais gan aistriú, níos lú ná an líon vótaí arna chreidiúnú don chéad iarrthóir eile is airde, déanfaidh an ceann comhairimh an bheirt iarrthóirí, nó níos mó, is ísle a eisiamh d'aon iarracht amháin, ar choinníoll—

- (a) gur mó ná aon cheathrú den chuóta an líon vótaí arna chreidiúnú don dara hiarrthóir is ísle, nó
- (b) i gcás nach mó ná aon cheathrú den chuóta an líon vótaí arna chreidiúnú d'aon duine den bheirt iarrthóirí, nó níos mó, sin is ísle, gur léir nach bhféadfaí, mar thoradh ar eisiamh na n-iarrthóirí ar leithligh óna chéile de réir *fho-alt (1)* agus ar aistriú aon bharrachas neamhaistrithe, líon vótaí atá níos mó ná aon cheathrú amháin den chuóta a chreidiúnú d'aon iarrthóir den sórt sin.

(3) I gcás, nuair is gá iarrthóir a eisiamh faoin alt seo, go bhfuil an líon céanna vótaí ag beirt iarrthóirí, nó níos mó, agus gurb iad na hiarrthóirí is ísle vótaí iad, tabharfar aird ar an líon bunvótaí arna chreidiúnú do gach iarrthóir díobh, agus eisíofar an t-iarrthóir a bhfuil an líon is lú bunvótaí aige, agus i gcás go bhfuil an líon bunvótaí comhionann, tabharfar aird ar an líon iomlán vótaí arna chreidiúnú do na hiarrthóirí sin sa chéad chomhaireamh ina raibh líon neamhionann vótaí acu agus eisíofar an t-iarrthóir a raibh an líon is lú vótaí aige sa chomhaireamh sin, agus i gcás go mba chomhionann iad na líonta vótaí arna gcreidiúnú do na hiarrthóirí sin i ngach comhaireamh, déanfaidh an ceann comhairimh an t-iarrthóir a eisíofar a chinneadh trí chrannadh.

123.—(1) I gcás go ndéantar vótaí a aistriú faoi *alt 121* nó *122*, déanfar gach fobheartán de pháipéir a aistrítear a chur ar bharr bheartán páipéar an iarrthóra a ndearnadh an t-aistriú chuige, más ann, déanfar líon vótaí atá comhionann leis an líon páipéar a aistríodh chuig an iarrthóir sin a chreidiúnú dó. Vótaí a aistriú.

(2) I gcás, tar éis aon aistriú, go bhfuil barrachas ag iarrthóir, déileálfar leis an mbarrachas sin de réir agus faoi réir fhorálacha *alt 121* sula ndéantar aon iarrthóir eile a eisiáimh.

124.—(1) Nuair atá an líon iarrthóirí leanúnacha comhionann leis an líon folúntas atá fágtha gan líonadh, measfar as a aithle sin na hiarrthóirí leanúnacha a bheith tofa. Na folúntais deiridh a líonadh.

(2) Nuair nach bhfuil ach folúntas amháin fágtha gan líonadh agus gur mó líon vótaí iarrthóra leanúnaigh áirithe ná líon iomlán vótaí uile na n-iarrthóirí leanúnacha eile, i dteannta aon bharrachais gan aistriú, measfar as a aithle sin an t-iarrthóir sin a bheith tofa.

(3) Nuair is féidir na folúntais deiridh a líonadh faoin alt seo, ní dhéanfar aon aistriú eile vótaí mura rud é nach mbeidh líon vótaí is mó ná aon cheathrú amháin den chuóta creidiúnaithe d'aon duine de na hiarrthóirí leanúnacha agus gur gá, chun críocha *alt 48(1)(e)*, an t-aistriú sin a dhéanamh chun a shuíomh an bhféadfaí an líon sin vótaí a chreidiúnú dó.

125.—(1) Féadfaidh aon iarrthóir, nó gníomhaire toghcháin d'iarrthóir, i ndeireadh aon chomhairimh, a iarraidh ar an gceann comhairimh gach ceann nó aon cheann de na páipéir lenar déileáladh i rith an chomhairimh sin a athscrúdú agus a athchomhaireamh agus déanfaidh an ceann comhairimh na páipéir sin a athscrúdú agus a athchomhaireamh dá réir sin gan aon athruithe a dhéanamh ar eagrú na bpáipéar sna beartáin éagsúla, ach amháin i gcás go bhféadfaidh athruithe den sórt sin a bheith riachtanach de dhroim aon earráide a aimsíodh i rith an chomhairimh. Ní chuirfidh aon ní san fho-alt seo oibleagáid ar an gceann comhairimh an beartán céanna páipéar a athscrúdú nó a athchomhaireamh níos mó ná uair amháin. Athchomhaireamh.

(2) Féadfaidh an ceann comhairimh, dá rogha féin, páipéir a athchomhaireamh uair amháin nó níos minice ná sin in aon chás nach deimhin leis, maidir le haon chomhaireamh, nach bhfuil an comhaireamh sin cruinn. Maidir leis an gcumhacht atá ag ceann comhairimh faoin bhfo-alt seo chun páipéir a athchomhaireamh, beidh feidhm aici freisin maidir le páipéir ar déileáladh leo i gcomhaireamh ba luaithe ná an comhaireamh díreach roimhe sin.

(3) (a) Maidir le gach iarrthóir, féadfaidh sé féin nó a ghníomhaire toghcháin iarraidh amháin (agus sin uile) a dhéanamh ar athscrúdú agus athchomhaireamh iomlán ar gach beartán páipéar ballóide agus déanfaidh an ceann comhairimh athscrúdú agus athchomhaireamh ar na beartáin pháipéar ballóide dá réir sin.

(b) Le linn an athscrúdaithe agus an athchomhairimh, ní chuirfear isteach ar líon ná ar ord na bpáipéar ballóide in aon bheartán.

(c) Ní chuirfidh aon ní i bhforálacha an fho-ailt seo oibleagáid ar an gceann comhairimh an beartán céanna páipéar a athscrúdú nó

a athchomhaireamh níos mó ná uair amháin, ach má aimsítear earráid atá, i dtuairim an chinn comhairimh, ina hearráid shuntasach ar dóigh di difear a dhéanamh do thoradh an toghcháin, comhairfidh an ceann comhairimh na páipéir go léir as an nua ón bpointe ag ar tharla an earráid.

(d) Ní chuirfidh aon ní san fho-alt seo oibleagáid ar an gceann comhairimh iarraidh ó iarrthóir nó óna ghníomhaire toghcháin a chomhlíonadh, arb iarraidh í atá, i dtuairim an chinn comhairimh, suaibhreasach nó cráiteach.

(e) Ní ceadmhach iarraidh faoin bhfo-alt seo a dhéanamh ach amháin i ndeireadh comhairimh.

(4) I gcás go n-aimsítear earráid, déanfaidh an ceann comhairimh, más gá, aon torthaí a d'fhógair sé roimhe sin a leasú.

(5) I gcás, maidir le hiarraidh arna déanamh faoi *fho-alt (3)*, go ndéanfaidh an t-iarrthóir arb ina leith a rinneadh í, nó go ndéanfaidh gníomhaire toghcháin an iarrthóra sin, an iarraidh sin a tharraingt siar, is ceadmhach don cheann comhairimh gan dul ar aghaidh, nó gan dul ar aghaidh tuilleadh, leis an athscrúdú agus leis an athchomhaireamh.

Toradh na vótaíochta a dhearbhu.

126.—Ar chomhaireamh na vótaí a bheith críochnaithe, cinnfidh agus dearbhóidh an ceann comhairimh toradh na vótaíochta agus, as a aithle sin, beidh na hiarrthóirí a mheastar a bheith tofa arna dtoghadh.

Fógra i dtaobh thorthaí an toghcháin.

127.—(1) Déanfaidh an ceann comhairimh fógra poiblí i dtaobh ainmneacha agus thuairiscí na n-iarrthóirí a toghadh a thabhairt san fhoirm a bheidh ordaithe ag an Aire agus, i gcás toghcháin iomaidh, tabharfaidh sé fógra poiblí den sórt sin i dtaobh líon iomlán na vótaí a tugadh do gach iarrthóir, cibé acu a toghadh é nó nár toghadh, i dtaobh aon aistriú vótaí agus i dtaobh líon iomlán na vótaí a creidiúnaíodh do gach iarrthóir i ndeireadh an chomhairimh ina tharla an t-aistriú sin.

(2) Cuirfidh an ceann comhairimh cóip den fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* chuig an Aire agus chuig gach duine a toghadh agus cuirfidh sé cóip den ráiteas dá dtagraítear in *alt 114(2)* chuig an Aire.

Breith an chinn comhairimh.

128.—Is breith chríochnaitheach í breith an chinn comhairimh, bíodh sí sainráite nó intuigthe as a ghníomhartha, ar aon cheist a eascróidh i ndáil le haon iarrthóir a eisiamh faoi *alt 122* nó i ndáil le haon pháipéar ballóide nó aistriú vótaí, ach sin faoi réir í a fhreaschur mar thoradh achainí ina dtabharfar an toghchán Dála faoi cheist agus faoina réir sin amháin.

CUID XX

DOICIMÉID A CHOIMEÁD, A INIÚCHADH AGUS A DHIÚSCAIRT

Doiciméid a choimeád agus a dhiúscairt.

129.—(1) Ar chomhaireamh na vótaí chríochnú, cuirfidh an ceann comhairimh na nithe seo a leanas isteach i bpaicéid shéalaithe ar leithligh—

(a) na páipéir bhallóide a comhaireadh,

(b) na páipéir bhallóide ar diúltaíodh dóibh le linn chomhaireamh na vótaí,

(c) na páipéir bhallóide neamhúsáidte agus na páipéir bhallóide mhillte, agus

(d) comhduillí na bpáipéar ballóide a eisíodh i stáisiúin vótaíochta, agus déanfaidh sé sonraí faoina inneachar, dáta an lae vótaíochta sa toghchán agus an toghlach lena mbaineann na sonraí sin a mharcáil ar gach paicéad.

(2) Cuirfidh an ceann comhairimh na nithe seo a leanas isteach i bpaicéid shéalaithe ar leithligh freisin—

(a) na cóipeanna marcáilte de chlár na dtoghthóirí Dála,

(b) na cuntais pháipéar ballóide agus an ráiteas arna ullmhú de réir *alt 114*,

(c) páipéir ainmniúcháin na n-iarrthóirí, cibé acu bailí nó neamhbhailí, agus na deimhnithe cleamhnachta polaitíochta, agus

(d) na húdaruithe do thoghthóirí chun vótáil i stáisiúin vótaíochta eile,

agus déanfaidh sé sonraí faoina inneachar, dáta an lae vótaíochta sa toghchán agus an toghlach lena mbaineann na sonraí sin a mharcáil ar gach paicéad, agus, a luaithe is indéanta, déanfaidh sé na doiciméid dá dtagraítear san alt seo, in *alt 76* agus in *alt 83(2)* a sheoladh chuig Cléireach na Dála.

(3) Déanfaidh Cléireach na Dála na doiciméid dá dtagraítear san alt seo, lena n-áirítear na doiciméid sin dá dtagraítear in *ailt 76* agus *83*, a choimeád go ceann 6 mhí ó dháta na vótaíochta sa toghchán. Nuair a bheidh an tréimhse sin caite, déanfaidh Cléireach na Dála, mura n-ordófar a mhalairt dó le hordú ón Ard-Chúirt, nó mura mbeidh cúis aige lena chreidiúint go mbeidh na doiciméid ag teastáil chun críche dá dtagraítear in *alt 130(3)*, a chur faoi deara na doiciméid a scriosadh.

130.—(1) Ní ligfear d'aon duine aon cheann de na doiciméid a luaítear i *bhfo-alt (2)* a iniúchadh ach amháin faoi ordú ón Ard-Chúirt. Páipéir bhallóide a iniúchadh, etc.

(2) Is iad seo a leanas na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) comhduillí na bpáipéar ballóide a cuireadh chuig postvótálaithe faoi *alt 68*,

(b) comhduillí na bpáipéar ballóide a seachadadh ar vótálaithe speisialta faoi *alt 82*,

(c) na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-ailt (2)* agus (3) *d'alt 76*, agus

(d) na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1) d'alt 129*.

(3) Ní dhéanfar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* mura deimhin leis an gcúirt gur gá na doiciméid sin a iniúchadh nó a thabhairt ar aird d'fhonn ionchúiseamh a tionscnamh nó a chothabháil mar gheall ar chion faoin Acht seo nó chun críoch achainí.

(4) Féadfáir ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh faoi réir cibé coinníollacha is fóirsteanach leis an gcúirt maidir le daoine, am, áit agus modh iniúchta na ndoiciméad nó maidir leis an modh ar a dtabharfar

ar aird iad, agus déanfar foráil ann chun a áirithiú nach nochtfar an tslí ar vótáil aon vótálaí.

(5) I gcás go ndéantar ordú maidir le Cléireach na Dála do thabhairt ar aird aon doiciméad atá ina sheilbh i ndáil le toghchán Dála, beidh tabhairt ar aird an doiciméid sin ag Cléireach na Dála nó thar a cheann ina fhianaise leordhóthanach chun a chruthú go mbaineann an doiciméad leis an toghchán sonraithe; agus beidh aon fhorhhuiniú ar aon phaicead a thabharfar ar aird amhlaidh ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífear a mhalairt, go bhfuil inneachair an phaiceid sin mar atá ráite ina leith san fhorhhuiniú sin.

Doiciméid áirithe eile a iniúchadh.

131.—Beidh na doiciméid uile a chuirfidh an ceann comhairimh chuig Cléireach na Dála de bhun an Achta seo, seachas doiciméid dá dtagraítear in *alt 130*, ar oscailt lena n-iniúchadh ag an bpobal ar cibé tráth agus faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh Cléireach na Dála. Soláthróidh Cléireach na Dála cóipeanna de na doiciméid sin, nó sleachta astu, d'aon duine a éileoidh an céanna, ar cibé táillí a íoc nach mó ná an costas réasúnach cóipeála, agus faoi réir cibé coinníollacha a cheadóidh an tAire Airgeadais.

CUID XXI

ACHAINÍOCHA TOGHCHÁIN DÁLA

Toghcháin Dála a thabhairt faoi cheist.

132.—(1) Féadfar toghchán Dála a thabhairt faoi cheist trí achainí chun na hArd-Chúirte agus ní fhéadfar toghchán den sórt sin a thabhairt faoi cheist ach amháin ar an tslí sin.

(2) Beidh feidhm ag forálacha *an Tríú Sceideal* maidir le hachainí.

(3) (a) Faoi réir *mhir (b)* agus *Riail 2(2) den Tríú Sceideal*, ní ghlacfar le hachainí lena taisceadh leis an gcúirt mura ndéanann an t-achainíoch, i dteannta na hachainí, urrús ina bhfuil suim £5,000 i leith costas a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige a thaisceadh i dteannta na hachainí.

(b) I gcás gur deimhin leis an gcúirt nach féidir le hachainíoch an méid a shonraítear i mír (a) a thaisceadh nó go mbeadh sé ina chúis le cruatan tromchúiseach ar achainíoch dá gceanglófaí air an méid sin a thaisceadh, féadfaidh an chúirt a cheangal air cibé méid is lú ná sin is cuí leis an gcúirt a thaisceadh.

(4) Féadfaidh aon duine atá cláraithe nó i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Dála sa toghlach achainí a thíolacadh ach ní fhéadfar í a thíolacadh ach amháin laistigh de thréimhse a shonraítear i *Riail 3 den Tríú Sceideal*.

(5) Féadfar toghchán Dála a thabhairt faoi cheist mar gheall ar easpa incháilitheachta, mar gheall ar chion dá dtagraítear i *gCuid XXII* a dhéanamh, mar gheall ar bhac nó ar chur isteach nó ar threampán eile ar stiúradh an toghcháin nó mar gheall ar earráid nó mírialtacht eile ar dóigh difear a bheith déanta aige nó aici do thoradh an toghcháin.

(6) Féadfaidh aon pháirtí in achainí achomharc a dhéanamh ar cheist dlí chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh breithe ón Ard-Chúirt ar an

achainí agus, faoi réir an mhéid sin roimhe seo, is breith chríochnaitheach breith na hArd-Chúirte agus ní bheidh sí inachomhairc.

(7) Le linn achainí a thriail, cinnfidh an Ard-Chúirt an t-ábhar atá faoi shaincheist san achainí agus, mura ndéanann sí an achainí a dhíbhe, déanfaidh sí, más cuí, ceachtar de na nithe seo a leanas a chur san áireamh san ordú uaithe lena gcinntear an t-ábhar atá faoi shaincheist—

(a) dearbhú i dtaobh thoradh ceart an toghcháin lena mbaineann, nó

(b) má mheasann sí nach féidir léi toradh ceart an toghcháin a chinneadh, dearbhú á rá go raibh an toghchán nó cuid shonraithe den toghchán ar neamhní maille le ráiteas i dtaobh na gcúiseanna atá aici leis an dearbhú a dhéanamh.

(8) I gcás go ndearbhaíonn an chúirt toghchán Dála iomlán, nó aon chuid de Thoghchán Dála, a bheith ar neamhní, déanfar toghchán úr de réir fhorálacha an Achta seo chun an folúntas nó na folúntais sa Dáil dá dhroim sin a líonadh agus tógtar an vótaíocht sa toghchán cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, ar lá é laistigh den tréimhse trí mhí dar tosach dáta an ordaithe ón gcúirt; ar choinníoll nach mbeidh oibleagáid ann faoin bhfo-alt seo toghchán úr a dhéanamh más rud é go bhfuil olltoghchán le déanamh, thairis sin, sa Stát laistigh den tréimhse sé mhí díreach tar éis an dáta sin.

CUID XXII

CIONTA TOGHCHÁIN

133.—(1) Aon duine a thabharfaidh faisnéis bhréagach go feasach in éileamh ar cheartúchán i ndrúchtchlár nó a mhainníonn nó a dhiúltaíonn, tar éis a cheangal air go cuí, de bhun fhorálacha *an Dara Sceideal*, aon fhaisnéis atá ina sheilbh a thabhairt, is faisnéis a fhéadfaidh údarás clárúcháin nó cláraitheoir contae a éileamh chun críoch a ndualgas, nó a thabharfaidh faisnéis bhréagach go feasach, beidh sé ciontach i gcion.

Cionta i ndáil le clárú toghthóirí.

(2) Aon duine—

(a) a dhéanfaidh aon fhaisnéis atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach i ndáil le ráiteas de bhun *alt 12* nó i ndáil le hiarratas de bhun *alt 17*, nó

(b) a dhéanfaidh ráiteas de bhun *alt 12* in ainm duine eile, nó

(c) a dhéanfaidh iarratas in ainm duine eile chun bheith taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta,

beidh sé ciontach i gcion.

(3) (a) Aon duine a dhéanfaidh aon fhógra, aon dréachtchlár, aon chóip de chlár na dtoghthóirí, aon liostaí toghthóirí nó aon doiciméad eile a bheidh curtha ar fáil lena iniúchadh nó lena hiniúchadh ag an bpobal i dtaca le hullmhú chlár na dtoghthóirí a dhíothú nó a lot go toiliúil, gan údarás dleathach, beidh sé ciontach i gcion.

(b) Maidir leis an údarás a chuir faoi deara an fógra, an dréachtchlár, an chóip de chlár na dtoghthóirí nó an doiciméad

eile a chur ar fáil lena iniúchadh nó lena hiniúchadh ag an bpobal, féadfaidh sé cion faoin alt seo a ionchúiseamh.

Pearsanaíocht.

134.—(1) Aon duine—

(a) a iarrfaidh páipéar ballóide in ainm duine éigin eile i dtoghchán Dála, is cuma an ainm duine bheo nó ainm duine mhairbh nó ainm duine bréige an t-ainm sin, nó

(b) a iarrfaidh páipéar ballóide ina ainm féin i dtoghchán Dála tar éis páipéar ballóide a bheith faighte aige uair amháin sa toghchán céanna (seachas faoi *alt 102*).

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar, maidir le haon duine a mbeidh páipéar ballóide eisithe chuige de bhun *alt 68*, measfar páipéar ballóide a bheith faighte aige.

(3) Aon duine a chabhróidh nó a neartóidh le cion pearsanaíochta a dhéanamh nó a thugann comhairle maidir le cion pearsanaíochta a dhéanamh nó a chuireann faoi deara cion pearsanaíochta a dhéanamh, beidh sé ciontach i gcion.

Breabaireacht.

135.—(1) Ní dhéanfaidh duine, i ndáil le toghchán Dála—

(a) comaoin luachmhar a thabhairt chun vótálaí a aslú chun vótáil, nó chun toghadh aon duine nó vóta aon vótálaí a áirithiú, nó mar gheall ar vótáil a bheith déanta ag vótálaí; ná

(b) toghadh aon duine nó vóta aon vótálaí a áirithiú trí bhíthin, nó de dhroim, comaoine luachmhaire, ná

(c) tarraingt siar, nó staonadh ó tharraingt siar, de dhroim aon chomaoine luachmhaire, ó bheith ina iarrthóir; ná

(d) aon duine a aslú, de bhíthin, nó de dhroim comaoine luachmhaire, chun tarraingt siar nó staonadh ó tharraingt siar ó bheith ina iarrthóir; ná

(e) comaoin luachmhar a ghlacadh, nó comhaontú nó conradh a dhéanamh le duine maidir le comaoin luachmhar a ghlacadh, i leith vótáil a dhéanamh nó i leith aontú vótáil a dhéanamh.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé ciontach i gcion.

(3) Aon duine a chabhróidh nó a neartóidh le cion a dhéanamh faoin alt seo nó a thugann comhairle maidir le cion a dhéanamh faoin alt seo nó a chuireann faoi deara cion a dhéanamh faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion.

(4) San alt seo—

folaíonn “tabhairt”, “aslú”, agus “cur faoi deara” aontú le tabhairt, aslú nó cur faoi deara nó gealltanais a thabhairt maidir le haontú, aslú nó cur faoi deara nó iarracht a dhéanamh maidir le haontú, geallúint nó cur faoi deara, de réir mar a bheidh, bíodh gur go díreach nó go neamhdhíreach a dhéantar é;

folaíonn “comaoin luachmhar” aon airgead, luach airgid nó urrús luachmhar nó aon chomaoin luachmhar nó aon oifig, ionad nó fostaíocht a thabhairt nó a iasachtú, nó comhaontú a dhéanamh chun é a thabhairt nó a iasachtú, d’aon duine nó le haghaidh aon duine, nó tairiscint a dhéanamh

nó gealltanais a thabhairt chun a chur faoi deara, nó iarracht a dhéanamh a chur faoi deara, aon ní den sórt sin a fháil d'aon duine nó le haghaidh aon duine;

folaíonn “vótáil” vótáil ar shlí ar leith nó staonadh ó vótáil.

136.—Aon duine a dhéanfaidh, i ndáil le toghchán Dála, go díreach nó go neamhdhíreach, úsáid a bhaint, nó bagairt úsáid a bhaint, as aon fhorneart, foréigean nó srianadh in aghaidh aon duine, nó arb é is cúis le haon díobháil nó cailteanas de chineál saolta nó spioradálta a fhulaingeoidh aon duine, nó a bhagróidh a bheith ina chúis le haon díobháil nó cailteanas den sórt sin, nó a dhéanfaidh iarracht trí fhuadach, trí éigeantas nó trí chalaíocht—

Tionchar míchuí.

- (a) aon duine a aslú, nó iallach a chur ar aon duine, chun vótáil nó chun staonadh ó vótáil, nó chun vótáil nó chun staonadh ó vótáil do dhuine áirithe nó ar shlí ar leith, nó
- (b) aon duine a aslú, nó iallach a chur ar aon duine, chun tarraingt siar nó chun staonadh ó tharraingt siar, ó bheith ina iarrthóir, nó
- (c) aon duine a aslú, nó iallach a chur ar aon duine, chun bheith ina iarrthóir nó ina iarrthóir, nó cur isteach a dhéanamh, nó cosc a chur, ar aon duine i dtaca le bheith ina iarrthóir, nó
- (d) cur isteach a dhéanamh, nó cosc a chur, ar shaorfheidhmiú cheart vótála aon toghthóra Dála,

beidh sé ciontach i gcion.

137.—(1) Aon duine atá i láthair le linn páipéir bhallóide a eisiúint chui postvótálaithe, nó le linn do vótálaithe speisialta a bheith ag vótáil, nó le linn boscaí postbhallóide a oscailt, beidh sé ciontach i gcion más rud é, ach amháin chun críche éigin a údaráítear le dlí—

Sárú rúndachta.

- (a) go ndéanfaidh sé aon fhaisnéis a bheidh faighte le linn na heisiúna sin nó le linn na vótála sin i dtuairim an mhaire oifigiúil a chur in iúl d'aon duine, roimh chríochnú na vótaíochta, nó
- (b) go ndéanfaidh sé iarracht a fhionnadh le linn na heisiúna sin nó le linn na vótála nó le linn na hoscailte sin cén uimhir atá ar chúl aon pháipéir ballóide nó cé hé an t-iarrthóir dár tugadh aon vóta in aon pháipéir ballóide, nó aon fhaisnéis ina thaobh sin a bheidh faighte le linn na heisiúna sin nó le linn na vótála sin nó le linn na hoscailte sin a chur in iúl d'aon duine eile.

(2) Aon duine a ligfear isteach i stáisiún vótaíochta in aon cháil i dtoghchán Dála, beidh sé ciontach i gcion má dhéanann sé, sula gcríochnaítear an vótaíocht, ach amháin chun críoch éigin a údaráítear le dlí, aon fhaisnéis a chur in iúl d'aon duine eile i dtuairim an ainm nó i dtuairim ainm nó uimhir aon vótálaí ar chlár na dtoghthóirí Dála, ar vótálaí é a d'iarr, nó nár iarr, páipéir ballóide, nó a vótáil i stáisiún vótaíochta, nó i dtuairim an mhaire oifigiúil.

(3) Aon duine atá i láthair in aon cháil le linn chomhairleamh na vótaí i dtoghchán Dála, beidh sé ciontach i gcion más rud é, ach amháin chun críche éigin a údaráítear le dlí, go bhfionnann sé, nó go ndéanann sé iarracht a fhionnadh le linn an chomhairleamh sin cén uimhir atá ar chúl aon

pháipéir ballóide, nó, más rud é, aon tráth, go ndéanann sé aon fhaisnéis a chur in iúl is faisnéis a fuair sé le linn an chomhairimh sin i dtaobh an iarrthóra a mbeidh aon vóta tugtha dó ar aon pháipéar ballóide.

(4) Beidh duine ciontach i gcion i gcás, i dtoghchán Dála, ach amháin chun críche éigin a údaraítear le dlí—

- (a) go gcuirfidh sé isteach nó go bhféachfaidh sé le cur isteach ar vótálaí nuair atá a pháipéar ballóide á mharcáil aige, nó go bhfaighidh sé faisnéis, nó go bhféachfaidh sé le faisnéis a fháil, i stáisiún vótaíochta i dtaobh an iarrthóra a bhfuil aon vótálaí atá ar tí vótáil dó sa stáisiún nó ar vótáil aon vótálaí dó sa stáisiún, nó
- (b) go ndéanfaidh sé, aon tráth, aon fhaisnéis a fuarthas i stáisiún vótaíochta i dtaobh an iarrthóra a bhfuil vótálaí ar tí vótáil dó sa stáisiún sin, nó ar vótáil vótálaí dó sa stáisiún sin, nó i dtaobh na huimhreach ar chúl an pháipéir ballóide a eisíodh chuig vótálaí sa stáisiún sin, a chur in iúl d'aon duine eile, nó
- (c) go n-aslóidh sé aon vótálaí, go díreach nó go neamhdhíreach, chun a pháipéar ballóide a thaispeáint, tar éis don vótálaí sin é a mharcáil, ionas go mbeidh a fhios ag aon duine ainm an iarrthóra ar vótáil, nó nár vótáil, aon vótálaí den sórt sin dó, nó
- (d) go gcuirfidh sé isteach, nó go bhféachfaidh sé le cur isteach, ar ghlacadh nó marcáil nó cur ar ais páipéir ballóide ag aon phostvótálaí nó go bhféachfaidh sé le faisnéis a fháil i dtaobh an iarrthóra ar vótáil, nó nár vótáil, aon vótálaí den sórt sin dó.

Cionta a bhaineann le boscaí ballóide, páipéir bhallóide, páipéir ainmniúcháin, deimhniú cleamhnachta polaitíochta, marcanna oifigiúla, etc.

138.—Beidh duine ciontach i gcion, más rud é—

- (a) go ndéanann sé, go toiliúil agus gan údarás dleathach, aon bhosca ballóide nó paicéad páipéar ballóide, nó aon phaicéad páipéar nó doiciméad d'aon chineál atá á úsáid an tráth sin, nó atá le úsáid, chun críocha toghchán Dála, nó aon chuntas páipéar ballóide nó aon chóip mharcáilte de chlár toghthóirí Dála arna ullmhú nó arna úsáid chun críocha an toghcháin nó aon pháipéar ballóide neamhúsáidte, a thógáil, a scríosadh, a cheilt nó a oscailt, nó go gcuireann sé isteach ar na nithe sin ar shlí eile, nó
- (b) go ndéanann sé páipéar ballóide a scríosadh, a stróiceadh nó a aghlot go mailíseach, nó
- (c) go ndéanann sé páipéar ballóide nó an marc oifigiúil ar pháipéar ballóide a bhrionnú nó a ghéochumadh, nó
- (d) go ndéanann sé páipéar ballóide a sholáthar d'aon duine gan údarás dleathach, nó
- (e) go ndéanann sé aon pháipéar, seachas an páipéar ballóide a bhfuil sé údaraithe le dlí é a chur isteach i mbosca ballóide, a chur isteach i mbosca ballóide go calaoiseach, nó
- (f) go dtugann sé páipéar ballóide amach as stáisiún vótaíochta go calaoiseach, nó
- (g) go ndéanann sé aon pháipéar ainmniúcháin nó aon deimhniú cleamhnachta polaitíochta nó aon údaruithe faoi *alt 99* nó *alt*

100 nó aon chlúdach oifigiúil nó aon fhoirm um dhearbhu céannachta nó aon fhoirm admhála a úsáidtear i ndáil le vótáil speisialta nó postvótáil, nó aon fhoirm nó doiciméad eile a úsáidtear i dtoghchán, a bhrionnú nó a aghlot go calaoiseach nó a scríosadh go calaoiseach, nó

(h) go ndéanann sé páipéar ainmniúcháin arb eol dó é a bheith brionnaithe a thabhairt ar aird don cheann comhairimh, nó

(i) go ndéanann sé an marc oifigiúil a ghéachumadh, nó

(j) go ndéanann sé, gan údarás dleathach, aon ghléas chun an marc oifigiúil a chur ar pháipéir bhallóide a thabhairt chun bealaigh, a scríosadh nó a dhamáistiú, nó go ndéanann sé aon aithris ar aon ghléas den sórt sin, nó aon leagan géachumtha d'aon ghléas den sórt sin, nó go bhfuil aon aithris den sórt sin ina sheilbh aige.

139.—(1) Beidh duine ciontach i gcion i gcás, idir an dáta a chuirtear an t-eascaire amach chun comhalta nó comhaltaí den Dáil a thoghadh le haghaidh toghlaigh agus an dáta a chuirtear freagra ar ais chuig Cléireach na Dála faoi *alt 39*, go ngníomhóidh sé ar mhodh mí-ordúil ag cruinniú poiblí dleathach a sheoltar i ndáil leis an toghchán.

Iompar mí-ordúil ag cruinniú toghcháin.

(2) Aon duine chabhraíonn, nó a neartaíonn, le cion a dhéanamh, a thugann comhairle maidir le cion a dhéanamh nó a chuireann faoi deara cion a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, beidh sé ciontach i gcion.

140.—(1) Ní foláir ainm agus seoladh chlódóir agus fhoilsitheoir gach fhógra, bille nó póstaer, nó gach doiciméid dá shamhail, a bhaineann le toghchán Dála nó a dháiltear d'fhonn iarrthóireacht aon iarrthóra i dtoghchán Dála a chur chun cinn a bheith ar éadan na nithe sin.

Ainm agus seoladh an chlódóra agus an fhoilsitheora a fhágáil ar lar as doiciméid toghcháin Dála.

(2) Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé aon fhógra, bille, póstaer nó doiciméad dá shamhail mar atá réamhráite a chló, a fhoilsiú nó a phostáil, nó má chuireann sé faoi deara é a chló, a fhoilsiú nó a phostáil, gan ainm agus seoladh an chlódóra agus an fhoilsitheora a bheith ar a éadan.

(3) Ní bheidh feidhm ag forálacha *fho-ailt (1)* agus (2) maidir le haon fhógra, bille, póstaer nó doiciméad dá shamhail arna chló, arna fhoilsiú nó arna phostáil ag an gceann comhairimh.

(4) Chun críocha an ailt seo, foláionn “cló” aon phróiseas chun cóipeanna a dhéanamh d'fhógra, de bhille, de phóstaer nó de dhoiciméad dá shamhail, seachas é a chóipeáil de láimh.

141.—(1) Ní dhéanfaidh duine—

(a) duine eile a ainmniú lena thoghadh don Dáil faoin Acht seo, ná

(b) iarrthóireacht duine eile sa toghchán sin don Dáil a tharraingt siar,

Iarrthóir a ainmniú nó a tharraingt siar gan toiliú uaidh.

ach amháin le toiliú ón duine sin.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé ciontach i gcion.

Deimhniú cleamhnachta polaitíochta brionnaithe.

142.—Aon duine a thabharfaidh deimhniú den chineál dá dtagraítear in alt 46 ar aird do cheann comhairimh, ar deimhniú é is eol dó a bheith brionnaithe, sin é a bheith brionnaithe, beidh sé ciontach i gcion.

Dearbhú bréagach ar pháipéar ainmniúcháin.

143.—(1) I gcás go ndéanfaidh duine is iarrthóir, nó is moltóir iarrthóra, i dtoghchán Dála dearbhú ar pháipéar ainmniúcháin gur léigh sé na nótaí ar an bpáipéar ainmniúcháin agus go gereideann sé go bhfuil an t-iarrthóir incháilithe lena thoghadh faoin Acht seo, ansin, mura bhfuil an t-iarrthóir incháilithe lena thoghadh faoin Acht seo, beidh an duine ciontach i gcion.

(2) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *fho-alt (1)*, is cosaint mhaith é don chosantóir a thaispeáint go raibh forais réasúnacha aige chun a chreidiúint go raibh an t-iarrthóir incháilithe lena thoghadh.

Oifigeach do ghníomhú mar ghníomhaire d'iarrthóir nó chun iarrthóireacht a chur chun cinn.

144.—Aon cheann comhairimh, aon cheann comhairimh cúnta, aon cheann comhairimh gníomhach nó aon leascheann comhairimh, nó aon duine atá ar fostú ag aon oifigeach den sórt sin chun aon chríche a bhaineann le toghchán Dála, a ghníomhóidh mar ghníomhaire d'aon iarrthóir sa toghchán sin nó a mbeidh baint ghníomhach aige le hiarrthóireacht aon iarrthóra a chur ar aghaidh nó le leasanna aon pháirtí polaitíochta sa toghchán a chur chun cinn, beidh sé ciontach i gcion.

Ainmniúchán nó vótaíocht a bhac.

145.—Aon duine a bhacann ainmniú iarrthóirí nó an vótaíocht i dtoghchán Dála le foréigean, beidh sé ciontach i gcion.

Cur isteach ar pháipéir phostbhallóide nó iad a scríosadh.

146.—(1) Aon duine a dhéanfaidh, i dtoghchán Dála—

(a) go toiliúil agus gan údarás dleathach, aon pháipéar ballóide nó doiciméad eile a chuirtear chuig postvótálaí faoin Acht seo a thógáil, a scríosadh, a cheilt nó a oscailt, nó cur isteach ar na nithe sin ar dhóigh eile, nó

(b) gan údarás dleathach, aon pháipéar ballóide nó doiciméad eile den sórt sin a sholáthar go feasach do dhuine seachas an duine a bheidh i dteideal é a fháil go dleathach,

beidh sé ciontach i gcion.

(2) Aon duine a chabhróidh, nó a neartóidh, le cion faoin alt seo a dhéanamh, nó a thabharfaidh comhairle maidir le cion den sórt sin a dhéanamh, nó a chuirfidh faoi deara cion den sórt sin a dhéanamh, nó a shirfidh nó a ghríosóidh duine eile chun cion den sórt sin a dhéanamh, beidh sé ciontach i gcion.

Togthóirí a bhac nó cur isteach a dhéanamh orthu.

147.—(1) Ní chuirfidh aon duine isteach ar thoghthóir, ní chuirfidh sé bac ná treampán ar thoghthóir, le linn don toghthóir dul chuig stáisiún vótaíochta, nó teacht uaidh, nó a bheith i gcomharsanacht stáisiún vótaíochta nó i stáisiún vótaíochta.

(2) Le linn na tréimhse dar tosach 30 nóiméad roimh an am a bheidh ceaptha chun vótaíocht a thógáil i dtoghchán, lena n-áirítear vótaíocht a bheidh curtha ar atráth faoi *alt 107*, agus dar críoch 30 nóiméad tar éis chríochnú na vótaíochta sin, ní dhéanfaidh aon duine, i stáisiún vótaíochta nó i gcúirtealáiste stáisiúin vótaíochta nó in aon ait laistigh de 100 méadar ón stáisiún sin, d'fhonn leas páirtí polaitíochta a chur chun cinn nó iarrthóireacht iarrthóra nó iarrthóirí a chur ar aghaidh nó vótaí a lorg d'iarrthóirí nó d'iarrthóirí nó, chun aon chríche dá mhalairt, aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) siománaíocht nó cruinniú in éineacht le daoine eile;
- (b) iarracht a dhéanamh toghthóir a aslú, ar mhodh ar bith, chun vótáil d'iarrthóir nó d'iarrthóirí nó chun vótáil ar shlí áirithe nó chun staonadh ó vótáil;
- (c) aon fhógra, sín nó póstaer (seachas fógra, sín nó póstaer a chuirfidh an ceann comhairimh ar taispeáint) nó cárta, ciorclán nó doiciméad eile a bhaineann leis an toghchán a chur ar taispeáint nó a dháileadh; nó
- (d) aon chiallaire nó sásra eile aithisc phoiblí a úsáid, ná a chur a faoi deara é a úsáid, chun ábhar a bhaineann leis an toghchán a chraoladh.

(3) Chun críche an ailt seo, measfar go bhfolaíonn stáisiún vótaíochta gach cuid den fhoirgneamh agus aon talamh atá laistigh de chúirtealáiste an fhoirgnimh ina bhfuil an stáisiún vótaíochta suite agus déanfar an t-achar dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a thomhas ó aon bhealach isteach sa stáisiún vótaíochta nó i gcúirtealáiste an stáisiúin vótaíochta.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* nó *(2)*, beidh sé ciontach i gcion.

148.—(1) Ní imeoidh gníomhaire pearsanaíochta as stáisiún vótaíochta a bhfuil sé ceaptha lena aghaidh le linn na n-uaireanta a chloig a bheidh ceaptha faoi *alt 96* chun an vótaíocht a thógáil gan cead a fháil roimh ré ón oifigeach ceannais agus gan gach uile chlár, leabhar agus doiciméad, a bhfuil aon nóta nó scríbhinn nó marc curtha aige ann le linn na vótaíochta, a thaisceadh leis an oifigeach ceannais sin.

Gníomhaire pearsanaíochta d'imeacht as stáisiún vótaíochta gan cead.

(2) Gníomhaire pearsanaíochta a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé ciontach i gcion, agus ina theannta sin, ní fhillfidh sé ar an stáisiún vótaíochta atá i gceist sin gan cead a fháil ón oifigeach ceannais.

149.—(1) Aon duine—

- (a) atá cláraithe i gclár na dtoghthóirí Dála atá i bhfeidhm de thuras na huair do thoghlach ach nach bhfuil i dteideal a bheith cláraithe amhlaidh, nó

Toirmeasc ar vótáil ag duine atá cláraithe mar thoghthóir nuair nach bhfuil sé i dteideal a bheith cláraithe amhlaidh.

- (b) nach bhfuil cláraithe sa chlár sin,

ní vótálfaidh sé sa toghlach sin.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (7)*, beidh sé ciontach i gcion.

150.—Aon duine a sháróidh *fo-alt (8)* nó *(9)* d'*alt 103*, beidh sé ciontach i gcion.

Páipéir bhallóide á marcáil go neamhdhleathach ag daoine atá ag gníomhú mar chompánaigh.

151.—Aon duine a dhéanfaidh go feasach, idir an dáta a chuirfear eascaire amach do thoghadh comhalta nó comhaltaí Dála do thoghlach agus an dáta a bheidh an freagra le tabhairt do Chléireach na Dála faoi *alt 39*, ráiteas bréagach a fhoilsiú go feasach i dtaobh iarrthóir sa toghchán Dála do tharraingt siar nó d'fháil bháis, beidh sé ciontach i gcion.

Ráiteas bréagach i dtaobh iarrthóir do tharraingt siar nó d'fháil bháis.

152.—Aon duine a dhéanfaidh nó a fhoilseoidh, roimh thoghchán Dála, nó lena linn, aon ráiteas ar dóigh dó vótálaithe a chur ar míthreoir i dtaobh an phróisís iarbhír vótála, beidh sé ciontach i gcion.

Ráiteas míthreorach i dtaobh an phróisís vótála.

Láimhsiú páipéar ballóide ag iarrthóirí nó ag gníomhairí.

153.—Aon Iarrthóir nó gníomhaire iarrthóra a láimhseoidh páipéar ballóide le linn chomhaireamh na vótaí i dtoghchán Dála, beidh sé ciontach i gcion.

Iníúchadh neamhúdaraithe ar dhoiciméid.

154.—Is cion é iníúchadh neamhúdaraithe a dhéanamh ar aon doiciméad is doiciméad a luaitear in *alt 130*.

Achainí a tharraingt siar go héillitheach.

155.—Aon duine a dhéanfaidh aon chomhaontú nó aon ghealltanais ndáil le hachainí a tharraingt siar i gcomaoin aon focaíochta nó scor de chomhaltas na Dála nó ar aon chúis shubstaintiúil eile nach mbeidh luaite sa mhionscríbhinn dá dtagraítear i *Riail 8* den *Tríú Sceideal*, beidh sé ciontach i gcion.

Teorainn ama chun cion a ionchúiseamh.

156.—D’ainneoin *alt 10 (4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, féadfar imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an chiona nó, má rinneadh an cion i ndáil le toghchán Dála a mbeidh imeachtaí ina leith ina bhfuil an toghchán á thabhairt faoi cheist os comhair na hArd-Chúirte, féadfar iad a thionscnamh laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an chiona nó laistigh de thrí mhí ó bhreith na cúirte, cibé tréimhse díobh is déanaí a rachaidh in éag, ach ní thionscnófar imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo tar éis dheireadh na tréimhse dhá bhliain dar tosach dáta an chiona.

Pionóis.

157.—(1) I gcás duine a bheith ciontach i gcion faoin Acht seo, seachas cion a luaitear i *bhfo-alt (2)*, dlífear—

(a) ar an duine a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná £1,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air, nó

(b) ar an duine a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £2,500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná dhá bhliain, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

(2) I gcás duine a bheith ciontach i gcion faoi *ailt 133, 140, 148* nó *153*, dlífear, ar an duine sin a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £500 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

Cúiteamh i gcás go ndéantar cúiseamh áirithe go héagórach nó mura dtugtar ar aghaidh é.

158.—I gcás go ngabfar aon duine faoi *alt 105* ar chúiseamh arna dhéanamh ag gníomhaire pearsanaíochta á rá go ndearna an duine sin cion pearsanaíochta agus go mainneoidh an gníomhaire pearsanaíochta sin (nó duine éigin thar a cheann) láithriú os comhair na cúirte chun tacú leis an gcúiseamh, nó go ndéanfaidh an chúirt an duine a éigíontú i leith an cion a dhéanamh agus go gcinnefidh an chúirt go ndearna an gníomhaire pearsanaíochta an cúiseamh gan cúis réasúnach nó cóir, féadfaidh an chúirt, ar iarraidh a fháil ón duine arna chúiseamh amhlaidh, ach ní ar aon slí eile, a ordú don ghníomhaire pearsanaíochta cibé suim is cuí leis an gcúirt, ar suim nach mó ná £500, a íoc leis an duine sin ar mhodh damáistí agus, nuair a íocfar an tsuim sin go cuí, glacfaidh an duine arna chúiseamh amhlaidh léi mar lánsásamh sna héilimh go léir uaidh i leith damáistí a eascraíonn as an gcúiseamh sin agus as é a ghabháil agus a choinneáil mar gheall ar an gcúiseamh sin.

Damáistí i leith sárú dualgais ag oifigigh, etc.

159.—I gcás go mainneoidh aon duine dá dtugtar aon fheidhmeanna nó dualgais leis an Acht seo, nó faoi, i ndáil le toghchán Dála, a fheidhmeanna nó a dhualgais ina leith sin a chomhlíonadh gan cúis

réasúnach, beidh aon duine a ndéantar díobháil dó mar thoradh ar an mainneachtain sin i dteideal, trí bhithin caingean dlí, cibé suim, ar mhodh damáistí, a mheasfaidh an chúirt a thriailfidh an chaingean sin a bheith cóir a ghnóthú uaidh.

160.—In aon imeachtaí sibhialta nó coiriúla i ndáil le cion liomhnaithe i dtoghchán Dála, beidh deimhniú an chinn comhairimh don toghlach lena mbaineann á rá go ndearnadh an toghchán go cuí, nó go raibh duine ar leith ina iarrthóir sa toghchán sin, ina fhianaise *prima facie* ar na fíoraí a bheidh luaite ann agus ní gá síniú an chinn comhairimh a chruthú ná a chruthú gurbh é an ceann comhairimh sin é iarbhir.

Deimhniú an chinn comhairimh le bheith ina fhianaise *prima facie*.

CUID XXIII

ILGHNÉITHEACH

161.—Aon duine—

Rúndacht.

- (a) atá i láthair le linn páipéir bhallóide a eisiúint chuig postvótálaithe, nó
- (b) atá i láthair le linn do vótálaí speisialta a bheith ag vótáil, nó
- (c) atá i láthair le linn boscaí postbhallóide a oscailt, nó
- (d) a ligtear isteach i stáisiún vótaíochta in aon cháil, nó
- (e) atá i láthair in aon cháil le linn chomhaireamh na vótaí,

déanfaidh sé rúndacht na ballóide a choimeád ar bun agus cuideoidh sé leis an rúndacht a choimeád ar bun.

162.—Maidir le haon duine a vótáil i dtoghchán Dála, ní dhéanfar, in aon imeachtaí dlíthiúla, a cheangal air a rá conas a vótáil sé ná cé dó ar vótáil sé.

Toirmeasc ar vóta a nochtadh.

163.—Aon fhógra poiblí a gceanglaítear leis an Acht seo ar cheann comhairimh, ar údarás clárúcháin nó ar chlárúitheoir contae é a thabhairt, féadfar é a thabhairt ar aon mhodh a mheasfaidh an ceann comhairimh, an t-údarás clárúcháin nó an clárúitheoir contae a bheith riachtanach nó inmhianaithe d'fhonn aird an phobail a tharraingt ar an ní a gceanglaítear amhlaidh fógra a thabhairt ina leith.

Fógraí a fhoilsiú.

164.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú, in aon chás ina ndealróidh sé dó go bhfuil éigeandáil nó deacracht speisialta ann, cibé oiriúnú nó modhnú a dhéanamh ar aon reacht, ordú nó rialachán a bhaineann le clárú toghthóirí Dála, toghthóirí uachtaráin, toghthóirí Seanaid, toghthóirí Eorpacha nó toghthóirí rialtais áitiúil nó le stiúradh toghcháin Dála, toghcháin uachtaráin, toghcháin Seanaid, toghcháin Eorpach, toghcháin áitiúil nó reifreann, ar oiriúnú nó modhnú é is dóigh leis is gá chun a chumasú an clárú sin a dhéanamh go cuí nó an toghchán nó an reifreann sin a dhéanamh go cuí, ach sin faoi réir chomhlíonadh na bprionsabal atá leagtha síos sna hAchtanna iomchuí agus iad á nglacadh ina n-iomláine.

Oiriúnú nó modhnú i gcás éigeandáil nó deacracht speisialta a bheith ann.

(2) Gach ordú a dhéanfar faoin alt seo, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaite is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh

an t-ordú ar neamhni dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(3) San alt seo—

(a) tá le “toghthóirí Seanaid” an bhrí chéanna atá leis in Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937,

(b) tá le “toghchán Seanaid” an bhrí chéanna atá leis in Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937, agus in Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947,

(c) tá le “reifrinn” an bhrí chéanna atá leis in Acht an Reifrinn, 1942,

(d) ciallaíonn “ná hAchtanna iomchuí”—

(i) i gcás toghthóirí uachtaráin, toghthóirí Dála, toghthóirí Eorpacha agus toghthóirí rialtais áitiúil a chlárú, an tAcht seo, agus i gcás toghthóirí Seanaid a chlárú, Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937,

(ii) i gcás toghcháin nó reifreann a stiúradh, ach amháin mar a n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, an tAcht seo, *Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1992*, *Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Comhaltai Ollscoile), 1937 go 1973*, *Achtanna Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947 go 1972*, *na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992*, *na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1992*, agus *Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992*.

Forálacha speisialta i gcás an lá vótaíochta céanna a bheith ann do dhá thoghchán nó níos mó.

165.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na vótaíochtaí seo a leanas:

(a) an vótaíocht i dtoghchán duine chuig oifig Uachtarán na hÉireann;

(b) an vótaíocht i dtoghchán Dála de réir bhrí an Achta seo;

(c) an vótaíocht i dtoghchán ionadaithe chuig Parlaimint na hEorpa faoi *na hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992*;

(d) an vótaíocht i dtoghchán comhaltai d’Údarás na Gaeltachta faoin Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979;

(e) an vótaíocht i reifreann de réir bhrí *Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992*;

(f) an vótaíocht i dtoghchán áitiúil.

(2) I gcás go mbeidh dhá vótaíocht nó níos mó lena mbaineann an t-alt seo le tógáil an lá céanna, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas, d’ainneoin aon achtacháin eile:

(a) tógfar na vótaíochtaí san am céanna, sna háiteanna céanna agus ar an modh céanna,

(b) úsáidfean an marc oifigiúil céanna le haghaidh na bpáipéar ballóide i ngach vótaíocht,

- (c) beidh dath éagsúil ar na páipéir bhallóide i ngach vótaíocht (agus, chuige sin, measfar bán a bheith ina dhath),
- (d) féadfar na boscaí ballóide céanna nó boscaí ballóide éagsúla a sholáthar,
- (e) má sholáthraítear boscaí ballóide ar leithligh, ní bheidh páipéar ballóide neamhbhailí de bhíthin amháin é a bheith curtha isteach sa bhosca ballóide mícheart,
- (f) maidir le húdarú ó cheann comhairimh do dhuine vótáil i vótaíocht amháin i stáisiún vótaíochta seachas an stáisiún vótaíochta a bheidh leithroinnte dó, féadfar, leis an údarú sin, a údarú don duine vótáil sa stáisiún sin sa vótaíocht nó sna vótaíochtaí eile, i gcás toghcháin Dála, toghcháin uachtaráin nó reifrinn sa toghlach céanna nó, i gcás toghcháin Eorpaigh, sa chontae céanna nó sa chontaebhuirg chéanna nó, i gcás toghcháin áitiúil, sa toghlimistéar áitiúil céanna.

(3) Maidir le hiarrthóir seachas iarrthóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* agus a bheadh i dteideal an ceart chun postais in aisce a fheidhmiú de bhun *alt 57* nó ar shlí eile i ndáil le níos mó ná vótaíocht amháin, féadfaidh sé comhchumarsáid phoist a sheoladh agus ábhar a áireamh inti i ndáil le gach vótaíocht den sórt sin.

(4) I gcás go mbeadh iarrthóirí de chuid an pháirtí polaitíochta céanna i dteideal an ceart chun postais in aisce a fheidhmiú faoi *alt 57* nó ar shlí eile i ndáil le níos mó ná vótaíocht amháin, féadfaidh na hiarrthóirí sin comhchumarsáid phoist a sheoladh, nó féadfar cumarsáid den sórt sin a sheoladh thar a gceann, agus féadfar ábhar a áireamh inti i ndáil le gach vótaíocht den sórt sin.

(5) Ní fhorléireofar *fo-ailt (3)* agus (4) mar fho-ailt lena dtugtar ceart chun postais in aisce d'aon iarrthóir de bhreis ar na cearta a thugtar le *halt 57*, le *halt 34* d'Acht Toghcháin an Uachtaráin, 1937, agus le Riail 18 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.

(6) Féadfaidh an tAire, le hordachán, le hordú nó le rialachán, foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe a mheasfaidh sé is gá d'fhonn éifeacht a thabhairt don alt seo.

(7) Beidh éifeacht le haon treoir, ordú nó rialachán a thabharfar nó a dhéanfar faoi *fho-alt (6)* d'ainneoin aon ní atá in aon achtachán eile agus, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht an *fho-ailt sin (6)*, féadfaidh sé—

- (a) cumhachtaí agus dualgais ceann comhairimh agus aon daoine eile a bheidh fostaithe i ndáil leis na vótaíochtaí a mhíniú,
- (b) cibé modhnuithe a dhealróidh don Aire a bheith riachtanach a dhéanamh ar na hAchtanna, ar na horduithe nó na rialacháin lena rialaítear tógáil na vótaíochtaí nó na socrúithe chun na vótaí a chomhaireamh, ar modhnuithe iad a bhaineann le tógáil na vótaíochtaí i dteannta a chéile nó chun críochnú na dtoghcháin agus fionnadh thorthaí na dtoghcháin a éascú nó a luathú,

(c) forálacha a dhéanamh i ndáil le foirm agus tarchur cártaí faisnéise.

(8) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh an tAire Airgeadais scála muirear uasta a ullmhú agus na nithe seo a leanas a chur in iúl—

(a) an t-am a bheidh, an modh ar a mbeidh agus fhoirm ina mbeidh cuntais le tabhairt dó,

(b) an modh ar a ndéanfar costais thógáil na vótaíochtaí lena mbaineann a chionroinnt idir cibé ceann díobh seo a leanas a dhéanfadh, murach an fhoráil seo, costais na vótaíochtaí lena mbaineann a íoc, is é sin le rá, an Príomh-Chiste, an t-údarás áitiúil nó na húdaráis áitiúla (de réir bhrí Chuid VI den Acht Toghcháin, 1963) lena mbaineann agus Aire na Gaeltachta.

Leasú ar Acht
Toghcháin an
tSeanaid (Baill
Phríomh-Scoile),
1937.

166.—Leasaítear leis seo Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 25:

“Feidhm an Achta
Toghcháin, 1992.

25.—(1) Beidh feidhm ag *ailt 57, 134, 135, 136, 138, 139, 140, 144, 145, 149, 151, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 160* agus *163* den *Acht Toghcháin, 1992*, maidir le toghcháin i dtoghdaís ollscoile agus, chun na críche sin, sna hailt sin den Acht sin—

(a) déanfar gach tagairt do “toghcháin Dála” agus do “toghchán” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar thagairt do thoghchán i dtoghdaís ollscoile;

(b) déanfar gach tagairt do “clár na dtoghthóirí Dála” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar thagairt don rolla de thoghthóirí i leith toghdaís ollscoile;

(c) déanfar gach tagairt do “toghthóir Dála” agus do “toghthóir” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar thagairt do thoghthóir i dtoghdaís ollscoile;

(d) déanfar gach tagairt do “toghlach” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar thagairt do thoghdaís ollscoile;

(e) déanfar an tagairt do thréimhse ama in *ailt 139* agus *151* a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt don tréimhse dar tosach dáta an ordaithe lena gceaptar dátaí agus tráthanna i dtoghchán Seanaid agus dar críoch críochnú na vótaíochta sa toghchán sin.

(2) I dteannta fhorálacha an fho-ailt sin roimhe seo den alt seo, agus gan dochar do na forálacha sin, beidh feidhm ag gach foráil reachtúil atá i bhfeidhm de thuras na huairé agus a bhaineann le breabaireacht, le pearsanaíochta nó le cionta eile i dtoghcháin chun comhaltaí de Dháil Éireann a thoghadh maidir le toghcháin i dtoghchais ollscoile amháil is dá mba thoghcháin chun comhaltaí de Dháil Éireann a thoghadh na toghcháin sin.”, agus

(b) trí “atá i bhfeidhm de thuras na huairé agus” a chur isteach i ndiaidh “Na hachtacháin” i bhfo-alt (1) d’alt 26.

167.—Leasaítear leis seo Acht Toghchán an Uachtaráin, 1937—

Leasú ar Acht
Toghchán an
Uachtaráin, 1937.

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23:

“Vótáil ag daoine atá ar fostú ag cinn chomhairimh áitiúla i dtoghchán uachtaráin.

23A.—I gcás go ndéanfaidh ceann comhairimh áitiúil toghthóir uachtaráin do dháilcheantar a fhostú chun aon chríche i ndáil le toghchán uachtaráin agus go mbeidh imthosca fhostaíocht an toghthóra sin, i dtuairim an chinn comhairimh áitiúil, de chineál a choisfidh air vótáil sa stáisiún vótaíochta ina mbeadh an toghthóir uachtaráin sin i dteideal vótáil murach sin, féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil a údarú don toghthóir uachtaráin sin, le húdarú arna thabhairt i cibé foirm a ordóidh an tAire, vótáil ag aon stáisiún vótaíochta eile sa dáilcheantar.”;

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 32:

“Feidhm an Achta Toghcháin, 1992.

32.—(1) Beidh feidhm ag ailt 105, 134, 135, 136, 138, 139, 140, 144, 145, 146, 147, 148, 151, 152, 153, 154, 156, 157, 158, 159, 160 agus 163 den Acht Toghcháin, 1992, agus beidh éifeacht leo, maidir le toghcháin uachtaráin.

(2) D’fhonn na hailt sin den Acht sin a fheidhmiú maidir le toghcháin uachtaráin de bhun an fho-ailt sin roimhe seo—

(a) déanfar na habairtí “toghchán” agus “toghchán Dála”, gach áit a bhfuil siad sna hailt sin den Acht sin, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar abairtí a fholáionn toghchán uachtaráin;

(b) déanfar an focal “iarrthóir”, gach áit a bhfuil sé sna hailt sin, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leis, mar fhocal a fholáionn iarrthóir i dtoghchán uachtaráin;

(c) déanfar an abairt “clár na dtoghthóirí Dála”, gach áit a bhfuil sí sna hailt

sin, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar abairt a chiallaíonn rolla na dtoghthóirí uachtaráin agus déanfar aon tagairt do “toghthóir Dála” nó do “toghthóir” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt do thoghthóir uachtaráin;

- (d) in *alt 134* den Acht sin, forléireofar an tagairt do “*alt 102*” mar thagairt do Rial 19 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht seo agus forléireofar an tagairt do “*alt 68*” mar thagairt *d’alt 29* den Acht seo;
- (e) in *alt 138* den Acht sin, tabharfar neamhaird ar an tagairt do “deimhniú cleamhnachta polaitíochta” agus déanfar an tagairt do “údarú faoi *alt 99*” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt d’údarú faoi *alt 23A* d’Acht Toghcháin an Uachtaráin, 1937 (arna chur isteach le *halt 167* den *Acht Toghcháin, 1992*), agus déanfar an tagairt do “údarú faoi *alt 100*” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt d’údarú faoi *alt 14* den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986;
- (f) in *ailt 138* agus *140* den Acht sin, déanfar an abairt “ceann comhairimh” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar abairt a fholaíonn an ceann comhairimh toghcháin uachtaráin;
- (g) déanfar an tagairt in *ailt 139* agus *151* den Acht sin do thréimhse ama a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt don tréimhse dar tosach dáta an ordaithe lena gceaptar dátaí agus dar críoch críochnú na vótaíochta;
- (h) déanfar an tagairt in *ailt 159* agus *163* den Acht sin do na focail “leis an Acht seo” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt *d’Achtanna Toghcháin an Uachtaráin, 1937 go 1992.*”; agus
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) d’alt 34;

“(1) Faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar faoi *alt 74* den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, beidh gach iarrthóir i dtoghchán uachtaráin i dteideal aon chumarsáid phoist amháin ina mbeidh ábhar a bhaineann go hiomlán leis an

toghchán, agus nach mbeidh níos mó ná 50 gram meáchain inti, a chur, saor ó aon mhuirear i leith postais, chuig gach duine ar rolla na toghthóirí uachtaráin nó chuig aon teaghlaim de na daoine sin.”.

168.—Leasaítear leis seo Acht an Reifrinn, 1942—

Leasú ar Acht an Reifrinn, 1942.

(a) trí “*alt 60 (3) den Acht Toghcháin, 1992*” a chur in ionad “*alt 22 den Acht chun Droch-Bhearta Toghcháin do Chosc, 1923*” i bhfo-alt (7)(b) d’alt 17;

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 29:

“Feidhm an Achta Toghcháin, 1992.

29.—(1) Beidh feidhm ag *ailt 105, 134, 135, 136, 138, 139, 140, 145, 146, 152, 153, 154, 156, 157, 158* agus *160 den Acht Toghcháin, 1992*, agus beidh éifeacht leo, maidir le gach reifreann.

(2) Chun na hailt sin *den Acht Toghcháin, 1992*, a fheidhmiú maidir le reifreann de bhun an fho-ailt sin roimhe seo—

(a) déanfar na habairtí “toghchán” agus “toghchán Dála”, gach áit a n-úsáidtear iad sna hailt sin den Acht sin, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leo, mar abairtí a fholaíonn reifreann;

(b) déanfar an abairt “clár na dtoghthóirí Dála”, gach áit a n-úsáidtear í san hailt sin den Acht sin, a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar abairt a chiallaíonn clár na dtoghthóirí uachtaráin agus déanfar aon tagairt do “toghthóir Dála” nó do “toghthóir” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt do thoghthóir uachtaráin;

(c) tabharfar neamhaird ar thagairtí sna hailt sin den Acht sin do “iarrthóirí”, do “toghadh aon duine” agus do “vótáil do dhuine áirithe”;

(d) in *alt 134* den Acht sin, déanfar an tagairt do “*alt 102*” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt do Riail 20 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht seo agus déanfar an tagairt do “*alt 68*” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt d’alt 20 den Acht seo;

(e) in *alt 138* den Acht sin, tabharfar neamhaird ar na tagairtí do “páipéar ainmniúcháin” agus do “deimhniú cleamhnachta polaitíochta” agus déanfar an tagairt do “údarú faoi *alt*

99” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt do dheimhniú faoi alt 66 den Acht Toghcháin, 1963, agus déanfar an tagairt do “údarú faoi *alt 100*” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt d’údarú faoi alt 14 den Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986;

(f) déanfar an tagairt in *alt 139* den Acht sin do thréimhse ama a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar thagairt don tréimhse dar tosach dáta an ordaithe lena gceaptar an lá vótaíochta sa reifreann agus dar críoch críochnú na vótaíochta sa reifreann sin;

(g) in *alt 140* den Acht sin, déanfar an abairt “ceann comhairimh” a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, mar abairt a fholaíonn ceann comhairimh an reifrinn;

(h) in *alt 156* den Acht sin, forléireofar na focail “ó bhreith na cúirte sin” mar fhocail a chiallaíonn ordú críochnaitheach na hArd-Chúirte tar éis achainí reifrinn a thriail.”;

(c) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar an abairt “cleacht cuirpthe” in alt 33:

“ciallaíonn an abairt ‘cleachtas éillitheach’—

(a) cion pearsanaíochta de réir bhrí *alt 134 den Acht Toghcháin, 1992*, nó cabhrú, neartú nó comhairliú leis an gcion sin a dhéanamh nó a chur faoi deara an cion sin a dhéanamh,

(b) cion breabaireachta de réir bhrí *alt 135* den Acht sin, nó

(c) cion tionchair mhíchuí de réir bhrí *alt 136* den Acht sin.”; agus

(d) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 34:

“Cead chun achainí a thíolacadh.

34A.—(1) D’ainneoin na bhforálacha eile den Chuid seo, ní dhéanfar achainí reifrinn i ndáil leis an deimhniú reifrinn sealadach dá dtagraítear in alt 30 a thíolacadh don Ard-Chúirt mura rud é go ndéanfaidh an chúirt sin, ar iarratas arna dhéanamh chuige sin chuici ag an duine a bheartaíonn í a thíolacadh, nó thar a cheann, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis fhoilsiú an deimhnithe san Iris Oifigiúil, cead a dheonú le hordú don duine déanamh amhlaidh.

(2) Ní dheonóidh an Ard-Chúirt cead faoi fho-alt (1) den alt seo chun achainí reifrinn a thíolacadh mura deimhin léi—

(i) go bhfuil fianaise *prima facie* ann ar ní dá dtagraítear in alt 34 (2) den Acht seo, ar ní é ar i ndáil leis a dhéanann an achainí lena mbaineann an deimhniú reifrinn sealadach a thabhairt faoi cheist, agus

(ii) gur ní de chineál a dhéanfadh difear ábhartha do thoradh an reifrinn réamhráite ina iomláine an ní sin.”.

169.—Leasaítear leis seo Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947, trí “atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus” a chur isteach i ndiaidh “Na hachtacháin” i bhfo-alt (1) d’alt 54 agus i bhfo-alt (1) d’alt 75 araon. Leasú ar Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai), 1947.

170.—(1) Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1963—

Leasú ar an Acht Toghcháin, 1963.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) d’alt 44 agus fho-alt (2) d’alt 64 araon:

“(2) Direofar cárta vótaíochta chuig an toghthóir ag an seoladh arb ina leith atá sé cláraithe i gclár na dtoghthóirí uachtaráin agus seachadfar é ag an seoladh sin tráth nach déanaí ná an tríú lá roimh an lá vótaíochta.”;

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) d’alt 44 agus fho-alt (3) d’alt 64:

“(3) I gcás go gcuirfear cárta vótaíochta chun bealaigh leis an bpost seolfar ar aghaidh é, gan na táillí ina leith a réamhíoc, leis na bpost is luaithe a fhónfaidh.”; agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) agus (4) d’alt 82:

“(3) Is iad na forálacha dá dtagraítear sna fo-ailt sin roimhe seo na forálacha atá in *ailt 60, 105, 134, 135, 136, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 146, 147, 148, 149, 150, 151, 152, 153, 154, 156, 157, 158, 159, 160* agus *163* den *Acht Toghcháin, 1992*.

(4) I gcás foráil i rialacháin faoin alt seo a bheith i gcomhréir le foráil san *Acht Toghcháin, 1992*, ar foráil í dá bhforáiltear pionós in *alt 157* den Acht sin, féadfar foráil a dhéanamh leis an bhforáil sin maidir le pionós nach mó ná an pionós dá bhforáiltear san fhoráil a bhfuil sí i gcomhréir léi.”.

(2) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 82 den Acht Toghcháin, 1963, agus a bheidh i bhfeidhm tráth thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm agus beidh éifeacht leo amhail is dá mba rud é go ndearnadh iad faoin alt sin 82 arna leasú leis an Acht seo.

Forléiriú ar thagairtí sna hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992.

171.—Sna hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992—

- (a) forléireofar gach tagairt do “an Tionól” mar thagairt do Pharlaimint na hEorpa,
- (b) forléireofar gach tagairt do “toghchán Tionóil” mar thagairt do thoghchán Eorpach,
- (c) forléireofar gach tagairt do “toghthóir Tionóil” mar thagairt do thoghthóir Eorpach.

Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.

172.—Leasaítear leis seo an tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) d’alt 12:

“(2) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná an chéad lá de Nollaig, 1993, agus uair amháin ar a laghad gach deich mbliana dá éis sin, tograí a chur faoi bhráid an Oireachtais chun athmheas a dhéanamh ar na toghlaigh dá dtoghfar iarrthóirí faoin Acht seo chun bheith ina n-ionadaithe sa Pharlaimint.”;

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad mhír (1) de Riail 18 den Chéad Sceideal:

“(1) Faoi réir mhír (3) den Riail seo, beidh gach iarrthóir i dtoghchán Eorpach, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar faoi alt 74 den Acht Seirbhísi Poist agus Teileachumarsáide, 1983, i dteideal aon chumarsáid phoist amháin ina bhfuil ábhar a bhaineann go hiomlán leis an toghchán, agus nach bhfuil níos mó ná 50 gram meáchain inti, a chur, saor ó aon mhuirear i leith postais, chuig gach duine ar chlár na dtoghthóirí Eorpacha don toghlach nó chuig aon teaghlaim de na daoine sin.”;

- (c) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (2) agus (3) de Riail 28 den Chéad Sceideal:

“(2) Díreofar cárta vótaíochta chuig an toghthóir Eorpach ag an seoladh a bhfuil sé cláraithe ina leith i gclár na dtoghthóirí Eorpacha agus seachadfar é ag an seoladh sin tráth nach déanaí ná an tríú lá roimh an lá vótaíochta.

(3) I gcás go gcuirfear cárta vótaíochta chun bealaigh leis an bpost, tarchuirfear é leis an bpost is luaithe is indéanta gan na muirir ina leith a réamhíoc.”;

- (d) tríd an Riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 58 den Chéad Sceideal:

“An ceann comhairimh d’fhormhuiniú páipéar ballóide.

58A.—Féadfaidh an ceann comhairimh léiriú ar a bhreith maidir le haon pháipéar nach ndiúltaíonn sé dó mar pháipéar ballóide neamhbhailí a fhormhuiniú ar an bpáipéar sin, ach sin gan cur isteach ar aon mharc a bheidh curtha ag an toghthóir ar an bpáipéar ballóide.”, agus

- (e) tríd an Riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 83 den Chéad Sceideal:

“Toghthóirí a bhac nó cur isteach orthu.

83A.—(1) Ní chuirfidh aon duine isteach ar thoghthóir, ná é a bhac ná threampán a chur air, le linn don toghthóir dul chuig stáisiún vótaíochta, nó teacht uaidh, nó bheith i gcomharsanacht stáisiúin vótaíochta nó i stáisiún vótaíochta.

(2) Le linn na tréimhse dar tosach 30 nóiméad roimh an am a bheidh ceaptha chun vótaíocht a thógáil i dtoghchán, lena n-áirítear vótaíocht a bheidh curtha ar atráth faoi Rial 43, agus dar críoch 30 nóiméad tar éis chríochnú na vótaíochta sin, ní dhéanfaidh aon duine, i stáisiún vótaíochta nó i gcúirtealáiste stáisiúin vótaíochta nó in aon áit laistigh de 100 méadar ón stáisiún sin, d’fhonn leas páirtí polaitíochta a chur chun cinn nó iarrthóireacht iarrthóra nó iarrthóirí a chur ar aghaidh nó vótaí a shireadh d’iarrthóir nó d’iarrthóirí nó chun aon chríche míchuí, aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) siománaíocht nó cruinniú in éineacht le daoine eile;
- (b) iarracht a dhéanamh toghthóir a aslú, ar aon mhodh d’aon chineál, chun vótáil d’iarrthóir nó d’iarrthóirí nó chun vótáil ar shlí áirithe nó chun staonadh ó vótáil;
- (c) aon fhógra, sín nó póstaer (seachas fógra, sín nó póstaer a chuireann an ceann comhairimh áitiúil ar taispeáint) nó cárta, ciorclán nó doiciméad eile a bhaineann leis an toghchán a chur ar taispeáint nó a dháileadh; nó
- (d) aon challaire nó sásra eile aithisc phoiblí a úsáid ná a chur faoi deara é nó í a úsáid, chun ábhar a bhaineann leis an toghchán a chraoladh.

(3) Chun críche na Rialach seo, measfar go bhfolaíonn stáisiún vótaíochta gach cuid den fhoirgneamh agus aon talamh atá i gcúirtealáiste an fhoirgnimh ina bhfuil an stáisiún vótaíochta suite agus déanfar an t-achar dá dtagraítear i mír (2) a thomhas ó aon bhealach isteach sa stáisiún vótaíochta nó isteach i gcúirtealáiste an stáisiúin vótaíochta.

(4) Aon duine a sháróidh mír (1) nó (2), beidh sé ciontach i gcion.”

Leasú ar an Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.

173.—Leasaítear leis seo an tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g) d’fho-alt (3) d’alt 63:

“(h) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, ceann comhairimh i dtoghchán Dála, Eorpach nó áitiúil, ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó faoin *Acht Toghcháin, 1992*, faoi na *hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977 go 1992*, agus faoi na *hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1992*, agus ceann comhairimh áitiúil i dtoghchán uachtaráin, i dtoghchán Eorpach nó i reifreann, ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó faoi *Achtanna Toghchán an Uachtaráin, 1937 go 1992*, faoi na *hAchtanna um Thoghcháin do Thionól na hEorpa 1977 go 1992*, nó faoi *Achtanna an Reifrinn, 1942 go 1992*, do dhéanamh aon doiciméad a sheoladh, a iompar agus a sheachadadh ar shlí seachas leis an bpost más rud é gurb é tuairim an chinn comhairimh nó an cheann comhairimh áitiúil, de réir mar a bheidh, nach bhfuil An Post in ann na seirbhísí is gá a chur ar fáil.”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) den alt sin 63:

“(4) Ní ghlacfar le haon ní i *míreanna (b)* go *(h)* mar ní lena n-údaraitear d’aon duine postphaicéid a bhailiú d’fhonn go ndéanfaí iad a sheoladh, a iompar nó a sheachadadh de réir an fho-ailt sin.”; agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) d’alt 74:

“(1) Féadfaidh an chuideachta, le toiliú an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, agus, más cuí, leis an Aire Cosanta, scéimeanna a dhéanamh ar fúthu atá postas saor in aisce le cur ar fáil a rialáil—

(a) faoi alt 57 den *Acht Toghcháin, 1992*,

(b) faoi alt 25 d’Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937 (arna ionadú le *halt 166* den *Acht Toghcháin, 1992*),

(c) faoi alt 34 d’Acht Toghcháin an Uachtaráin, 1937, arna leasú le *halt 167* den *Acht Toghcháin, 1992*,

(d) faoi Riail 18 de Chuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, arna leasú le *halt 172* den *Acht Toghcháin, 1992*.”

Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965.

174.—Leasaítear leis seo na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965 (I.R. Uimh. 128 de 1965)—

(a) tríd an airteagal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh airteagal 32:

“Boscaí ballóide Dála etc. a úsáid.

32A.—Aon bhoscaí ballóide, feistis le haghaidh stáisiún vótaíochta agus eadranna

a sholáthraítear le haghaidh toghchán Dála i ndáilcheantar ina bhfuil toghlimistéar áitiúil suite go hiomlán nó go páirteach, féadfar iad a úsáid le haghaidh aon toghchán áitiúil sa toghlimistéar áitiúil sin; agus, maidir le haon damáiste, seachas caitheamh agus cuimilt réasúnach, a tharlaíonn d'aon bhoscaí ballóide, feistis agus eadranna den sórt sin agus arbh é an t-úsáideoir sin ba chúis leis i dtoghchán áitiúil, iocfar as mar chuid de chaiteachais an toghchán.”;

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (5) d'airteagal 35:

“(5) Díreofar cárta vótaíochta chuig an toghthóir ag an seoladh a bhfuil sé cláraithe ina leith i gclár na dtoghthóirí rialtais áitiúil agus seachadfar é ag an seoladh sin tráth nach déanaí ná an tríú lá roimh an lá vótaíochta.”;

(c) tríd an airteagal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh airteagal 64:

“An ceann comhairimh d'fhormhuiniú páipéar ballóide.

64A.—Féadfaidh an ceann comhairimh áitiúil, maidir le haon pháipéar ballóide nach ndiúltóidh sé dó mar pháipéar ballóide neamhbhailí, léiriú ar a bhreith i ndáil leis a fhormhuiniú air, ach sin gan cur isteach ar aon mharc a bheidh curtha ag an toghthóir ar an bpáipéar ballóide.”, agus

(d) tríd an airteagal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh airteagal 99:

“Toghthóirí a bhac nó cur isteach orthu.

99A.—(1) Ní chuirfidh aon duine isteach ar toghthóir, ná é a bhac ná threampán a chur air, le linn don toghthóir dul chuig stáisiún vótaíochta, nó teacht uaidh, nó a bheith i gcomharsanacht stáisiúin vótaíochta nó i stáisiún vótaíochta.

(2) Le linn na tréimhse dar tosach 30 nóiméad roimh an am a bheidh ceaptha chun vótaíocht a thógáil i dtoghchán, lena n-áirítear vótaíocht a bheidh curtha ar atráth faoi Airteagal 50, agus dar críoch 30 nóiméad tar éis chríochnú na vótaíochta sin, ní dhéanfaidh aon duine, i stáisiún vótaíochta nó i gcúirtealáiste stáisiúin vótaíochta nó in aon áit laistigh de 100 méadar ón stáisiún sin, d'fhonn leas páirtí polaitíochta a chur chun cinn nó iarrthóireacht iarrthóra nó iarrthóirí a chur ar aghaidh nó vótaí a shireadh d'iarrthóir nó d'iarrthóirí ná ní dhéanfaidh sé, chun aon chríche míchuí, aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) síománaíocht nó cruinniú in éineacht le daoine eile;

(b) iarracht a dhéanamh toghthóir a aslú, ar aon mhodh d'aon chineál, chun vótáil d'iarrthóir nó d'iarrthóirí nó chun vótáil ar shlí áirithe nó chun staonadh ó vótáil;

(c) aon fhógra, sín nó póstaer (seachas fógra, sín nó póstaer a chuirfidh an ceann comhairimh ar taispeáint) nó cárta, ciorclán nó doiciméad eile a bhaineann leis an toghchán a chur ar taispeáint nó a dháileadh; nó

(d) aon challaire nó sásra eile aithisc phoiblí a úsáid, ná a chur faoi deara é nó í a úsáid, chun ábhar a bhaineann leis an toghchán a chraoladh.

(3) Chun críoch an airteagail seo, measfar go bhfolaíonn stáisiún vótaíochta gach cuid den fhoirgneamh agus aon talamh atá laistigh de chúirtealáiste an fhoirgnimh ina bhfuil an stáisiún vótaíochta suite agus déanfar an t-achar dá dtagraítear i bhfo-airteagal (2) a thomhas ó aon bhealach isteach sa stáisiún vótaíochta nó i gcúirtealáiste an stáisiúin.

(4) Aon duine a sháróidh fo-airteagal (1) nó (2), beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú, ná pionóis a shonraítear in *alt 157 den Acht Toghcháin, 1991* a chur air.”.

Alt 5.

AN CHÉAD SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR AGUS RIALACHÁIN A CHÚLGHAIRTEAR

CUID I

Achtanna a Aisghairtear

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
15 & 16 Vict., c 57.	<i>Election Commissioners Act</i> , 1852.	An tAcht go léir.
31 & 32 Vict. c. 125.	<i>Parliamentary Elections Act</i> , 1868.	An tAcht go léir.
32 & 33 Vict. c. 21.	<i>Corrupt Practices Commission Expenses Act</i> , 1869.	An tAcht go léir.
40 & 41 Vict. c. 57.	<i>Supreme Court of Judicature Act (Ireland)</i> , 1877.	Alt 43.
42 & 43 Vict. c. 75.	<i>Parliamentary Elections and Corrupt Practices Act</i> , 1879.	An tAcht go léir.
46 & 47 Vict. c. 51.	<i>Corrupt and Illegal Practices (Prevention) Act</i> , 1883.	An tAcht go léir.
Uimh. 12 de 1923.	An tAcht Timpeal Toghachán, 1923.	An tAcht go léir.
Uimh. 38 de 1923.	An tAcht chun Droch-bhearta Toghacháin do Chosc, 1923.	An tAcht go léir.
Uimh. 14 de 1933.	An tAcht Toghacháin (Leasú), 1933.	Alt 3.
Uimh. 23 de 1941.	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941.	Fo-alt (6) d'alt 33; fo-alt (5) d'alt 34.
Uimh. 43 de 1960.	An tAcht Toghcháin, 1960.	An tAcht go léir.
Uimh. 19 de 1963.	An tAcht Toghcháin, 1963.	Codanna II agus III; i gCuid IV – alt 54; i gCuid V – alt 72; Codanna VII agus VIII.
Uimh. 1 de 1966.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1966.	An tAcht go léir.
Uimh. 4 de 1972.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1972.	Alt 1.
Uimh. 12 de 1972.	An tAcht um Thoghcháin Áitiúla, 1972.	Alt 1.
Uimh. 3 de 1973.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1973.	Míreanna (a) agus (b) d'alt 2.
Uimh. 30 de 1977.	An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977.	Ailt 3 agus 8.
Uimh. 40 de 1980.	An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1980.	An tAcht go léir.
Uimh. 5 de 1982.	An tAcht chun Drochbhearta Toghcháin a Chosc, 1982.	An tAcht go léir.

Uimh. 12 de 1985.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1985.	Alt 2; fo-alt (1) d'alt 3; ailt 4 agus 5; fo-alt (2) d'alt 9.
Uimh. 12 de 1986.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1986.	Alt 1.
Uimh. 35 de 1986.	An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 1986.	Fo-ailt (1) agus (2) d'alt 2; fo-ailt (3) agus (4) d'alt 2, a mhéid a bhaineann siad le toghcháin Dála; ailt 3, 4, 5, 6, 7 agus 8; ailt 9, 10, 11, 12, 13 agus 14, a mhéid a bhaineann siad le toghcháin Dála; alt 15; alt 16, a mhéid a bhaineann sé le toghcháin Dála; alt 17; alt 20, a mhéid a bhaineann sé le toghcháin Dála; ailt 21, 22, 23 agus fo-alt (1) d'alt 24.
Uimh. 8 de 1989.	An tAcht Toghcháin (Leasú), 1989.	An tAcht go léir.

CUID II

Rialacháin a Chúlghairtear

Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
Uimh. 169 de 1963.	Na Rialacháin fá na hAchtanna um Chlárú Toghthóirí agus Giúiréithe (Dátaí a Shonrú), 1963.	Na Rialacháin go léir.
Uimh. 246 de 1963.	Na Rialacháin um Fhoirmeacha (Toghcháin Dála, Toghcháin Uachtaráin agus Reifrinn), 1963.	Cuid 1 den Sceideal.
Uimh. 115 de 1972.	Na Rialacháin um Fhoirmeacha (Toghcháin Dála, Toghcháin Uachtaráin agus Reifrinn) (Leasú), 1972.	Sa Sceideal— Foirmeacha D.E.5 agus D.E.6.
Uimh. 381 de 1977.	Na Rialacháin um Chlárú Toghthóirí (Leasú), 1977.	Na Rialacháin go léir.
Uimh. 402 de 1985.	Na Rialacháin um Chlárú Toghthóirí (Leasú), 1985.	Na Rialacháin go léir.
Uimh. 5 de 1987.	Na Rialacháin Toghcháin, 1987.	In Airteagal 5 — míreanna (a), (b) agus (c); Airteagal 6; sa Tríú Sceideal — Foirmeacha SV1, SV2, SV3 agus SV4.

Ailt 13, 15, 17 agus 20.

AN DARA SCEIDEAL

CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ

CUID I

Clár na dToghthóirí

Dátaí agus Tréimhsí Sonraithe.

1. (1) Is é an dáta cáilitheach le haghaidh cláir an 1ú lá de Mheán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain ina dtagann an clár i bhfeidhm.

(2) Tiocfaidh gach clár i bhfeidhm ar an gceathrú lá déag tar éis é a fhoilsiú.

(3) Is é an 15ú lá d’Fheabhra sa bhliain ina dtagann clár i bhfeidhm an dáta ar faoina threoir a dhéanfar aois duine a mheas chun críocha *ailt 7, 8, 9 agus 10*.

(4) Is é an dáta a gceanglaítear leis an Sceideal seo aon ghníomh nó ní a chomhlíonadh nó a dhéanamh air nó faoina threoir an dáta a shonraítear chun na críche sin sa Tábla a ghabhann leis an mír seo.

AN TÁBLA

Dátaí Sonraithe

Críoch	Alt nó Riail Iomchuí	Dáta
1. An Dáta Cáilitheach	Riail 1	1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain ina dtagann an clár i bhfeidhm.
2. An tréimhse shonraithe chun fógra poiblí a thabhairt i ndáil le vótálaithe speisialta	Riail 21	An tréimhse 14 lá dar críoch an 1 Meán Fómhair.
3. An dáta deireanach chun státseirbhíisigh atá ag fónamh thar lear do chur ráitis chuig an údarás clárúcháin	Alt 12	30 Meán Fómhair.
4. An dáta deireanach chun iarratas a fháil chun duine a thairfeadh ar liosta vótálaithe speisialta	Riail 19	25 Samhain.
5. An dáta deireanach chun údarais uirbeacha do chur liosta Toghthóirí chuig an údarás clárúcháin	Riail 5	1 Deireadh Fómhair.
6. Dréachtchlár a fhoilsiú	Riail 5	1 Samhain.
7. An dáta deireanach chun éilimh a dhéanamh	Riail 7	25 Samhain.
8. An liosta éileamh a fhoilsiú	Riail 7	30 Samhain.
9. An cláráitheoir contae do chomhlánú an thuairisceán an liosta éileamh fhormhuinthe	Riail 12	23 Nollaig.
10. An Clár a fhoilsiú	Riail 13	1 Feabhra.

11. An Clár do theacht i bhfeidhm	Riail 1	An ceathrú lá déag tar éis an clár a fhoilsiú.
12. An tréimhse chun a An tréimhse fhionnadh an gá aon cheartúchán a dhéanamh ar an gclár mar gheall ar earráidí de chineál cléireachais nó clóghrafaíochta nó mar gheall ar mhí-ainmniú nó tuairiscí míchruinne	Alt 15(3)	14 lá dar tosach dáta foilsithe an chláir.

(5) Más ar lá eisiata a thitfidh an dáta a gceanglaítear leis an Sceideal seo aon ghníomh nó ní a dhéanamh nó a chomhlíonadh air nó faoina threoir, déanfar an gníomh nó an ní sin ar an gcéad lá eile nó faoi threoir an chéad lae eile ina dhiaidh sin nach lá eisiata é.

Foirm agus inneachar an chláir.

2. (1) Is i cibé foirm a ordóidh an tAire a bheidh an clár agus áireofar ann, i leith gach ceantair vótaíochta, ainmneacha na ndaoine go léir a bheidh i dteideal a bheidh cláraithe mar thoghtóirí ar an dáta cáilitheach don chlár.

(2) Is de réir ceantair vótaíochta a eagrófar na hainmneacha sa chlár do limistéar clárúcháin agus—

(a) más contaebhuirg é an limistéar clárúcháin, eagrófar iad in ord sráide mura measfaidh an t-údarás clárúcháin, ag féachaint do ghné ghinearálta aon chuid áirithe den limistéar, nach cuí socrú de réir ord sráide don chuid sin,

(b) más contae riaracháin an limistéar clárúcháin, socrófar iad de réir aibíte in ord baile fearainn mura measfaidh an t-údarás clárúcháin, ag féachaint do ghné ghinearálta aon chuid den limistéar, go mbeidh eagrú in ord sráide nó in aon ord eile indéanta agus caoithiúil.

Éifeacht an chláir.

3. Maidir leis na codanna den chlár do na ceantair vótaíochta i ndáilcheantar, a mhéid a bhaineann siad le toghthóirí uachtaráin, is iad clár na dtoghthóirí uachtaráin iad don toghlach sin agus, a mhéid a bhaineann siad le toghthóirí Dála, is iad clár na dtoghthóirí Dála iad don toghlach sin, agus, maidir leis na codanna den chlár do na ceantair vótaíochta i dtoghlach do Pharlaimint na hEorpa, a mhéid a bhaineann siad le toghthóirí Eorpacha, is iad clár na dtoghthóirí Eorpacha don toghlach sin iad, agus na codanna den chlár do na ceantair vótaíochta i dtoghlímistéar áitiúil, a mhéid a bhaineann siad le toghthóirí rialtais áitiúil, is iad clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil iad don limistéar sin.

Liosta na bpostvótálaithe

4. Déanfaidh an t-údarás clárúcháin liosta ar leithligh de dhaoine atá i dteideal vótáil mar phostvótálaithe, ach sin gan ainmneacha na vótálaithe sin a bhaint den chlár, a ullmhú i cibé foirm a ordóidh an tAire don limistéar clárúcháin uile nó, i gcás go n-áiríonn an limistéar toghlach iomlán amháin nó níos mó, nó cuid de níos mó ná toghlach amháin, do gach toghlach den sórt sin, nó do gach cuid de toghlach, sa limistéar clárúcháin.

Dréachtchlár a ullmhú.

5. (1) D'fhonn an clár a ullmhú, déanfaidh gach údarás clárúcháin fiosrú ó theach go teach nó fiosrú dóthanach eile ina limistéar clárúcháin, gan buirgí ná ceantair uirbeacha sa limistéar sin a áireamh.

(2) Déanfaidh bardas gach buirge nach contaebhuirg agus déanfaidh comhairle gach ceantair uirbigh i limistéar clárúcháin fiosrú ó theach go teach nó fiosrú dóthanach eile sa bhuirg nó sa cheantar uirbeach agus, ón bhfaisnéis a gheofar amhlaidh, déanfaidh siad liostaí i bhfoirm dréachtchláir don bhuirg nó don cheantar uirbeach a thiomsú agus a thabhairt don údarás clárúcháin ar an dáta sonraithe nó roimhe i ngach bliain.

(3) Féadfaidh an t-údarás clárúcháin, chun críocha a ndualgas maidir le hullmhú cláir, a cheangal ar dhuine—

- (a) aon fhaisnéis atá ina sheilbh a thabhairt ar faisnéis í theastóidh ón údarás clárúcháin;
- (b) deimhniú breithe a thabhairt ar aird nó, mura bhfuil sé sin indéanta nó caoithiúil, dearbhú reachtúil a dhéanamh i dtaobh a aoise;
- (c) fianaise dhoiciméadach a sholáthar nó dearbhú reachtúil a dhéanamh á rá gur duine é atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir Dála faoi *alt 8(2)*;
- (d) deimhniú eadóirseachta a thabhairt ar aird nó dearbhú reachtúil a dhéanamh gur saoránach d'Éirinn é,
- (e) dearbhú reachtúil a dhéanamh á rá gur náisiúnach de Bhallstát de na Comhphobail Eorpacha seachas Éire é, agus i gcás go mbeidh dearbhú ag teastáil amhlaidh, déanfaidh an t-údarás óna mbeidh sé ag teastáil aon táillí is iníoctha maidir leis a íoc.

(4) Ligfidh an t-údarás clárúcháin d'aon duine aon dearbhú arna thabhairt faoi *mhír (3)* a iniúchadh agus cóip de a thógáil le linn uaireanta oifige.

(5) Féadfaidh an t-údarás clárúcháin a cheangal ar chláraitheoir maoirseachta na mbreitheanna agus na mbásanna liostaí nó faisnéis eile a thabhairt i ndáil le bás daoine i gceantar an chláraitheora maoirseachta. I gcás gur pearsa aonair an cláraitheoir maoirseachta is é an t-údarás clárúcháin a íocfaidh as na liostaí nó as an bhfaisnéis sin de réir ráta arna cheadú ó am go ham ag an Aire agus in aon chás eile ní dhéanfar aon íocaíocht.

(6) Ar bhonn na faisnéise arna fáil faoin Riail seo, déanfaidh an t-údarás clárúcháin dréachtchlár a ullmhú agus a fhoilsiú ar an dáta sonraithe nó roimhe i ngach bliain.

Daoine a mbeidh an dréachtchlár le cur chucu.

6. (1) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, a luaithe is féidir tar éis an dréachtchlár a fhoilsiú, cóip den dréachtchlár a chur chucu seo a leanas—

- (a) le haghaidh an limistéir clárúcháin — an tAire, an cláraitheoir contae agus gach ardmháistir poist sa limistéar;

- (b) le haghaidh toghlaigh de chuid Pharlaimint na hEorpa — gach ionadaí i bParlaimint na hEorpa don toghlach sin;
- (c) le haghaidh dáilcheantair — gach comhalta den Dáil don toghlach sin agus gach comhalta den Seanad a chónaíonn sa toghlach sin;
- (d) le haghaidh toghlimistéar áitiúil — gach comhalta údaráis áitiúil don limistéar sin.

(2) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin soláthar foirmeacha chun éilimh a dhéanamh ar cheartuithe sa dréachtchlár a chur chuig gach duine, seachas an tAire, in éineacht le gach cóip den dréachtchlár a chuirtear de bhun na míre sin roimhe seo.

(3) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin cibé líon cóipeanna breise den dréachtchlár do limistéar clárúcháin a éileoidh an cláraitheoir contae chun críocha a dhualgas mar chláraitheoir contae a sholáthar don chláraitheoir contae sin.

Éilimh ar cheartuithe i ndréachtchlár.

7. (1) Féadfaidh aon duine a éileamh go ndéanfar ceartú i ndréachtchlár, lena n-áirítear go háirithe éileamh ar ainm duine a chur leis an dréacht nó a scriosadh as.

(2) Cuirfear éileamh faoin Riail seo chuig an údarás clárúcháin ar an dáta sonraithe nó roimhe.

(3) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin agus an cláraitheoir contae, ar iarratas a fháil ó aon duine, foirmeacha a sholáthar ar a bhféadfar éilimh a dhéanamh.

(4) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, ar an dáta sonraithe nó roimhe, liosta éileamh a ullmhú agus a fhoilsiú i cibé foirm a ordóidh an tAire.

(5) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, tráth nach déanaí ná an dáta a bheidh sonraithe chun an liosta éileamh a fhoilsiú, cóipeanna den liosta sin, mar aon leis na héilimh bhunaidh, a chur chuig an gcláraitheoir contae.

(6) Ligfidh an t-údarás clárúcháin nó an cláraitheoir contae, de réir mar is cuí, duine éileamh a iniúchadh, agus sleachta a bhaint as, le linn uaireanta oifige nó féadfaidh sé cóipeanna d'éileamh a sholáthar.

Breithniú éileamh ag an gcláraitheoir contae.

8. (1) Breithneoidh an cláraitheoir contae na héilimh uile a mbeidh fógra ina dtaobh tugtha dó de réir *Riail 7* agus na hagóidí uile in aghaidh ceartuithe a tharchuirfear chuige faoi *Riail 11*.

(2) Sula mbreithneoidh sé éileamh ar ainm duine a scriosadh as an dréachtchlár, déanfaidh an cláraitheoir contae, ach amháin i gcás gur deimhin leis go bhfuil an duine marbh, fógra cúig lá glan ar a laghad a thabhairt don éilitheoir (murab é an t-údarás clárúcháin é nó murab é an duine é arb é a dhualgas an fiosrú ó theach go teach a dhéanamh nó aon fhiosrú eile ar a bhfuil an dréachtchlár bunaithe) agus don duine a ndéantar an t-éileamh ina leith, ar fógra é faoin am a ndéanfaidh sé agus faoin áit a ndéanfaidh sé an t-éileamh a bhreithniú.

(3) Más deimhin leis an gcláraitheoir contae nár cheart éileamh, seachas éileamh ar ainm duine a bhaint den dréachtchlár, a cheadú gan fiosrú, déanfaidh sé fógra cúig lá glan ar a laghad a thabhairt don éilitheoir (murab é an t-údarás clárúcháin é nó duine arb é a dhualgas an fiosrú ó theach go teach a dhéanamh nó aon fiosrú eile ar a bhfuil an dréachtchlár bunaithe) agus d'aon duine eile is dóigh leis a bheith leasmhar, faoin am ag a ndéanfaidh sé agus faoin áit a ndéanfaidh sé an t-éileamh a bhreithniú.

(4) Féadfaidh an cláraitheoir contae a cheangal ar aon oifigeach de chuid údaráis clárúcháin nó bardais buirge nach contaebhuirg nó comhairle ceantair uirbigh sa limistéar clárúcháin agus ar aon duine arb é a dhualgas an fiosrú ó theach go teach a dhéanamh nó aon fiosrú eile a dhéanamh ar a bhfuil an dréachtchlár bunaithe teacht i láthair ar cibé tráthanna agus i cibé áiteanna a mheasfaidh sé is gá d'fhonn a chumasú dó breith a thabhairt i dtaobh aon éilimh nó ní eile a eascróidh as a bhreithniú ar an dréachtchlár.

(5) Féadfaidh an cláraitheoir contae, ar aon éileamh nó ní eile a bhreithniú, a cheangal gur faoi mhionn a dhéanfar an fhianaise a thabharfaidh aon duine agus féadfaidh sé duine a chur faoi mhionn chun na críche sin.

(6) Tar éis don chláraitheoir contae aon éileamh nó ní eile a bhreithniú, féadfaidh aon duine leasmhar láithriú agus éisteacht a fháil, i bpearsa nó trí aon duine eile atá ag gníomhú thar a cheann.

Fiosruithe agus éilimh ón gcláraitheoir contae.

9. (1) Féadfaidh an cláraitheoir contae a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis atá ina sheilbh aige a thabhairt ar faisnéis a éilleoidh an cláraitheoir contae chun críocha a dhualgas faoin Sceideal seo.

(2) Féadfaidh an cláraitheoir contae, más dealraitheach dó gur ceart an dréachtchlár a cheartú ar aon slí, éileamh a dhéanamh é féin ar an gceartú, agus féadfar aon éileamh den sórt sin a dhéanamh d'ainneoin go bhféadfadh an t-am chun éileamh a sheoladh faoi *Riail 7* a bheith imithe in éag.

(3) Ní gá aon éileamh den sórt sin a fhoilsiú ach, thairis sin, déanfar é a bhreithniú ar an modh céanna, agus ar na coinníollacha céanna, ar dá réir a bhreithnítear éileamh faoi *Riail 7*.

An dréachtchlár a cheartú.

10. Tráth nach déanaí ná deich lá roimh an dáta a bheidh sonraithe le haghaidh chríochnú thuairisceán an liosta éileamh fhormhuinithe ag an gcláraitheoir contae, déanfaidh an t-údarás clárúcháin aon cheartuithe trí thaifid dhúblacha a bhaint de (faoi réir aon rogha arna léiriú ag na daoine dá ndéanfaidh na taifid sin difear), trí ainmneacha daoine atá marbh a scriosadh, nó trí mharcanna a chur os coinne ainm toghthóra, nó trí mharcanna a bheidh curtha amhlaidh a cheartú, nó trí athrú eile a dhéanamh a bhfuil gá leis chun a áirithiú—

(a) nach bhfuil duine cláraithe níos mó ná uair amháin mar thoghthóir; agus

(b) go bhfuil an dréachtchlár iomlán agus cruinn.

Agóidí in aghaidh ceartuithe.

11. I gcás go mbeartóidh an t-údarás clárúcháin aon cheartú a dhéanamh sa dréachtchlár faoi *Riail 10* ar shlí seachas d'fhonn ceartú a dhéanamh ar neamhchruinneas nach mbaineann athrú substaintiúil leis nó d'fhonn ainm duine atá marbh a scriosadh, tabharfaidh siad fógra d'aon duine dá ndéanfaidh an ceartú difear, ar fógra é a bhainfidh lena gceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh an cheartaithe agus, más gá, chun éisteacht a fháil ón gcláraitheoir contae ina leith sin.

Tuairisceán an liosta éileamh cheartaithe.

12. (1) Díreach tar éis a chuid breitheanna a chríochnú ar éilimh agus ar aon agóidí faoi *Riail 11*, ar éilimh agus agóidí iad a bhaineann leis an gcuid den liosta éileamh do thoghlimistéar áitiúil nó do cibé limistéar is lú ná sin a mheasfár a bheith caoithiúil, déanfaidh an cláraitheoir contae cóip dheimhnithe den chuid sin den liosta a chur chuig an údarás clárúcháin agus í formhuinthe chun éifeacht a chuid breitheanna a thaispeáint.

(2) Déanfaidh an cláraitheoir contae na codanna uile den liosta éileamh a chomhdhéanann an liosta éileamh iomlán don limistéar clárúcháin, agus iad formhuinthe mar a dúradh, a chur chuig an údarás clárúcháin tráth nach déanaí ná an dáta sonraithe.

(3) Tar éis don údarás clárúcháin cuid den liosta éileamh a fháil ón gcláraitheoir contae, déanfaidh sé aon cheartuithe a bhfuil gá leo chun éifeacht a thabhairt dá chuid breitheanna a chur isteach sa dréachtchlár láithreach agus déanfaidh sé fógra i dtaobh na breithe ar gach éileamh, mar aon le faisnéis a bhaineann leis an gceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe chun na Cúirte Cuarda faoi alt 21, a chur chuig an éilitheoir (seachas an cláraitheoir contae nó éilitheoir is duine a bhfuil sé de dhualgas air an fiosrú ó theach go teach a dhéanamh nó aon fhiosrú eile a dhéanamh ar a bhfuil an clár bunaithe) agus chuig aon duine eile ar dealraitheach dóibh gur duine leasmhar é.

An clár a fhoilsiú.

13. (1) Is é a bheidh sa chlár an dréachtchlár agus é ceartaithe de réir *Rialacha 10* agus *12*.

(2) Foilseoidh an t-údarás clárúcháin an clár ar an dáta sonraithe gach bliain.

(3) I gcás go mainneoidh an t-údarás clárúcháin, ar aon chúis, an clár dá limistéar nó aon chuid de a fhoilsiú ar an dáta sonraithe, foilseoidh an t-údarás clárúcháin an clár a luaithe is féidir tar éis an dáta shonraithe.

(4) I dteannta an clár a fhoilsiú ar an modh a shonraítear i *Riail 25*, foilseoidh an t-údarás clárúcháin an clár trí chóip den chlár a chur chucu seo a leanas—

(a) le haghaidh an limistéir chlárúcháin — an tAire, an cláraitheoir contae agus gach príomhmháistir poist sa limistéar;

(b) le haghaidh toghlaigh de chuid Pharlaimint na hEorpa — gach ionadaí i bParlaimint na hEorpa on toghlach sin;

(c) le haghaidh dailcheantair— gach comhalta de Dháil Éireann don toghlach sin agus gach comhalta den Seanad a chónaíonn sa toghlach;

(d) le haghaidh toghlimistéir áitiúil — gach comhalta údaráis áitiúil don limistéar sin.

Cóipeanna de na cláir a iniúchadh agus táillí i leith a n-iniúchta.

14. (1) Ligfidh an t-údarás clárúcháin agus an cláraitheoir contae d'aon duine cóip den chlár nó den dréachtchlár a iniúchadh, le linn uaireanta oifige, chun críoch a bhaineann le clárú toghthóirí.

(2) Is é a bheidh sa táille a ghearrfar ar chóip den chlár nó den dréachtchlár, nó ar chóip d'aon chuid de, ná caoga pingin, móide suim deich bpingine i ndáil le gach céad duine, nó i ndáil le cuid de chéad duine, os cionn céad duine atá ann sa chlár nó sa dréachtchlár.

(3) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, ar an táille sin a íoc, cóip den chlár nó den dréachtchlár, nó den chuid chuí de, a sholáthar d'aon duine.

(4) Ní mhuirearóidh an t-údarás clárúcháin aon táille i leith na nithe seo a leanas a sholáthar ar iad a iarraidh—

(a) cóip amháin den chlár do gach dailcheantar nó cuid de dhailcheantar nó do thoghlimistéar áitiúil, de réir mar a bheidh, ina limistéar clárúcháin—

(i) do ghníomhaire áitiúil gach iarrthóra atá ainmnithe go cuí i dtoghchán uachtaráin,

(ii) do gach iarrthóir atá ainmnithe go cuí don toghlach i dtoghchán Dála, agus

(iii) do gach iarrthóir atá ainmnithe go cuí don toghlimistéar áitiúil i dtoghchán áitiúil,

(b) cóip amháin den chlár do gach toghlach nó cuid de thoghlach do Pharlaimint na hEorpa atá sa limistéar clárúcháin, do gach iarrthóir atá ainmnithe go cuí i dtoghchán Eorpach don toghlach sin;

(c) cibé líon cóipeanna den chlár do gach dailcheantar nó cuid de dhailcheantar nó do thoghlimistéar áitiúil, de réir mar a bheidh, a éilleoidh an ceann comhairimh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán áitiúil, nó a éilleoidh an ceann comhairimh áitiúil i dtoghchán uachtaráin nó i reifreann, chun críoch a dhualgas mar cheann comhairimh nó mar cheann comhairimh áitiúil, agus

(d) cibé líon cóipeanna den chlár don limistéar clárúcháin nó d'aon chuid de a éilleoidh an ceann comhairimh nó an ceann comhairimh áitiúil i dtoghchán Eorpach chun críoch a dhualgas sa toghchán sin.

(5) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin cóip d'aon chomhaid sonraí ríomhaire a úsáidtear le linn ullmhú an chláir a éilleoidh an ceann comhairimh i dtoghchán Dála nó i dtoghchán áitiúil, nó a éilleoidh an ceann comhairimh áitiúil i dtoghchán uachtaráin nó i reifreann, nó a éilleoidh an ceann comhairimh nó an ceann comhairimh áitiúil i dtoghchán

Eorpach, chun críocha a dhualgas sa toghchán sin nó sa reifreann sin, a sholáthar saor in aisce, arna iarraidh sin air, i meán caighdeánach ríomhaire agus i bhformáid chaighdeánach ríomhaire.

CUID II

Forlíonadh ar Chlár na dToghthóirí

An t-údarás clárúcháin do bhreithniú iarratas lena dtaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár.

15. (1) Ar iarratas a fháil a bheidh le taifeadadh san fhorlíonadh ar chlár na dtoghthóirí faoi *alt 15*, déanfaidh an t-údarás clárúcháin cibé fiosruithe is cuí leo chun an t-iarratas sin a bhreithniú, agus beidh feidhm ag forálacha *mhíreanna (3), (4)* agus *(5)* de *Riail 5* i ndáil le breithniú an iarratais sin.

(2) Déanfaidh an t-údarás clárúcháin, a luaithe is indéanta, an t-iarratas a bhreithniú agus rialú a thabhairt air agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir faoin rialú agus, i gcás go ndiúltófar don iarratas, faoina cheart chun achomharc a dhéanamh chuig an gcláraitheoir contae in aghaidh an rialaithe.

Achomhairc in aghaidh rialú an údarais clárúcháin.

16. I gcás go ndiúltófar don iarratas ar thaifeadadh a dhéanamh san fhorlíonadh ar an gclár, féadfar achomharc, i scríbhinn, a dhéanamh chuig an gcláraitheoir contae in aghaidh rialú an údarais clárúcháin.

Cláraitheoir contae do thabhairt rialú ar achomharc.

17. (1) Breithneoidh an cláraitheoir contae achomharc a dhéanfar chuige faoi *Riail 16* agus tabharfaidh sé rialú air agus tabharfaidh sé fógra don údarás clárúcháin faoin rialú agus cuirfidh an t-údarás clárúcháin fógra i scríbhinn faoin rialú chuig an iarratasóir agus déanfaidh sé cibé bearta is gá chun éifeacht a thabhairt don rialú.

(2) (a) Sula dtabharfaidh an cláraitheoir contae rialú ar achomharc a dhéanfar chuige faoi *Riail 16*, féadfaidh sé cibé fiosrú breise a dhéanamh a mheasfaidh sé is gá agus féadfaidh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis atá ina sheilbh a thabhairt a mheasfaidh an cláraitheoir contae is gá chun críoch a dhualgas faoin *Riail* seo.

(b) Beidh feidhm ag forálacha *mhíreanna (4)* agus *(5)* de *Riail 8* maidir leis an gcláraitheoir contae do bhreithniú achomhairc faoin gCuid seo.

Forlíonadh ar an gclár a ullmhú agus a fhoilsiú.

18. (1) A luaithe is féidir tar éis an dóu lá déag (gan aon lá eisiata a áireamh) roimh an lá vótaíochta i dtoghchán nó i reifreann, ullmhóidh agus foilseoidh an t-údarás clárúcháin liosta d'ainmneacha daoine (más ann) a mbeidh a n-iarratais chun iad a thaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár faighte ar an dóu lá déag sin roimh an lá vótaíochta (gan aon lá eisiata a áireamh) nó roimhe, agus a bheidh ceadaithe ag an údarás clárúcháin nó, ar achomharc, ag an gcláraitheoir contae.

(2) Is é san fhorlíonadh ar an gclár ná an liosta a ullmhaítear faoi *mhír (1)*.

(3) Is i cibé foirm a ordóidh an tAire a bheidh an forlíonadh ar an gclár.

CUID III

Liosta Vótálaithe Speisialta

Iarratas chun bheith taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta.

19. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas i ndáil le hiarratas chun bheith taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta de bhun alt 17—

(a) is san fhoirm a ordóidh an tAire a bheidh an t-iarratas,

(b) comhlánófar an t-iarratas de réir na dtreoracha a thugtar air,

(c) déanfaidh an t-iarratasóir, i gcás an chéad iarratais agus i gcás iarratas ina dhiaidh sin aon uair a éileoidh an t-údarás clárúcháin amhlaidh, deimhniú ó lia-chleachtóir a thabhairt mar thaca lena iarratas, ar deimhniú é a bheidh san fhoirm a ordóidh an tAire agus ina ndeimhneofar—

(i) cineál agus méid an tinnis coirp nó an mhíchumais coirp atá ar an iarratasóir sin, agus

(ii) léiriú ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an tinneas coirp nó an míchumas coirp sin,

(d) déanfar an fhoirm iarratais agus í comhlánaithe go cuí agus, i gcás gur cuí é, an deimhniú dá dtagraítear i *mír (c)*, a sheachadadh nó a chur leis an bpost, ionas go bhfaighidh an t-údarás clárúcháin iad tráth nach déanaí ná an dáta a shonraítear chun na críche sin i *Riail 1*.

Iarratasóir do thabhairt faisnéise nó doiciméad, má éilítear sin air.

20. (1) Déanfaidh aon iarratasóir a iarrann a ainm a chur san áireamh sa liosta vótálaithe speisialta aon fhaisnéis nó doiciméid atá ina sheilbh nó ar fáil aige agus a éilíonn an t-údarás clárúcháin air a thabhairt don údarás clárúcháin—

(a) chun gur deimhin leis an údarás sin gur duine é an t-iarratasóir a bhfuil feidhm ag *alt 17(2)* maidir leis, nó

(b) chun críoch a ndualgas i ndáil le hullmhú an liosta vótálaithe speisialta.

(2) Aon uair a dhéanfaidh údarás clárúcháin, de bhun *mhír (1)*, faisnéis nó doiciméid a éileamh ar iarratasóir a dhéanfaidh iarratas chun go mbeidh a ainm ar áireamh sa liosta vótálaithe speisialta, tabharfaidh an t-iarratasóir sin an fhaisnéis nó an doiciméid don údarás laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san éileamh (ar tréimhse í nach giorra ná 7 lá ón lá a ndéantar an iarraidh) agus, mura ndéanann an t-iarratasóir an fhaisnéis nó, de réir mar a bheidh, na doiciméid a éilítear a sholáthar laistigh den tréimhse ama arna sonrú amhlaidh, measfar a iarratas chun bheith ar áireamh sa liosta vótálaithe speisialta a bheidh tarraingthe siar.

Fógraí.

21. Déanfaidh an t-údarás clárúcháin socrú i ndáil le fógra poiblí a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas agus déanfar amhlaidh laistigh den tréimhse a shonraítear chun na críche sin i *Riail 1*—

- (a) an earnáil toghthóirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh chun bheith taifeadta sa liosta vótálaithe speisialta;
- (b) an modh ar ar gá, agus an tráth ar roimhe is gá, iarratais a thíolacadh, agus
- (c) na tráthanna ar ar féidir, agus na hionaid inar féidir foirmeacha iarratais a fháil.

Foirmeacha iarratais a sholáthar.

22. Déanfaidh an t-údarás clárúcháin socrú maidir le foirmeacha iarratais a sholáthar ar cibé tráthanna agus i cibé ionaid a bheidh sonraithe i bhfógra arna fhoilsiú de bhun *Riail 21*, agus soláthrófar foirm iarratais saor in aisce d'aon duine a dhéanfaidh iarratas air sin.

Iarratais a bhreithniú.

23. (1) I gcás gur deimhin leis an údarás clárúcháin, maidir le hiarratasóir—

- (a) gur duine é a bhfuil feidhm ag *alt 17(2)* maidir leis, agus
- (b) go bhfuil a fhoirm iarratais comhlánaithe go cuí aige, agus
- (c) i gcás gur cuí é, go bhfuil an deimhniú a éilítear de bhun *Riail 19* tíolactha aige,

déanfaidh an t-údarás clárúcháin—

- (i) a rialú go ngéillfear don iarratas agus an fhoirm iarratais a mharcáil dá réir sin, agus
- (ii) an bhreith a chur in iúl don iarratasóir.

(2) I gcás nach deimhin leis an údarás clárúcháin, maidir le hiarratasóir—

- (a) gur duine é a bhfuil feidhm ag *alt 17(2)* maidir leis, nó
- (b) go bhfuil a fhoirm iarratais comhlánaithe go cuí aige, nó
- (c) i gcás gur cuí é, go bhfuil an deimhniú a éilítear de bhun *Riail 19* tíolactha aige,

déanfaidh an t-údarás clárúcháin—

- (i) a rialú go ndiúltofar don iarratas agus an fhoirm iarratais a mharcáil dá réir sin, agus
- (ii) an bhreith, agus na cúiseanna a bhí léi, a chur in iúl don iarratasóir.

(3) Aon uair a gheobhaidh údarás clárúcháin iarratas tar éis an dáta shonraithe, tabharfar neamhaird ar an iarratas agus cuirfear an méid sin i iúl don iarratasóir.

CUID IV

Ginearálta

Neamhláithreacht, éagumas nó folúntas in oifig an chláraitheora contae.

24. Más rud é go bhfuil oifig an chláraitheora contae folamh nó más rud é, mar gheall ar bhreiteacht nó eile, go bhfuil cosc ar an gcláraitheoir contae a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Sceideal seo, déanfaidh duine a bheidh ceaptha ag an gcláraitheoir contae, le ceadú ón Aire, na feidhmeanna sin a chomhlíonadh le linn thréimhse an choisc, nó, más rud é nach ndéantar aon cheapachán den sórt sin nó i gcás folúntas a bheith ann san oifig, is duine a bheidh ainmnithe chuige sin ag an Aire a chomhlíonfaidh iad.

Doiciméid a fhoilsiú.

25. I gcás go gceanglaítear leis an Sceideal seo aon doiciméad a fhoilsiú, féadfar an doiciméad a fhoilsiú ar cibé modh a mheasfaidh an t-údarás atá freagrach san fhoilsiú a bheith inmhianaithe d'fhonn aird daoine leasmhara a tharraingt ar inneachar an doiciméid agus go háirithe féadfar an doiciméad a fhoilsiú trí chóipeanna de cibé méid den doiciméad is cuí leis an údarás sin a chur ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal (tar éis dul i gcomhairle, i gcás gur gá sin, leis an údarás atá i bhfeighil an fhoirgnimh) in oifig an údaráis clárúcháin, in oifigí an chláraitheora contae, i bpostoifigí, i stáisiúin gharda, i lárionaid sláinte agus i cibé áiteanna eile is cuí leis an údarás sin.

An modh ar a seolfar fógraí, etc.

26. Aon chóip d'éileamh, d'agóid, d'fhógra nó de dhoiciméad eile a gceanglaítear faoin Sceideal seo é nó í a sheoladh, seolfar chuige é nó í go leordhóthanach má chuirtear leis an bpost é go dtí seoladh an duine sin mar atá ar taispeánt sa dréachtchlár nó sa chlár nó, mura bhfuil aon seoladh den sórt sin ann, go dtí an seoladh nó an áit chónaithe is déanaí is eol a bheith aige.

Fiosrúchán ag údarás clárúcháin etc.

27. Féadfaidh nithe lasmuigh den limistéar clárúcháin a bheith ar áireamh in aon fhiosrú nó iarraidh a dhéanann údarás clárúcháin, bardas buirge nó comhairle ceantair uirbigh nó cláraitheoir contae de bhun an Sceidil seo.

Alt 132.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

ACHAINÍOCHA TOGHCHÁIN DÁLA

Toghchán Dála a thabhairt faoi cheist

1. Gan dochar d'*alt 132(4)*, i gcás gur dealraitheach don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go bhféadfadh sé go ndearna déanamh cionta toghcháin difear do thoghchán Dála, féadfaidh sé an toghchán a thabhairt faoi cheist de bhun an Achta seo.

Urrús i leith costas

2. (1) Maidir leis an urrús a gceanglaítear le *halt 132* é a thabhairt, is trí chúirtbhannaí ina rachaidh aon líon urraí, nach mó ná ceathrar, atá chun sástacht na cúirte, nó trí airgead a thaisceadh, nó go páirteach ar shlí amháin díobh sin agus go páirteach ar an tslí eile, a thabharfar é.

(2) I gcás gurb é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a thíolacfaidh achainí, ní bheidh feidhm ag *alt 132(3)*.

Achainí a thíolacadh

3. (1) Tíolacfar achainí trína taisceadh i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte.

(2) Faoi réir *mhír (3)*, ní thíolacfar achainí ach amháin laistigh de na hocht lá is fiche díreach tar éis don cheann comhairimh toradh an toghcháin Dála a dhearbhu.

(3) I gcás, maidir le hachainí, go líomhnaítear inti go ndearnadh breabaireacht agus go líomhnaítear go sonrath inti gur íocadh nó gur tugadh íocaíocht nó comaoin eile tar éis don cheann comhairimh toradh an toghcháin Dála a dhearbhu, ansin féadfar, d'ainneoin go bhféadfadh sé go ndearnadh achainí eile maidir leis an toghchán céanna a thíolacadh nó a thriail roimhe sin, an achainí a thíolacadh laistigh de na hocht lá is fiche díreach tar éis an lae a líomhnaíodh gur íocadh nó gur tugadh an íocaíocht nó an chomaoin sin.

(4) I gcás go mbeidh achainí taiscthe sa chúirt, tabharfaidh an t-achainíoch cóip den achainí, a luaithe is féidir—

(a) d'aon duine a mbaineann an achainí lena thoghadh,

(b) don Aire,

(c) do Chléireach na Dála,

(d) do cheann comhairimh an toghlaigh lena mbaineann an achainí, agus

(e) don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ach amháin i gcás achainí arna tíolacadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Forais achainí

4. (1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 132*, féadfar aon fhorais díobh seo a leanas a shonrú in achainí:

- (a) go ndearna earráid difear don toghchán Dála nó nár críochnaíodh é nó, thairis sin, nach ndearna an ceann comhairimh é a stiúradh de réir dlí,
- (b) go ndearna cionta toghcháin difear don toghchán Dála,
- (c) nach raibh iarrthóir i dtoghchán Dála incháilithe lena thoghadh don Dáil.

(2) D'ainneoin aon fhorála eile den Sceideal seo, ní dhéanfar achainí a dhíbhe mar gheall ar neamhfhoirmiúlacht ina hinneachair nach ndéanann difear ábhartha dá substaint.

(3) Ní dhearbhfófar aon toghchán Dála a bheith neamhbhailí mar gheall ar neamhchomhlíonadh aon fhorála san Acht seo nó ar aon dearmad in úsáid foirmeacha dá bhforáiltear san Acht seo, nó i rialacháin arna ndéanamh faoi, más dealraitheach don Ard-Chúirt gur stiúradh an toghchán de réir na bprionsabal atá leagtha síos san Acht seo, á nglacadh ina n-iomláine, agus nach ndearna an neamhchomhlíonadh nó an dearmad sin difear do thoradh an toghcháin.

Sonraí in achainí.

5. Déanfaidh an t-achainíoch achainí a shíniú agus a dhátú agus sonrófáir inti—

- (a) an toghchán Dála lena mbaineann sí,
- (b) na forais ar a bhfuil sí bunaithe,
- (c) an leigheas atá á lorg léi,
- (d) ainm agus seoladh an achainígh agus a aturnae nó a ghníomhaire, más ann.

Achainí a thriail

6. (1) Is í an Ard-Chúirt a thriailfidh achainí agus déanfar tagairtí don chúirt sa Sceideal seo a fhorléiriú mar thagairtí don Ard-Chúirt.

(2) Beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas i ndáil le hachainí a thriail:

- (a) Le linn an dáta don triail a shocrú agus le linn an triail a sheoladh, déileálfaidh an chúirt leis an ábhar a luaithe is féidir le réasún;
- (b) d'ainneoin aon duine a mbaineann an achainí lena thoghadh d'fháil báis nó d'éirí as oifig mar chomhalta den Dáil nó do scor thairis sin de bheith ina chomhalta den sórt sin, beidh cumhacht ag an gCúirt leanúint den triail má mheasann sí gur ar maithe leis an gceartas é déanamh amhlaidh;
- (c) féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionadaíocht a bheith aige ag an triail, agus a bheith páirteach inti mar pháirtí, ag aon chéim di, ar fhorarratas uaidh féin nó ar iarraidh ón gcúirt;
- (d) arna iarraidh sin ag an gcúirt, déanfaidh an ceann comhairimh don toghlach iomchuí freastal ar an triail agus tabharfaidh sé cibé cúnaimh a iarraidh an chúirt air, ach sin gan dochar don

cheann comhairimh a bheith ina pháirtí sna himeachtaí nó a bheith á ghlaoch mar fhinné ag aon pháirtí den sórt sin.

Na vótaí a chomhaireamh as an nua

7. (1) D'fhonn achainí lena dtugtar toghchán Dála i gceist a thriail, féadfaidh an chúirt, más cuí léi, a ordú—

(a) go ndéanfar na vótaí go léir a caitheadh sa toghchán sa toghlach lena mbaineann an achainí a chomhaireamh as an nua, nó

(b) go ndéanfar na vótaí go léir a caitheadh amhlaidh agus a taifeadadh ar na páipéir bhallóide i mbeartán ar leith a chomhaireamh amhlaidh,

agus i gcás go n-ordóidh an chúirt amhlaidh, beidh éifeacht le forálacha na míreanna sin ina dhiaidh seo.

(2) Déanfar vótaí lena mbaineann ordú faoin Riail seo a chomhaireamh as an nua faoi threorú ón gcúirt agus, faoi réir *mhíreanna (3)* agus *(4)* agus cibé modhnuithe (más ann) a mheasfaidh an chúirt a bheith riachtanach, beidh feidhm ag na forálacha de chuid Chuid XIX a bhaineann le comhaireamh vótaí i dtoghchán maidir leis an gcomhaireamh sin.

(3) I gcás go ndéanfar vótaí a chomhaireamh as an nua de bhun ordaithe faoin Riail seo, cuirfidh an chúirt faoi deara go dtabharfar neamhaird ar an méid seo a leanas:

(a) roghanna arna dtaifeadadh ar pháipéir bhallóide atá neamhbhailí de bhua *alt 118(2)*,

(b) roghanna arna dtaifeadadh ar pháipéir bhallóide bhrionnaithe nó ghóchumtha, agus

(c) roghanna arna dtaifeadadh d'aon duine a gcinnfidh an chúirt ina leith, maidir leis an toghchán Dála iomchuí, nach raibh sé incháilithe lena thoghadh don Dáil.

(4) Beidh cumhacht ag an gcúirt aon bhreith ón gceann comhairimh sa chomhaireamh bunaidh a fhreaschur.

(5) Déanfaidh an tAire Airgeadais na costais a bhainfidh le héifeacht a thabhairt d'ordú faoin Riail seo a íoc as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis agus beidh feidhm ag *alt 32*, i gcás seirbhísí agus caiteachais a thug nó a thabhaigh an ceann comhairimh go cuí d'fhonn éifeacht a thabhairt, nó i dtaca le héifeacht a thabhairt, don ordú, ar an modh céanna ar a raibh feidhm aige i gcás na seirbhísí agus na gcaiteachas a thug nó a thabhaigh an ceann comhairimh don toghchán Dála iomchuí nó i dtaca leis an toghchán sin.

Achainí a tharraingt siar

8. (1) Ní tharraingeofar achainí siar gan cead ón gcúirt agus, le linn an cead sin a thabhairt, beidh an chúirt deimhin de go raibh an fógra a thug an t-achainíoch de bhun *mhíreanna (3)* agus *(4)* agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, i gcás ina bhfuil achainí á tíolacadh ag níos mó ná achainíoch amháin déanfaidh an chúirt deimhin de, sula dtabharfaidh sí an cead sin, go gcomhaontaíonn na hachainíoch go léir leis an tarraingt siar.

(2) Ach amháin i gcás achainí arna tíolacadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nuair atá iarratas á dhéanamh ar achainí a tharraingt siar, cuirfidh an t-achainíoch mionnscribhinn faoi bhráid na cúirte ina luaitear—

(a) na cúiseanna leis an tarraingt siar atá beartaithe, agus

(b) nach ndearnadh ná nár tugadh, de réir mar is fearr is eol don achainíoch agus mar a chreideann sé, comhaontú ná gealltanais maidir leis an achainí a tharraingt siar i gcomaoin ar aon focaíocht nó ar scor de chomhaltas na Dála nó ar aon chúis shubstaintiúil nach luaitear sa mhionnscribhinn.

(3) Déanfaidh an t-achainíoch fógra go bhfuil ar intinn aige iarratas a dhéanamh ar chead a iarraidh chun achainí a tharraingt siar trí fhógra sa chéill sin a fhoilsiú in dhá nuachtán laethúla ar a laghad a scaiptear sa toghlach lena mbaineann an achainí, agus luafar san fógra freisin an t-am agus an áit a ndéanfar an t-iarratas agus go bhféadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chun na cúirte go gcuirfí é féin in ionad an achainígh.

(4) Ach amháin i gcás achainí arna tíolacadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, déanfaidh an t-achainíoch cóip den mhionnscribhinn a luaitear i *mír (2)*, mar aon le fógra maidir leis an am agus an áit a ndéanfar an t-iarratas a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionadaíocht a bheith aige le linn an iarratais agus, más cuí leis, cur ina choinne.

(5) I gcás an achainí a bheith tíolactha ag níos mó ná achainíoch amháin, déanfaidh na hachainígh go léir an mhionnscribhinn a luaitear i *bhfomhír (2)* den alt seo a dhéanamh mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt.

(6) Ní dhéanfaidh tarraingt achainí de bhun na Rialach seo difear do dhliteanas aon duine (nó a eastáit) i leith costais a tabhaíodh roimhe sin a íoc.

Achainíoch nua a ionadú tar éis achainí a tharraingt siar.

9. (1) Ar iarratas a éisteacht maidir le cead chun achainí a tharraingt siar, féadfaidh aon duine a bheadh incháilithe faoi *alt 132* chun achainí a thíolacadh iarratas a dhéanamh chun na cúirte go ndéanfaí achainíoch ionadach de, agus féadfaidh an chúirt, más cuí léi, é a ionadú dá réir sin.

(2) I gcás go ndéanfaidh an chúirt achainíoch a ionadú faoi *mhír (1)* agus gurb é a tuairim go ndearnadh an t-iarratas ar chead chun an achainí a tharraingt siar de thoradh aon chomhaontaithe nó gealltanais a ndearbhaítear ina leith le *halt 155* gur cion é a leithéid a dhéanamh nó a thabhairt, féadfaidh an chúirt a ordú go bhfanfaidh an t-urrús i leith costas a thug an t-achainíoch bunaidh mar urrús i leith na gcostas a thabhaíodh an t-achainíoch ionadaithe agus go ndlífidh an t-achainíoch bunaidh agus a urraí, más ann, costais an achainígh ionadaithe a íoc go feadh mhéid na suime a bheidh ainmnithe san urrús.

Achainígh ionadaithe.

10. (1) Faoi réir *Riail 9(2)*, beidh ag an achainíoch ionadaithe, a mhéid is féidir, an seasamh céanna atá ag an achainíoch bunaidh agus beidh sé faoi réir na ndlitéanas céanna a bhfuil an t-achainíoch bunaidh faoina réir.

(2) I gcás go ndéanfaidh an chúirt achainíoch a ionadú faoi *Riail 9* agus nach dtabharfaidh sí ordú faoi *mhír (2)* den *Riail sin*, nó i gcás go ndéanfaidh an chúirt achainíoch a ionadú faoi *Riail 11*, is é an t-achainíoch ionadaithe a thabharfaidh an t-urrús a cheanglaítear le *halt 132* i gcás achainí nua, agus é faoi réir na gcoinníollacha céanna, agus i gcás nach dtabharfar an t-urrús sin amhlaidh, ní bheidh aon imeachtaí eile ann maidir leis an achainí agus rachaidh an achainí ar ceal, ach ní dhéanfaidh an dul ar ceal difear do dhliteanas aon duine (nó a eastáit) i leith costais a tabhaíodh roimhe sin a íoc.

Achainí a chealú.

11. (1) Rachaidh achainí ar ceal mar thoradh ar bhás achainígh aonair nó mar thoradh ar bhás marthanóra roinnt achainíoch.

(2) Ní dhéanfaidh cealú achainí de bhua *mhír (1)* difear do dhliteanas an achainígh nó aon duine eile (nó a eastáit) i leith costais a tabhaíodh roimhe sin a íoc.

(3) Féadfaidh aon duine, aon tráth laistigh de na ceithre lá dhéag díreach tar éis lá aon chealaithe den sórt sin, iarratas a dhéanamh chun na cúirte go ndéanfaí é a ionadú mar achainíoch agus féadfaidh an chúirt, más cuí léi, é a ionadú dá réir sin, agus i gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú faoin *Riail* seo déanfar an achainí a athbheochan as a aithle sin.

Nithe a bhaineann le hordú críochnaitheach tar éis achainí a thriail.

12. (1) Déanfaidh an chúirt, cóip den ordú lena gcinntear an achainí de réir *alt 132* a thabhairt láithreach do gach duine díobh seo a leanas, eadhon, aon duine a mbaineann an t-ordú lena thoghadh, an tAire, Cathaoirleach na Dála, an ceann comhairimh lena mbaineann, agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

(2) Beidh cumhacht ag an gcúirt cibé leasuithe a dhéanamh ar an bhfreagra a bheidh curtha ag ceann comhairimh chuig Cléireach na Dála faoi na daoine a thoghadh de réir mar a mheasfaidh sí is gá de dhroim a breithe ar achainí.

Éifeacht dearbhuithe áirithe ón gCúirt.

13. (1) I gcás go ndearbhófar san ordú ón gcúirt lena gcinntear triail achainí nár thoghadh duine go cuí don Dáil, nó nach raibh duine cáilithe lena thoghadh mar chomhalta den Dáil, nó go raibh toghchán Dála nó cuid de toghchán Dála ar neamhní, measfar, maidir leis an duine lena mbaineann an dearbhú nó maidir le haon duine a ndearbhaítear é a bheith tofa sa toghchán neamhnithe sin nó sa chuid neamhnithe sin den toghchán sin (de réir mar a bheidh), é a bheith scortha de bheith ina chomhalta den Dáil an lá (ach ní roimh an lá) díreach i ndiaidh an lae a thabharfar cóip den ordú ón gcúirt do Chléireach na Dála de bhun *Riail 12(1)*, ach sin gan dochar don duine a bheith scortha, thairis sin, de bheith ina chomhalta den sórt sin agus, faoi réir *mhír (2)*, beidh folúntas ann dá réir sin.

(2) I gcás go ndearbhófar le hordú a luaitear i *mír (1)* gur fionnadh, in ionad aon duine arb ina leith a ndearbhófar leis an ordú nár thoghadh go cuí é nó nach raibh sé incháilithe lena thoghadh mar chomhalta den Dáil, duine sonraithe eile seachas é a bheith tofa, beidh an duine eile sin, gan dochar d'aon lánscor ar an Dáil, arna thoghadh mar chomhalta den Dáil an lá (ach ní roimh an lá) díreach i ndiaidh an lae a thabharfar cóip den ordú a dúradh do Chléireach na Dála.

(3) Déanfaidh Cathaoirleach na Dála, a luaithe is indéanta tar éis cóip d'ordú a bheith tugtha dó de bhun *Riail 12*, téarmaí an ordaithe a chur in iúl don Dáil.

(4) I gcás freagra a bheith tugtha gur toghadh duine mar chomhalta chun fónamh sa Dáil agus, tar éis an freagra sin a bheith tugtha amhlaidh, go suíonn an duine, go vótálann sé nó go bhfuil sé páirteach ar shlí eile mar chomhalta i ngnó na Dála nó go n-airbheartóidh sé aon ní a dhéanamh de bhua é a bheith ina chomhalta den Dáil, agus go ndearbhóidh an chúirt freisin nár toghadh go cuí é mar chomhalta chun fónamh sa Dáil nó nach raibh sé incháilithe chun bheith ina chomhalta den Dáil, ansin, dearbhaítear leis seo, chun amhras a sheachaint, gur ní bailí éifeachtúil, d'ainneoin an ordaithe, aon ní a rinne an duine le linn dó a bheith páirteach amhlaidh agus aon ní a airbheartófar a bheith déanta amhlaidh, an lá, nó roimh an lá, a thabharfar cóip den ordú sin mar a d'úradh do Chathaoirleach na Dála.

Gan beart a dhéanamh in imthosca áirithe chun folúntas sa Dáil a líonadh.

14. Ach amháin trí olltoghchán comhaltaí don Dáil, ní dhéanfar aon bheart chun folúntas a líonadh sa Dáil ar folúntas é arb é is cúis leis bás duine, nó scor duine de bheith ina chomhalta, ar duine é a 'éag nó a d'éirigh as oifig nó a scoir ar shlí eile de bheith ina chomhalta den Dáil le linn triail na hachainí ina leith a bheith ar feitheamh nó ar siúl.

Finnéithe.

15. (1) Beidh an chúirt i dteideal, dá deoin féin, aon uair le linn achainí a bheith á triail, a ordú go dtabharfar duine áirithe os comhair na cúirte agus go dtabharfaidh sé fianaise sa triail, agus i gcás go n-ordóidh an chúirt amhlaidh, measfar gur cuid de chostais na hachainí é an costas a bhain leis an duine a thabhairt os comhair na cúirte (lena n-áirítear aon airgead is iníoctha leis mar chaiteachais fhinné).

(2) Faoi réir *mhír (3)*, aon duine a nglaofar air mar fhinné i dtríail achainí, ní shaorfar é ó fhreagra a thabhairt ar aon cheist maidir le haon chion sa toghchán Dála iomchuí, nó i ndáil leis an toghchán sin, ar an bhforas go bhféadfadh an freagra ar an gceist é a ionchoiriú nó go dtiocfadh dó é a ionchoiriú nó ar fhorais phribhléide: ar choinníoll—

(a) go mbeidh finné a shásóidh an chúirt gur fhreagair sé go fírinneach na ceisteanna go léir a cheangail an chúirt air a fhreagairt i dteideal deimhniú a fháil ón gcúirt á rá gur fhreagair an finné amhlaidh, agus

(b) nach mbeidh freagra ó fhinné a fuair deimhniú den sórt sin ar cheist a cuireadh le linn achainí a thriail inghlactha i bhfianaise ina choinne in aon imeacht de chineál sibhialta nó coiriúil, ach amháin i gcás aon imeacht coiriúil mar gheall ar mhionnú éithigh i leith na fianaise.

(3) Ní fhorléireofar aon ní sa Riail seo mar ní a dhéanann difear do cheart aon pháirtí in achainí chun glaoch ar aon duine mar fhinné.

Costais achainí.

16. (1) Ar leith ó na costais a bhaineann le comhaireamh na vótaí as an nua faoi *Riail 7*, is de réir rogha na Cúirte a bheidh na costais go léir a bhaineann agus a ghabhann le hachainí agus beidh cumhacht ag an gCúirt

a ordú go mbeidh na costais sin nó aon chuid de na costais sin a bheidh ar aon pháirtí san achainí le híoc ag aon pháirtí eile den sórt sin, agus, i gcás go n-ordófar amhlaidh costais, nó aon chuid de chostais, aon pháirtí den sórt sin, a bheith le híoc ag an achainíoch, déanfaidh an chúirt socrú, más gá, chun na costais sin a íoc, go feadh mhéid na suime a bheidh ainmnithe san urrús arna thabhairt ag an achainíoch, as an urrús sin nó trí bhíthin an urrúis sin.

(2) Gan dochar do *mhír (1)*, i gcás go ndealraíonn sé don chúirt, ar achainí a thriail, go ndearna aon duine nó daoine cionta toghcháin i ndáil leis an toghchán Dála iomchuí, féadfaidh an chúirt, tar éis deis a thabhairt don duine nó do na daoine éisteacht a fháil chun cúis a shuíomh le nach ceart an t-ordú a dhéanamh, a ordú, más cuí léi amhlaidh, go mbeidh costais iomlána, nó cuid de chostais, na hachainí seachas na costais a bhaineann le comhaireamh na vótaí as an nua faoi *Riail 7*, le híoc ag an duine sin, nó ag na daoine sin, nó le híoc ag duine nó daoine díobh, agus, i gcás nach féidir na costais sin a ghnóthú go hiomlán ón duine nó ó na daoine, féadfaidh sí a ordú go mbeidh siad le híoc ag duine éigin eile nó ag daoine éigin eile de na daoine sin.

Forálacha breise i dtaobh costas.

17. (1) Faoi réir *mhír (4)*, déanfar na costais agus na caiteachais eile arna dtabhú thar a cheann ag ceann comhairimh i dtrial achainí a íoc as an bPríomh-Chiste.

(2) Beidh na costais a dhámhtar do cheann comhairimh i dtrial achainí ina bhfiach conartha shimplí a bheidh dlite don Aire Airgeadais agus, de mhainneachtain an fiach sin a íoc, féadfaidh an tAire sin é a ghnóthú in aon chúirt dlínse inniúla.

(3) Faoi réir *mhíreanna (4)* agus *(5)*, déanfar na costais a dhámhtar i gcoinne ceann comhairimh i dtrial achainí a íoc as an bPríomh-Chiste.

(4) I gcás gur deimhin leis an gcúirt go raibh an ceann comhairimh mórfhaillíoch i gcomhlíonadh a dhualgas, féadfaidh an chúirt a ordú go ndlífidh an t-oifigeach arna ndámhadh ag an gcúirt ina choinne a íoc.

(5) I gcás go ndéantar ordú faoi *mhír (4)*, beidh aon chostais a dhámhtar i gcoinne oifigigh agus a íoctar as an bPríomh-Chiste ina bhfiach a bheidh dlite den oifigeach don Aire Airgeadais agus beidh an fiach sin, de mhainneachtain é a íoc, inghnóthaithe ag an Aire sin in aon chúirt dlínse inniúla mar fhiach conartha shimplí atá dlite dó.

Cás a shonrú don Chúirt Uachtarach.

18. (1) In aon chéim de thriail achainí, féadfaidh an chúirt, más cuí léi amhlaidh, ar fhoríarratas uaithi féin nó ar iarratas ó aon pháirtí san achainí, cás a shonrú chun tuairim na Cúirte Uachtaraí a fháil ar aon cheist dlí a d'eascair sa triail.

(2) D'ainneoin aon ní sa Sceideal seo, i gcás go sonrófar cás faoin Riail seo, ní chinnefidh an chúirt an achainí go dtí go mbeidh a breith tugtha ag an gCúirt Uachtarach agus féadfaidh sí an triail nó aon chuid den triail a chur ar atráth go dtí go mbeidh an bhreith sin tugtha.

(3) Chun gach críche, beidh na costais a thabhaítear i ndáil le cás a shonrú faoin Riail seo ina gcuid de na costais arna dtabhú i ndáil leis an achainí.

Doiciméid a sheirbheáil.

19. I gcás go gceanglaítear leis an Sceideal seo cóip d'ordú, d'achainí nó de dhoiciméad eile a thabhairt do dhuine, díreofar chuige í agus tabharfar dó í ar dhóigh éigin díobh seo a leanas:

- (a) trína seachadadh air;
- (b) trína fágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó, i gcás go mbeidh seoladh tugtha le haghaidh seirbheála, ag an seoladh sin;
- (c) trína cur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha arna díriú chuige ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó, i gcás go mbeidh seoladh tugtha le haghaidh seirbheála, ag an seoladh sin.

Ailt 39 agus 88

AN CEATHRU SCEIDEAL

FOIRMEACHA

CUID I

Foirmeacha an Eascaire

FOIRM AN EASCAIRE D'OLLTOGHCHÁN

Do..... an ceann comhairimh do dháilcheantar.....

To..... returning officer for the constituency of.....

DE BHRÍ go bhfuil Dáil Éireann lánscoirthe:

WHEREAS Dáil Éireann is dissolved:

ANOIS, déanaimse,..... Cléireach Dháil Éireann, de réir fhorálacha alt 39 den Acht Toghcháin, 1992, a ordú leis seo duitse, i do cheann comhairimh do dháilcheantar..... toghchán a chur á dhéanamh sa dáilcheantar sin do..... comhalta chun fónamh i nDáil Éireann don dáilcheantar sin:

NOW, I,..... Clerk of Dáil Éireann, in accordance with the provisions of section 39 of the Electoral Act, 1992, do hereby direct you, as the returning officer for the constituency of..... to cause an election to be held in that constituency of..... members to serve in Dáil Éireann for the said constituency:

AGUS, tar éis an toghchán sin a bheith déanta go cuí, ainmneacha na gcomhaltaí a thoghfár amhlaidh a dheimhniú dom gan mhoill i m'Oifig i..... i mBaile Átha Cliath.

AND that, when such election has been duly held, you do without delay certify to me in my Office at..... in Dublin the names of the members so elected.

I bhFIANAISE air sin tá mé tar éis mo lámh agus mo shéala a chur leis seo.

IN WITNESS whereof I have hereunto set my hand and seal.

an this lá seo de day of, 19.

NÍ FOLÁIR DON CHEANN COMHAIRIMH ADMHÁIL A THABHAIRT LÁITHREACH GO BHFUAIR SÉ AN EASCAIRE SEO.

THE RETURNING OFFICER MUST ACKNOWLEDGE RECEIPT OF THIS WRIT IMMEDIATELY.

AN DEIMHNIÚ A FHORMHUINÍTEAR AR AN EASCAIRE

Deimhním leis seo gurb iad na comhaltaí a toghadh chun fónamh i nDáil Éireann do dháilcheantar..... de bhun na heascaire sin thuas:—

I hereby certify that the members elected to serve in Dáil Éireann for the constituency of..... in pursuance of the above writ are:—

C.D. as of i gContae in the County of

E.F. as of i gContae in the County of

G.H. as of i gContae in the County of

(Sínithe) (Signed) A.B.

Ceann Comhairimh,

Returning Officer.

Dáta/Date

AN LIPÉAD NÓ AN TREOIR AR AN EASCAIRE

Don cheann comhairimh do dháilcheantar

To the returning officer for the constituency of

Eascaire chun comhaltaí a thoghadh chun fónamh i nDáil Éireann.

A writ for the election of members to serve in Dáil Éireann.

Fuair mé an eascaire seo istigh—

Received the within writ on—

an this lá seo de day of, 19.

(Sínithe) (Signed) A.B.

Ceann Comhairimh,

Returning Officer.

FOIRM AN EASCAIRE DO CHORRTHOGHCHÁN

(Le hoiriúinú go cuí má ordaítear do Chléireach Dháil Éireann ar an lá céanna eascairí a eisiúint chun comhaltaí a thoghadh chun níos mó ná folúntas amháin a líonadh in ionadaíocht dáilcheantair).

Do..... an ceann comhairimh do dháilcheantar.....

To..... returning officer for the constituency of.....

DE BHRÍ gur tharla folúntas in ionadaíocht dháilcheantar..... i nDáil Éireann toisc..... ba chomhalta de Dháil Éireann don dáilcheantar sin a scor de bheith ina chomhalta ar dhóigh seachas de chionn Dáil Éireann a lánscoir:

WHEREAS a vacancy has occurred in the representation of the constituency of..... in Dáil Éireann by..... who was a member of Dáil Éireann for the said constituency ceasing to be a member otherwise than in consequence of the dissolution of Dáil Éireann:

AGUS DE BHRÍ gur ordaigh Cathaoirleach Dháil Éireann dom go cuí eascaire a chur amach chun comhalta a thoghadh do Dháil Éireann chun an folúntas réamhráite a líonadh:

AND WHEREAS the Chairman of Dáil Éireann has duly directed me to issue a writ for the election of a member of Dáil Éireann to fill the vacancy aforesaid:

ANOIS, déanamse,..... Cléireach Dháil Éireann, de réir fhorálacha alt 39 den Acht Toghcháin, 1992, a ordú leis seo duitse, i do cheann comhairimh don dáilcheantar réamhráite, toghchán a chur á dhéanamh sa dáilcheantar sin do chomhalta chun fónamh i nDáil Éireann don dáilcheantar sin in ionad..... sin:

NOW, I,..... Clerk of Dáil Éireann, in accordance with the provisions of section 39 of the Electoral Act, 1992, do hereby direct you, as the returning officer for the constituency aforesaid, to cause an election to be held in the said constituency of a member to serve in Dáil Éireann for the said constituency in the place of the said.....

AGUS, tar éis an toghchán sin a bheith déanta go cuí, ainm an chomhalta a thoghfáir amhlaidh a dheimhniú dom gan mhoill i m'Óifig i..... i mBaile Átha Cliath.

AND that, when such election has been duly held, you do without delay certify to me in my Office at..... in Dublin the name of the member so elected.

I bhFIANAISE air sin tá mé tar éis mo lámh agus mo shéala a chur leis seo.

IN WITNESS whereof I have hereunto set my hand and seal.

an this..... lá seo de day of....., 19.

NÍ FOLÁIR DON CHEANN
COMHAIRIMH ADMHÁIL A
THABHAIRT LÁITHREACH GO
BHFUAIR SÉ AN EASCAIRE SEO.

THE RETURNING OFFICER MUST
ACKNOWLEDGE RECEIPT OF THIS
WRIT IMMEDIATELY.

AN DEIMHNIÚ A FHORMHUINIÚEAR AR AN EASCAIRE.

Deimhním leis seo gurb é an comhalta
a toghadh chun fónamh i nDáil Éireann
do dháilcheantar..... de bhun na
heascaire sin thuas:—

I hereby certify that the member
elected to serve in Dáil Éireann for the
constituency of..... in pursuance of
the above writ is:—

C.D. as of i gContae in the County of

(Sínithe) (Signed) A.B.

Ceann Comhairimh,

Returning Officer.

Dáta Date

Don cheann comhairimh do dháilcheantar

To the returning officer for the constituency of

Eascaire chun comhaltaí a thoghadh chun fónamh i nDáil Éireann.

A writ for the election of a members to serve in Dáil Éireann.

FORMHUINIÚ.

Fuair mé an eascaire seo istigh—

Received the within writ on—

an this lá seo de day of , 19.

(Sínithe) (Signed) A.B.

Ceann Comhairimh,

Returning Officer.

CUID II

FOIRM AN PHÁIPÉIR BALLÓIDE

(Éadan an Pháipéir)

Marcáil ord do
rogha sna spáis seo
thíos.
Mark order of
preference in
spaces below.

DOYLE — LIBERAL SOCIALISTS
(MARY DOYLE, of 10 High Street, Knockmore, Nurse.)

LYNCH — URBAN PARTY
(JANE ELLEN LYNCH, of 12 Main Street, Ardstown,
Shopkeeper.)

MURPHY (PATRICK MURPHY, of 12 Main Street,
Ballyduff, Carpenter.)

Ó BRIAIN — CUMANN NA SAORÁNACH (SÉAMUS Ó
BRIAIN, as 10 An tSráid Ard, Carn Mór, Oide Scoile.)

O'BRIEN — NON-PARTY (EAMON O'BRIEN, of 22
Wellclose Place, Knockbeg, Barrister.)

O'BRIEN — THE INDEPENDENT PARTY (ORLA
O'BRIEN, of 103 Eaton Brae, Cahermore, Solicitor.)

O'CONNOR — NATIONAL LEAGUE (CAROLINE
O'CONNOR, of 7 Green Street, Carnmore, Engineer.)

THOMPSON — RURAL PARTY (WILLIAM H.
THOMPSON, of Dereen, Ballyglass, Farmer.)

TREORACHA.

I. Scríobh an figiúr 1 le hais ainm an
chéad iarrthóra is rogha leat, an figiúr 2
le hais do dhara rogha, agus mar sin de.

II. Fill an páipéar ionas nach bhfeicfear
do vóta. Taispeáin cúl an pháipéir don
oifigeach ceannais, agus cuir sa bhosca
ballóide é.

INSTRUCTIONS.

I. Write 1 beside the name of the
candidate of your first choice, 2 beside
your second choice, and so on.

II. Fold the paper to conceal your vote.
Show the back of the paper to the
presiding officer and put it in the ballot
box.

(Cúl an Pháipéir)

Uimh.

Toghchán do Dháilcheantar

(Cúl an Chomhdhuille)

Comhdhuille Uimh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€12.70

I S B N 978-1-4468-3495-4



9 781446 834954